

# Do Chúrsaí Fuinnimh a Phleanáil

Tuarascáil Bhliantúil **EirGrid cpt, 2016**

EIRGRID GROUP

**The current. The future.**

# Clár na nÁbhar


Cé hiad EirGrid - agus cad a dhéanaimid? . . . 1
Do Chúrsaí Fuinnimh a Phleanáil . . . 2
Tuarascáil an Chathaoirligh . . . 6
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh . . . 10
Léarscáil an Chórais Tarchurtha . . . 15
Athbhreithniú Airgeadais . . . 16
Forbairt an Eangaigh agus Idirnasc . . . 20
Margaí Leictreachais . . . 24
Feidhmiú agus Pleanáil an Chórais . . . 28
Ár nDaoine agus na Córais atá Againn . . . 32
Rannpháirtíocht Seachtrach . . . 36
Bord Ghrúpa EirGrid . . . 42
Ár bhFoireann Feidhmiúcháin . . . 46
Príomhshonraí faoi Oibríochtaí . . . 50
Gluais Téarmaí teicniúla . . . 52
Ráitis Airgeadais . . . 56

# Cé hiad Grúpa EirGrid – agus cad a dhéanaimid?

Tá Grúpa EirGrid freagrach as leictreachas a sholáthar ar bhealach slán, sábháilte agus iontaofa - anois agus sa todhchaí.

Déanaimid an eangach tharcurtha leictreachais a fhorbairt, a bhainistiú agus a oibriú trí EirGrid i bPoblacht na hÉireann agus trí SONI i dTuaisceart Éireann.

Seolann ár n-eangach tharcurtha cumhacht ón áit a ghintear í go dtí an áit ina bhfuil sí ag teastáil ó cheann ceann na hÉireann Thuaidh agus Theas. Bainimid úsáid as an eangach chun cumhacht a sholáthar do lucht tionscail agus do ghnólachtaí a úsáideann méideanna móra leictreachais.

Cuireann ár ngreille cumhacht ar fáil freisin don líonra dáileacháin. Cuireann sé sin an leictreachas ar fáil a úsáideann sibh gach lá in bhur dtithe, gnólachtaí, scoileanna, ospidéil, agus feirmeacha.

Tá SEMO - Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair - san áireamh sa Ghrúpa EirGrid. Oibríonn SEMO an margadh mórdhíola leictreachais ar fud oileán na hÉireann.

Is le Grúpa EirGrid freisin an tIdirnascaire Thiar Thoir agus oibríonn siad é. Nasc ardvoltais é sin idir na heangacha leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór.

Ní dhéanaimid bonneagar leictreachais nua a fhorbairt ach amháin nuair is gá é. Tacaímid leis an iomaíocht i gcúrsaí fuinnimh, cuirimid fás eacnamaíoch chun cinn, déanaimid fuinneamh in-athnuaite a éascú agus cuirimid seirbhísí riachtanacha ar fáil.

Cuideachta thráchtála faoi úinéireacht an stáit é EirGrid cpt, agus tá sé freagrach don Rialtas agus do rialtóirí. Bímid ag obair ar mhaithe le gach duine in Éirinn Thuaidh agus Theas agus ar mhaithe lena sábháilteacht. Leanann muid dlíthe dochta agus caighdeáin dhaingne shábháilteachta.



**Fintan Slye**
Príomhfheidhmeannach EirGrid

# Do Chúrsaí Fuinnimh a Phleanáil

Ceann de na róil atá againn sa Ghrúpa EirGrid is ea a chinntiú go bhfuil an eangach tharchurtha leictreachais ullamh don todhchaí. Breithnímid conas a fhéadfar leictreachas a ghiniúint agus a úsáid sna blianta atá le teacht - agus cad a chiallaíonn sé sin d'eangach leictreachais an lae inniu. Is féidir a fheiceáil i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo conas ar thacaigh ár ngníomhaíochtaí in 2016 leis ról sin.

Leanamar ar aghaidh ag cur i bhfeidhm **ár gcur chuige nua maidir le comhairliúcháin.** Dá thoradh air sin, bhí ár bhfoireann idirchaidrimh ann chun bualadh le daoine ar fud oileán uile na hÉireann.




# Ioncam

i milliúin €

# €672.7



I rith na bliana 2016, **shroich an méid leictreachais ar an gcóras a gineadh le neart gaoithe buaic 78% den éileamh.** Chuir an Clár DS3 ar ár gcumas é sin a dhéanamh ar bhealach slán, iontaofa.



I mí Iúil, shíníomar meabhrán tuisceana lenár gcomhghleacaithe sa bhFrainc, Rté, chur ar an chéad chéim eile a ghlacadh i dtreo an **Idirnascaire Cheiltigh** atá beartaithe. Nascfadh sé sin eangacha tarchurtha leictreachais na Fraince agus na hÉireann le cábla faoin bhfarraige.



# Brabús

roimh cháin
i milliúin €

**€7.9**

Rinneamar dul chun cinn breise i gcás an tionscadail **I-SEM** i mbliana. Glacfar leis na caighdeáin sin atá in úsáid ar fud na hEorpa inár margadh trádála leictreachais nuair a chríochnófar é. Osclóidh sé sin an margadh do bhreis iomaíochta agus praghsanna níos ísle.



Sheolamar tionscnamh i rith an tsamhraidh maidir le freagra ar éileamh ar a dtugtar **Múch an Chumhacht agus Coigil.** Clár píolótach is ea é trína dtugtar luach saothair do chustaiméirí cónaitheacha as níos lú leictreachais a úsáid nuair a iarrtar é sin. Tá EirGrid ar cheann de chéad oibreoirí eangacha náisiúnta na hEorpa a bhain triail as an bplean sin le tomhaltóirí.

Chuireamar fáilte roimh an bpobal chuig ár seastán ag an **gComórtas Treabhdóireachta** i mí Mheán Fómhair. Chuir sé sin ar ár gcumas freagraí díreacha a thabhairt ar cheisteanna nó ábhair imní a bhí a daoine faoinár dtionscadail. Bhí deis ag cuairteoirí freisin a gcuid leictreachais féin a ghiniúint!






I mí na Samhna, dhámhamar deontais ónár gcéad **Chiste Pobail**. B'fhiú €360,000 na deontais sin agus bronnadh iad ar tionscadail de chuid an phobail áitiúil i réigiún an Mhuileann gCearr agus Chionn Átha Gad. Bronnadh iad i ndiaidh chríochnú na líne nua 110 kV.




# Díbhinn

a bhfuil sé beartaithe a íoc le Státchiste na hÉireann i milliúin €

**€4.0**

Cuireadh tionscadail píolótach **stórála ceallraí** an AES i bhfeidhm den chéad bhliain iomlán i gCill Ruaidh, i dTuaisceart Éireann in 2016. Cúis bhróid dúinn a bheith páirteach sa tionscadal sin trínar féidir 10 MW leictreachais a stóráil nó a sholáthar go solúbtha don eangach nuair is gá é.

# Tuarascáil an Chathaoirligh



# Bhaineamar amach éachtaí i rith na bliana tar éis dúinn deich mbliana a chaitheamh ag déanamh deimhin de go mbeadh soláthar iontaofa leictreachais ar fáil

John O'Connor, **Cathaoirleach**

Cúis áthais dom tuarascáil bhliantúil EirGrid cpt 2016 a chur i láthair faoin téama "Do Chúrsaí Fuinnimh a Phleanáil".

### Ár gCuspóir

Is é an sprioc atá ag an ghrúpa cuideachtaí EirGrid córais tarchurtha agus trádála leictreachais a sholáthar a shásóidh éilimh na daoine ar oileán na hÉireann. Cúis bróid dom a rá go bhfuil ár gcuid oibre go léir á déanamh i tionscal atá ag aistriú i dtreo todhchaí ísealcharbóin, agus teicneolaíochta cliste. Tá sé d'uaillmhian againn a bheith ar thús cadhnaíochta sa trasdul sin.

### Dúshláin le sárú amach anseo

Tá muidne in EirGrid, ag pleanáil le haghaidh todhchaí fuinnimh a thacóidh le fás le haghaidh na glúin atá le teacht. Sásóidh sé sin an gá atá le fuinneamh glan agus cuirfidh sé teorainn leis an tionchar a bheith ag athrú aeráide. Chuige sin ní mór dúinn aghaidh a thabhairt dhúshláin uathúla toisc gur oileán í seo atá scoite amach ó mhargaí móra.

Is féidir é sin a fheiceáil sna nuálaíochtaí tábhachtacha a thacaíonn le breis fuinnimh in-athnuaite. Déanann an bonneagar uasghrádaithe tarcurtha agus tuilleadh idirnasctha leis an Bhreatain Mhór agus áiteanna níos faide uainn éascú orthu. Is féidir é a fheiceáil freisin inár gcuid oibre le custaiméirí nua móréilimh. Tá siad ag teacht go hÉirinn toisc gur fearr leo foinsí inbhuanaithe fuinnimh.

### Freastal ar Fhuinneamh Níos In-athnuaite

Tá clár ilbhliantúil ceaptha againn mar fhreagra ar spriocanna ceangailteacha ó thaobh fuinneamh in-athnuaithe. Sáraíonn sé sin na dúshláin a bhaineann le córas leictreachais a fheidhmiú ar bhealach iontaofa agus na spriocanna sin a bhaint amach. Cinntíonn an clár DS3 i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste gur féidir linn an córas cumhachta a oibriú go sábháilte agus leas a bhaint as méideanna breise giniúna in-athnuaite sna blianta atá romhainn.

Níor tharla sé riamh gur baineadh amach an leibhéal comhtháthaithe in-athnuaite sin i gcóras sioncrónach mar atá againne. Cruthaíonn sé sin dúshláin shuntasacha ó thaobh oibriú fíorama an chórais cumhachta.

### Rannpháirtíocht leis an bPobal

Beidh an chaoi a rachaimid i dteagmháil le pobail áitiúla ina cuid lárnach d'fhorbairt eangacha amach anseo. Thug EirGrid cur síos roimhe sin ar ár dtiomantas chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanaimid rudaí ón taobh sin de. D’athraíomar an chaoi a ndéanaimid cumarsáid le pobail ar feadh na mbealaí sin atá molta le haghaidh forbairt eangach nua. Táimid tiomanta do comhairliúchán poiblí níos luaithe agus níos doimhne a bheith againn agus do dhaoine a chur i gcroílár ár straitéise ó thaobh forbairt eangach.

Chun tacú le baint amach na spriocanna sin, d'earcaíomar baill nua foirne chun gníomhú mar oifigigh idirchaidrimh talmhaíochta agus pobail. Cuireann sé sin ar ár gcumas teagmháil dhíreach a bheith againn leis na daoine sin is mó a bheith tionchar ag ár bpleananna le haghaidh bonneagar nua orthu. Creidim gur ról an-tábhachtach go deo é sin dár mbaill foirne. Tá sé de chúram orthu dul amach agus bualadh le daoine agus labhairt leo. Is féidir leo a gcuid tuairimí a ghlacadh uathu agus a chinntiú go bhfuil guth acu agus go n-éisteann EirGrid agus SONI leo.




Seán Boylan, an tOifigeach Idirchaidrimh Talmhaíochta, ag bualadh leis an bpobal ag ár nAonad Cumarsáide Soghluaiste san Uaimh.

### Idirnascaire Thuaidh/Theas

Bhí an tionscadal tábhachtach sin go mór chun tosaigh in 2016, agus bogadh ar aghaidh é go dtí an chéim phleanála. Nuair a chríochnófar é, neartófar na naisc idir eangacha Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Bhí éisteacht ó bhéal ar siúl i gcéad leat na bliana agus bhí deis ag na daoine a ndearctaí a chur in iúl don Bhord Pleanála. D’fhaomh an Bord Pleanála an chuid theas den tionscadail i mí na Nollag 2016. Beidh ár bhfoireann ag obair go dian i rith na bliana seo chugainn, ní hamháin ó thaobh an tionscadal féin a chur chun cinn, ach freisin trí dhul i teagmháil le húinéirí talún agus le pobail áitiúla ar feadh an bhealaigh chun na hábhair imní atá acu a phlé.

### Ciste Pobail

Rud nua eile in 2016 ab ea tabhairt isteach chéad Chiste Pobail EirGrid. Chuireamar ciste €360,000 ar fáil do na heagraíochtaí pobail sin atá suite is cóngaraí don Tionscadal 110 kV ón Mhuileann gCearr go Cionn Átha Gad.

Aithnímid nuair a dhéanfaimid ár n-eangach a fhorbairt nó a leathnú, go mbeidh tionchar ag an obair sin ar na pobail in aice le línte tarchurtha nua. Sin é an fáth a d’fhorbair muid an ciste nua trína n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le pobail áitiúla.

Roghnaíodh 37 eagraíocht áitiúil chun deontais idir €1,000 agus €50,000 a bhronnadh orthu. Cúis an-áthais dom an oiread eagraíochtaí ar feadh an bhealaigh a chuir isteach ar an maoiniú sin.

### Tionscadal I-SEM

Rinneamar tuilleadh dul chun cinn i rith na bliana ó thaobh tionscadal an Mhargaidh Chomhtháite Leictreachais Aonair (I-SEM). Is socrú é sin chun margadh nua mórdhíola leictreachais a chruthú do Phoblacht na hÉireann agus do Thuaisceart Éireann. Déanfaidh sé margadh leictreachais uile-oileánda SEM a chomhtháthú le margaí leictreachais na hEorpa.



Cuirfidh sé breis iomaíochta agus éifeachtúlacht mhéadaithe chun cinn chomh maith ar fud an tionscail trí shaorshreabhadh fuinnimh thar theorainneacha a chumasú.

### Idirnasc idir Éirinn agus an Fhrainc

Cúis mhór bhróid dúinn ab ea an Meabhrán Tuisceana faoin Idirnascaire Ceilteach a shíniú lenár gcomhghleacaithe sa bhFrainc Rté i mí Iúil 2016.

Bhí Uachtarán na Fraince François Hollande; An Taoiseach Enda Kenny; agus an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Denis Naughten i láthair don ócáid.

Táimid ag tnúth go mór le dul chun cinn a dhéanamh i rith na bliana seo chugainn maidir le céad chéim eile an dearaidh thosaigh agus den réamh-comhairliúchán faoin tionscadal seo.

### Mar Fhocal Scoir

Rinneamar ceiliúradh i mbliana ar dheichiú bliain EirGrid mar oibreoir córais tarchurtha. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn bliain i ndiaidh bliana agus níorbh aon eisceacht an bhliain 2015/2016.

Léiríonn an tuarascáil gur cuireadh bearta i gcrích is go ndearnadh dul chun cinn maith dearfa i dtreo ár sainordú a chomhlíonadh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine de na Stiúrthóirí eile as a dtacaíocht agus as an obair shuntasach a rinne siad i gcaitheamh na bliana. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl go háirithe do Gerry Walsh, do Bride Rosney, agus do Gary Healy ar tháinig deireadh lena dtréimhsí oibre ar an mBord i rith na bliana seo caite. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár bPríomhfheidhmeannach, leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus le gach duine dár bhfoireann as ucht a dtiomantais agus as a bhfuil déanta acu i rith na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide, Denis Naughten agus an tAire um an nGeilleagar, Simon Hamilton, lena réamhtheachtathe, agus lena n-oifigigh faoi seach as a gcomhoibriú agus as a dtacaíocht leanúnach.

Árthach suirbhéireachta le haghaidh an Idirnascaire nua atá molta idir Éire agus an Fhrainc.

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



# Oibriú ar son todhchaí ina mbeidh cúrsaí fuinnimh níos cliste agus níos inbhuanaithe

Fintan Slye, **Príomhfheidhmeannach**

Bhí feidhmíocht sheasta ag Grúpa EirGrid in 2016. Tharla laghdú beag ar chúrsaí ioncaim ó €706.2m go €672.7m in 2016. B'fhiú €7.9m an brabús roimh cháin agus b'fhiú €16m an bunbhrabús. Dá thoradh air sin, bhí muid in ann díbhinn molta €4 mhilliún a thabhairt don scairshealbhóir.

Bíonn athruithe ag tarlú i gcónaí i dtionscal an fhuinnimh agus ar an ábhar sin is mór an dúshlán é na hathruithe sin a bhainistiú agus córas cumhachta iontaofa a oibriú. Táimid ag leanúint ar aghaidh i gcónaí agus soláthar sábháilte, slán, iontaofa leictreachais á chur ar fáil againn. Déanaimid amhlaidh ar mhaithe leis na daoine, na pobail agus na luchtanna gnó go léir i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann.

**Forbairt Eangaí**

D'athraíomar ár gcur chuige in 2016 maidir le forbairt na heangaí leictreachais. Rinneamar é sin tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpróiseas comhairliúcháin phoiblí. Tá sé chéim againn inár gcur chuige nua chun a mhíniú cén fáth agus conas a fhorbraímid an eangach. Rud níos tábhachtaí fós, mínítear sa chóras nua conas is féidir leis an bpobal i gcoitinne agus le páirtithe leasmhara dul i bhfeidhm ar na cinntí a dhéanaimid.

Bhí an cur chuige seo le feiceáil san obair a bhí ar siúl in 2016 chun naisc níos daingne a fhorbairt leis an bpobal. Le bliain anuas, bhí ár nOifigigh Idirchaidrimh Thalmhaíochta agus Phobail gníomhach i measc na ndaoine. D'oibrigh siad go dlúth le pobail, le feirmeoirí áitiúla agus le húinéirí talún de réir mar a d'fhorbair muid an eangach i réigiúin éagsúla.

Mar aon le bonneagar nua a chruthú, rinneamar an eangach a uasghrádú agus a neartú nuair ba ghá. Rinneadh roinnt stáisiún tarchurtha nua a chasadh ar in 2016. Ar na stáisiúin sin bhí Baile Uascail, Baile na hUla agus Cnoc an Iúir in iardheisceart na hÉireann, agus stáisiún na Tamhnaí Móire i dTuaisceart Éireann.

Nascann na stáisiúin sin ár n-eangach lenár gcustaiméirí a úsáideann nó a ghineann méideanna móra leictreachais. Chinntigh siad freisin go bhfuil leictreachas á sholáthar do thithe agus do ghnóthais ar fud an oileáin.




Jenny Pyper, Utility Rialtóir Príomhfheidhmeannach, agus Fintan Slye, EirGrid Phríomhfheidhmeannach an Ghrúpa, ag an gComhdháil 2015 Custaiméirí a tionóladh i mBéal Feirste.

Tá cúrsaí eile tagtha chun cinn de bharr reifreann na Ríochta Aontaithe i mí Iúil 2016 maidir le ballraíocht AE. Is cuma má bhíonn an Ríocht Aontaithe san AE nó lasmuigh de, beidh go leor buntáistí comhroinnte ann de bharr bheith ag obair go dlúth leis na comharsana is gaire dúinn. Tá sé d'aidhm againn caidreamh láidir a choinneáil idir Poblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór ó thaobh cúrsaí fuinnimh de.

Áirítear leis sin an tIdirnascaire Thuaidh/Theas. Is tionscadal é sin trína gceanglófar eangacha leictreachais Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann le chéile. Tá sé ag teastáil chun feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair leictreachais ar fud oileán na hÉireann.

Bliain thábhachtach ab ea 2016 ó thaobh an Idirnascaire Thuaidh/Theas agus níl amhras ar bith ann gurb é sin an tionscadal bonneagair is tábhachtaí ar an oileán. Cuideoidh sé chun buntáistí dáiríre a sholáthar do chustaiméirí baile agus do chustaiméirí tráchtála.

Mar sin féin, aithnímid na dúshláin a bhíonn le sárú nuair a bhíonn bonneagar lastuas a thógáil. Oibreoimid go dlúth le húinéirí talún agus le pobail sa bhliain atá romhainn chun déileáil leis na dúshláin sin.

Chuir an Bord Pleanála bailchríoch ar a éisteacht ó bhéal faoin Idirnascaire Thuaidh/Theas i mí na Bealtaine. I mí na Nollag, dheonaigh siad cead pleanála do chuid theas an idirnascaire. Cuireadh tús le fiosrúchán poiblí faoin tionscadal i dTuaisceart Éireann i mí an Mheithimh.

Measaimid má thugtar cead pleanála don Idirnascaire Thuaidh/Theas go gcoigleofar €20m in aghaidh na bliana faoi 2020. Méastar go dtiocfaidh méadú €40 milliún ar na coigiltis sin - go €60 in aghaidh na bliana faoi 2030.

D'oibríomar i rith 2015 agus 2016 le cuid de na cuideachtaí is mó ar domhan chun poist agus rathúnas a chothú ar fud an oileáin. Thacaíomar freisin le hobair an Údaráis Forbartha Tionscail agus Invest NI.

Go háirithe, tá an bonneagar agus na córais forbartha ag EirGrid atá riachtanach chun cumhacht a sholáthar do lárionaid sonraí nua. Tá freastalaithe líonraithe ríomhairí sna háiseanna sin a stórálann méideanna ollmhóra faisnéise digití.

Is cuid lárnach de bhonneagar gach cuideachta ardteicneolaíochta iad, agus bíonn mórchuid leictreachais riachtanach chun cumhacht a sholáthar do na freastalaithe agus lena bhfuarú. Ceann de na príomhdhúshláin a bhí le sárú ag an ngrúpa i mbliana ab ea lárionaid sonraí den sórt sin a nascadh leis an eangach agus spriocdhátaí daingne a bhaint amach chuige sin.

Bíonn buntáistí suntasacha ag forbairtí mórscála den sórt sin don gheilleagar áitiúil agus don gheilleagar náisiúnta. Ina measc sin tá poist san earnáil tógála, fostaíocht fhadtéarmach agus an chaoi a bhailíonn na comhairlí áitiúla rátaí méadaithe chun maoiniú a sholáthar d'áiseanna áitiúla. Oibrímid go dian in EirGrid lena chinntiú go bhféadfaidh an eangach leictreachais fuinneamh atá slán agus iontaofa a sholáthar ar phraghas iomaíoch. Tá sé seo a mhealladh tionscal nua chuig Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann, agus leanfar ar aghaidh á dhéanamh sin sa todhchaí.

### Freastal ar Ghiniúint Leictreachais In-athnuaite

Rinneadh dul chun cinn mór anuraidh maidir lenár gclár (DS3) um Córas Iontaofa, Inbhuanaithe Leictreachais a Sholáthar. Tá an tionscnamh ag cabhrú chun an eangach a ullmhú le haghaidh sciar níos mó de leictreachas ginte ó fhuinneamh in-athnuaite.

Braitheann foinsí in-athnuaite, mar chumhacht na gaoithe, ar thosca nach bhfuil neart againn orthu, mar shampla an aimsir. Ní féidir linn leictreachas a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite a stóráil go héasca, agus ní féidir linn na foinsí sin a "chasadh ar" nuair a bhíonn siad riachtanach dúinn. Ciallaíonn sé sin nach féidir linn ghiniúint in-athnuaite leictreachais a mheaitseáil go huathoibríoch leis an tomhaltas foriomlán leictreachais.

Sheolamar seirbhísí córais nua do chustaiméirí a ghlacann páirt sa mhargadh leictreachais in 2016. Rinneadh é sin i ndiaidh próiseas fairsing deartha agus soláthair. Dá thoradh sin agus de bharr na hoibre a rinneamar ag forbairt córas, polasaithe agus uirlisí nua, beidh muid in ann a teorainneacha oibríochta an chórais chumhachta a mhéadú. Tabharfaidh sé sin deis dúinn leanúint ar aghaidh ag feidhmiú an chórais leictreachais ag baint úsáide as ardleibhéil leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite.

De thoradh an chláir DS3 tá EirGrid ar thús cadhnaíochta ó thaobh giniúint leictreachais in-athnuaite a chomhtháthú leis an eangach.

### Rannpháirtíocht Tomhaltóirí

Ceann de na príomhaidhmeanna atá againn is ea solúbthacht a chruthú sa chóras leictreachais sa chaoi gur féidir é a chur in oiriúint don an earnáil fuinnimh áit a mbíonn a gcuid riachtanas ag síorathrú.

Tacaímid chomh maith le beartais an rialtais a spreagann rannpháirtíocht mhéadaithe ag úsáideoirí fuinnimh. Ós rud é go bhfuil ár n-eangach ag freastal ar oileán beag, cruthaíonn sé sin deiseanna dúinn chun rudaí a dhéanamh ar bhealaí éagsúla. Iniúchaimid an scéal agus cuirimid réitigh ar fáil a mbíonn buntáistí inbhraite acu dár gcustaiméirí agus don phobal i gcoitinne.

Sheolamar an clár Múch an Chumhacht agus Coigil i gcomhpháirtíocht le Electric Ireland i mbliana. Cuirfimid an clár sin i bhfeidhm ar bhonn píolótach an bliain seo chugainn. Cúis áthais dúinn a bheith ar cheann de chéad oibreoirí eangacha náisiúnta na hEorpa a bhain triail as an bplean sin le tomhaltóirí.

Tá a fhios againn go n-éiríonn leis an gcóras um bhainistiú éilimh i measc lucht tionscal toisc go bhfuil sé i bhfeidhm cheana féin i gcás custaiméirí gnó. Creidimid go n-oibreoidh sé chomh maith i gcás custaiméirí baile. Cabhróidh sé sin chun úsáid a bhainistiú - ar mhaithe leis an eangach agus leis an gcomhshaol.

## Idirnascadh Breise

Leanamar ar aghaidh in 2016 i gcomhpháirtíocht lenár gcomhghleacaithe sa bhFrainc, Rté, chun tionscadal an Idirnascaire Celtigh a chur chun cinn. Is é sin an nasc leictreachais atá beartaithe idir Éirinn agus an Fhrainc. Shíníomar meabhrán nua tuisceana le Rté. Seolfaidh sé sin an tIdirnascaire Ceilteach ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den fhorbairt. Is cloch mhíle thábhachtach é sin i bhforbairt an tionscadail. Síníodh an comhaontú agus Uachtarán na Fraince, François Hollande, an Taoiseach Enda Kenny, agus an tAire Denis Naughten i láthair.

Má chuirtear bailchríoch ar an tionscadal beidh buntáistí tábhachtacha le fáil uaidh. Is é an rud is tábhachtaí ná go nascfaidh sé eangacha leictreachais na hÉireann agus na Fraince le chéile sa chaoi go mbeidh an soláthar leictreachais san dá thír níos iontaofa. Cinnteoidh sé go bhféadfaidh breis iomaíochta a bheith ann i Mhargadh Leictreachais Aonair an oileáin go léir. Ar deireadh, tacóidh sé le tuilleadh forbartha a dhéanamh ó thaobh fuinneamh in-athnuaite, go háirithe in Éirinn.

## I dtreo Margaidh Chomhtháite Leictreachais Aonair

Tá SEMO, Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair, ar cheann de na gnóthais atá sa Ghrúpa EirGrid. Cuimsíonn "Margadh Leictreachais Aonair" Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Cuireann SEMO ar chumas dreamanna a ghineann nó a ídíonn méideanna móra leictreachais cumhacht a cheannach agus a dhíol ar fud oileán na hÉireann.

Faoi 2018 beidh an tsraith chéanna chomhchaighdeáin atá i margaí leictreachais eile ar fud na hEorpa i bhfeidhm sa Mhargadh Leictreachais Aonair. Osclóidh sé sin ár margadh do bhreis iomaíochta agus níos mó deiseanna. Mar chuid chomhtháite de mhargadh i bhfad níos mó, beimid in ann éascú a dhéanamh ar rogha níos fearr agus fuinneamh níos saoire le haghaidh árais chónaithe agus gnóthais.

Táimid ag obair go dlúth leis na rialtóirí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann chun an sprioc sin a bhaint amach. Bhunaíomar foireann tiomanta ar a bhfuil daoine ó SEMO, EirGrid agus SONI chun an trasdul chuig margadh comhtháite a bhainistiú. Rinneadh obair in 2016 maidir le dearadh agus forbairt córas nua margaidh. Bhunaíomar naisc fhoirmiúla freisin le comhlachtaí uile-Eorpacha de chuid an tionscail fuinnimh.

## Focal Measa agus Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Denis Naughten, agus le hAire Geilleagair Thuaisceart Éireann, Simon Hamilton as a rannpháirtíocht dhearfach agus a dtacaíocht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le réamhtheachtaí an Aire Naughten, Alex White, agus le réamhtheachtaí an Aire Hamilton, Jonathan Bell.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár rialtóirí, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) agus leis an Utility Regulator (UR). Cabhraíonn a n-aiseolas linn ár spriocanna comhroinnte a bhaint amach agus luach a sholáthar do thomhaltóirí leictreachais.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dá bhfuil déanta ag gach aon duine atá ag obair linn agus iad a mholadh as a n-obair chrua agus a dtiomantas a chinntigh go raibh rath ar gach bliain. Cinntíonn a gcuid oibre go bhfreastalaíon gréasán, margadh agus bonneagar an leictreachais ar riachtanais ár gcustaiméirí agus na bpobal a bhfuilimid ag obair ar a son.


Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bord, lucht bainistíochta agus foireann Ghrúpa EirGrid as a gcuid iarrachtaí, a dtacaíocht agus a dtiomantas i rith na bliana. Táimid ag tnúth go mbeidh bliain eile againn in 2017 ina ndéanfar dul chun cinn.


**Transmission System**
400, 275, 220 and 110 kV
September 2016

- 400 kV Line
- Double 275 kV Line
- Single 220 kV Line
- Double 220 kV Line
- 110 kV Line
- 220 kV Cable
- 110 kV Cable
- HVDC Cable
- 400 kV Station
- 275 kV Station
- 220 kV Station
- 110 kV Station

**Electricity Generation Connected to the Transmission Grid**

- Hydro Generation
- Thermal Generation
- Pumped Storage Generation
- Wind Generation



# Athbhreithniú Airgeadais



## Príomh Buaicphointí Airgeadais **€M**

| | Gach Gníomhaíocht Eile 2016 | Idirnascaire Thiar Thoir 2016 | **Iomlán 2016** | Gach Gníomhaíocht Eile 2015 | Idirnascaire Thiar Thoir 2015 | **Iomlán 2015** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 630.0 | 42.7 | **672.7** | 635.4 | 70.8 | **706.2** |
| Costais Dhíreacha | (527.5) | – | **(527.5)** | (535.1) | – | **(535.1)** |
| Costais Oibriúcháin Eile | (97.3) | (21.8) | **(119.1)** | (91.5) | (19.7) | **(111.2)** |
| Brabús Oibriúcháin | 5.2 | 20.9 | **26.1** | 8.8 | 51.1 | **59.9** |
| Costais Airgeadais | (0.7) | (17.5) | **(18.2)** | (0.4) | (18.8) | **(19.2)** |
| **Brabús roimh Cháin** | **4.5** | **3.4** | **7.9** | **8.4** | **32.3** | **40.7** |

# Bíonn tionchar ag coigeartuithe rialála ar bhrabúis tuairiscithe toisc go bhfanann an fheidhmíocht bhunúsach seasta.

Aidan Skelly, **Stiúrthóir Feidhmiúcháin - Airgeadas agus Dlí**

Cé go raibh feidhmíocht shásúil ag an nGrúpa arís in 2016, tháinig laghdú ar an mbrabús roimh cháin ó €40.7m in 2015 go €7.9m in 2016. Aonán rialáilte is ea Grúpa EirGrid agus bíonn a bhrabúsacht tuairiscithe faoi réir coigeartuithe tréimhsiúla i leith na bliana roimhe ó thaobh aisghabhálacha ró-arda agus ró-ísle. Má dhéantar neamhaird de choigeartuithe den sórt sin, ba é €16m bunbhrabús roimh cháin an Ghrúpa in 2016. Is féidir é sin a chur i gcomparáid le €16.9m in 2015.

**Rialáil**

Déanann an CER agus an UR rialáil ar ghníomhaíochtaí an Ghrúpa mar oibreoir córais tarchurtha sa Phoblacht agus i dTuaisceart Éireann ag faoi seach. Ina ról mar Oibreoir Margaidh an Margaidh Aonair Leictreachais (MAL), tá an Grúpa á rialú ag Coiste an MAL, ar a bhfuil an CER, an UR, comhalta neamhspleách agus leaschomhalta neamhspleách. Tá dhá cheadúnas ag an nGrúpa freisin mar Oibreoir Idirnascaire, ceann ó CER agus ceann ó Ofgem.

Roimh gach tréimhse tharaife cuireann an Grúpa réamhaisnéisí ar fáil faoi éilimh na gcustaiméirí, costais oibriúcháin agus riachtanais ioncam eile chuig an údarás rialála ábhartha. Eiseoidh na rialtóirí cinneadh foirmiúil tar éis próiseas athbhreithnithe mionsonraithe faoin ioncam incheadaithe a bheidh le haisghabháil ag an ngnóthas.

Faoi mar a tharlaíonn i gcás aon réamhaisnéis féadfaidh difríochtaí a bheith ann idir na réamh-mheastacháin agus an ioncaim iarbhír a ghnóthaítear, nó méid iomlán na gcostas, sa chaoi go mbíonn an aisghabháil rialála ró-bheag nó ró-mhór. Déantar aon aisghabhálacha den sórt sin a choigeartú sna cinntí faoi phraghsanna do na tréimhsí ina dhiaidh sin. Féadfaidh sé sin luaineacht a chruthú i dtuilleamh reachtúil tuairiscithe an Ghrúpa, mar nach gceadaítear leis na rialacháin reatha cuntasaíochta torthaí a chur ina gceart trí réamh-mheas aisghabhálacha a bheidh ró-bheag nó ró-mhór.

D'fhoilsigh an CER a chinneadh deiridh maidir le Rialú Praghsanna TSO EirGrid 2015-2020 i mí na Nollag 2015. Foilsíodh rialáil athbhreithnithe do SEMO i rith na bliana freisin. Táimid ag leanúint ar aghaidh i dteagmháil le UR ó thaobh Rialú Praghsanna SONI TSO 2015-2020 a thabhairt chun críche.

## Ioncam agus Brabúsacht

Faigheann an Grúpa a gcuid ioncaim go príomha ó tharaifí rialáilte, go sonrach tairif um Úsáid Tarchuir an Chórais (TUoS), muirear atá iníoctha ag gach úsáideoir na gcóras tarchurtha sa Phoblacht agus i dTuaisceart Éireann agus a sciar de tharaifí mar Oibreoir Margaidh do MAL. Faightear ioncam freisin ó na fáltais ó cheant nuair a dhíoltar cumas ar an Idirnascaire Thiar Thoir (EWIC).

Ba é €672.7 milliún ioncam an Ghrúpa don bhliain go dtí 30 Meán Fómhair 2016, suim a bhí €33.5 milliún, (4.7%) níos ísle ná mar a bhí an bhliain roimhe sin, agus tharla €27.8 milliún den laghdú sin de bharr ioncaim níos ísle ón EWIC. Léiríonn an t-ioncam níos ísle an chaoi go bhfuarthas ioncam níos airde sna blianta roimhe ná mar a réamh-mheasadh ó cheantáil acmhainne ar an Idirnascaire Thiar Thoir agus gur tugadh ar ais é sin do chustaiméirí TUoS in 2016. Tháinig laghdú ar fháltais iarbhír an idirnascaire a tuilleadh i rith na bliana (tháinig laghdú €9.7 milliún orthu in 2016), mar gheall ar leasuithe ar phraghas urláir carbóin sa Bhreatain.

Ba é €7.9 milliún an brabús roimh cháin in 2016. Áirítear leis sin muirear bearnaithe €7.1 milliún ar luach carraeireachta cheadúnais SONI mar Oibreoir Córais Tarchurtha (TSO). Léiríonn sé sin moltaí reatha an Rialtóra Fóntais maidir le Rialú Praghsanna SONI TSO don tréimhse ó 2015 go 2020. Mura ndéantar an t-ioncam ó ró-aisghabhálacha na mblianta roimhe sin agus an muirear bearnaithe a chur san áireamh, ba é meastachán an lucht bainistíochta ná gurbh é €16.0 milliún an bunbhrabús roimh cháin do 2016 faoi réir neamhchinnteachtaí rialála.

D’íoc EirGrid díbhinn €3.5m i mí na Bealtaine 2016 don tréimhse 2014/15. Moltar go n-íocfar díbhinn €4.0m go luath in 2017.

## Maoiniú

Tá bail fhónta ar an nGrúpa ó thaobh cúrsaí airgeadais de i gcónaí. Tá dátaí fada aisíoctha ag a gcuid iasachtaí agus tá siad fálaithe go hiomlán in aghaidh luaineachtaí sna rátaí úis. Tá EirGrid cpt agus SONI Limited ag iarraidh áiseanna nua a chur i bhfeidhm faoi láthair chun freastal ar riachtanais mhaoinithe an ghnó sa mheántéarma.

Buaileann Gráinne Duffy, Oifigeach Idirchaidrimh Pobail, le ball den phobal inár nAonad Chumarsáide Soghluaiste.


Community Fund
We're building a more efficient, more effective and more economic electricity network. This can only happen when we work closely with you.
EIRGRID
€360,
EIRGRID
The current. The future.
EIRGRID
North South Interconnector

# Forbairt na hEangaí agus Idirnascadh



# Eangach láidir, solúbtha a choimeád - agus pleanáil do todhchaí atá neamhchinnte

John Fitzgerald, **Stiúrthóir Feidhmiúcháin - Forbairt Eangaí agus Idirnascadh**

D'oibríomar i rith na bliana lena chinntiú go bhfuil eangach láidir, iontaofa tarchurtha ag daoine ar fud an oileáin. Bhaineamar é sin amach agus muid ag díriú ar shábháilteacht, rannpháirtíocht agus nuálaíocht. Is iad sin ár bprionsabail lárnacha agus muid ag forbairt is ag cothabháil na heangaí.

## Cur Chuige Nua maidir le Forbairt na hEangaí

In 2016, d'fhorbraíomar cur chuige nua maidir le forbairt na heangaí in Éirinn. Is próiseas sé chéim "ó thús go deireadh" é sin a léiríonn go soiléir an chaoi agus an fáth a fhorbraímid an eangach. Tosaíonn an próiseas nuair a aithnímid na riachtanais a bheidh ann sa todhchaí ó thaobh na heangaí leictreachais. Críochnaíonn sé, nuair is gá, le tógáil agus le fuinnmhiú tionscadail nua eangaí.

Tá sé d'aidhm againn anois an cur chuige sin a ghlacadh i gcás ár dtionscadail eangaí go léir in Éirinn. Tacóimid leis trí bhreis teagmhála leis an bpobal i gcoitinne, le pobail áitiúla, le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara.

Cinnteoidh sé sin go mbeidh próiseas níos cuimsithí agus níos éifeachtaí ann maidir le forbairt na heangaí.

An bhliain seo chugainn beimid ag obair i dtreo cur i bhfeidhm iomlán an chur chuige sin inár dtionscadail go léir maidir le forbairt eangaí in Éirinn.

## Forbairt na hEangaí Tarchurtha

Cuireadh deireadh le héisteacht ó bhéal an Bhord Pleanála faoin Idirnascaire Thuaidh/Theas i mí na Bealtaine 2016. Mhair sé sin ar feadh 11 seachtain. D'fhaomh an Bord Pleanála an chuid theas den Idirnascaire Thuaidh/Theas i mí na Nollag 2016.

Leanadh ar aghaidh arís le próiseas pleanála ar leith a bhí comhthreomhar leis i dTuaisceart Éireann in 2016. Reáchtáladh réamh-mhodúl an fhiosrúcháin phoiblí i mí an Mheithimh 2016. Rinneadh scrúdú sa bhfiosrú sin ar shaincheisteanna dlí a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe. Tá an togra imithe ar aghaidh go rathúil anois go céim an fhiosrúcháin iomláin a thosóidh i mí Feabhra 2017.

Leathanach thall: Cuid den líne nua 110 kV ón Muileann gCearr go Cionn Átha Gad.

Foilsíonn Oibríochtaí Margaidh Ráiteas faoi Acmhainn Ghiniúna gach bliain. Aithníodh sa cháipéis an tábhacht a bhaineann leis an Idirnascaire Thuaidh/Theas atá beartaithe. Dúradh ann dá gcuirfí an tionscadal i bhfeidhm go gcuirfeadh sé feabhas ar shlándáil an tsoláthair ar fud oileán na hÉireann.

Tá tábhacht ar leith aige sin i gcás Tuaisceart Éireann. Mura gcuirfear an t-idirnascaire nua i bhfeidhm, beidh ganntanas leictreachais i dTuaisceart Éireann sna deich mbliana amach romhainn. Tarlóidh sé sin toisc go bhfuil sé beartaithe líon suntasach stáisiún giniúna a dhúnadh mar gheall ar shrianta ar astaíochtaí.

Ní laghdaíonn torthaí an reifrinn a reáchtáladh i Meitheamh 2016 faoi bhallraíocht na Ríochta Aontaithe san AE an gá atá leis an tionscadal seo. Ní laghdaíonn sé ach oiread na buntáistí a bheidh ar fáil ar fud oileán na hÉireann ón tionscadal.

Rinneadh dul chun cinn maidir le roinnt tionscadail straitéiseacha i mbliana. Is iad seo a leanas na tionscadail sin:

- **Tá stáisiún nua 220 kV á thógáil ag Belcamp i dTuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath.** Maolóidh sé sin brú an ualaigh atá ar an stáisiún 220 kV atá i bhFionnghlas faoi láthair.
- Tá cead pleanála faighte in Iarthar Bhaile Átha Cliath do **stáisiún nua 220 kV i gceantar Chaisleán na Gráinsí.** Cuirfidh sé sin leictreachas ar fáil do chustaiméirí nua - lárionaid sonraí nua den chuid is mó.
- San Iardheisceart, **Leagadh dhá chábla trasna Inbhear na Sionainne**. Nascann siad sin an stáisiún nua 220 kV ag Cill Pháideog i dTuaisceart Chiarraí le stáisiún 220 kV Ghob na Muine i gContae an Chláir. Éascóidh sé sin an t-aistriú fuinnimh in-athnuaite a ghinfear sa réigiún chuig oirthear na tíre thar an líonra 400 kV atá ann faoi láthair.
- Tá obair thógála críochnaithe ar an **líne nua 110 kV ón Muileann gCearr go Cionn Átha Gad** i gContae na hIarmhí.
- Fuaireamar cead pleanála do dhá thionscadal tarchurtha i dTuaisceart Éireann. Is iad **Tionscadal 110 kV Curraghamulkin** agus **Tionscadal 110 kV Brockaghboy** an dá tionscadal sin. Tionscadail shuntasacha iad an dá thionscadal i dTuaisceart Éireann ar dhá chúis. Ar an gcéad dul síos, cuireann siad ar ár gcumas leictreachas ghinte ó fhoinsí in-athnuaite nua a nascadh leis an eangach. Ar an dara dul síos, is iad sin na céad iarratais inar úsáideadh an próiseas pleanála atá tarmligthe anois chuig na Comhairlí áitiúla nua i dTuaisceart Éireann. Ba í an Roinn Comhshaoil i dTuaisceart Éireann a dhéanadh cinneadh ar na hiarratais roimhe seo.

### Uasmhéadú an Bhonneagair atá ann cheana

Ceann de na réimsí a ndírímid orthu nuair a bhíonn nuáil i gceist is ea comhtháthú teicneolaíochtaí agus seirbhísí nua. Tá siad sin deartha chun chomhlánú a dhéanamh ar a chéile agus an córas leictreachais a fheabhsú.

Dhíríomar i mbliana, go háirithe, ar úsáid a bhaint as bonneagar atá ann cheana in áit línte nua a thógáil. I bPort Láirge, bhaineamar triail as an bhfeisteas Smart Wire's Powerline Guardian. Rialaíonn sé sin sreabha cumhachta ar feadh líne atá ann cheana trí leas a bhaint as cumais bhraite fíor-ama.

Ón mbunús sin táimid ag bogadh ar aghaidh anois chun teicneolaíocht ar a dtugtar freasaitheacht sraithe roinnte a sholáthar faoi 2018. Tabharfaidh sé sin deis dúinn leas níos fearr agus níos mó a bhaint as acmhainn na línte atá ann cheana. Cabhróidh sé sin sa bhfadtéarma chun laghdú a dhéanamh ar an ngá a bheidh le bonneagar nua.

## Idirnascadh

### Idirnascaire Thiar Thoir

Is le Grúpa EirGrid freisin an tIdirnascaire Thiar Thoir (EWIC) a nascann na heangacha in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór agus oibríonn siad é. Cuidíonn sé sin le soláthar fuinnimh atá sábháilte, slán, iontaofa agus inacmhainne a chur ar fáil don dá chóras. Bhí na fáltais ó cheantáil an leictreachais a tharchuirtear ar an idirnascaire níos airde ná na réamh-mheastacháin i mbliana. Tharla sé sin go príomha mar gheall ar an treocht i dtreo leibhéil easpórtálacha níos airde, mar gheall ar na srianta atá á gcur ar sholáthairtí cumhachta sa Ríocht Aontaithe. Ba é EWIC an chéad idirnascaire chun seirbhís tosaigh dhubh a sholáthar d'Eangach Náisiúnta sa Ríocht Aontaithe i mí na Bealtaine 2016.

In 2016, bhaineamar amach cloch mhíle shuntasach shábháilteachta nuair a bhí an t-idirnascaire ar siúl ar feadh 1,000 lá agus gan aon am a bheith caillte de bharr díobhála.

Tá an tIdirnascaire Thiar Thoir á úsáid arís tar éis dó a bheith as seirbhís ar feadh roinnt seachtainí ag deireadh 2016. Tharla sé sin mar gheall ar fadhbt a tharla go luath i mí Meán Fómhair sa stáisiún tiontaithe sa Mhí.

### Idirnascaire Ceilteach

Tá an chéim féidearthachta maidir le hidirnascaire nua críochnaithe ag EirGrid agus Oibreoir Chóras Tarchurtha na Fraince, Rté.

Má chríochnaítear an tionscadal nascfar na heangacha leictreachais in Éirinn agus sa bhFrainc trí leas a bhaint as cábla faoin bhfarraige. An Idirnascaire Ceilteach a thugaimid ar an tionscadal sin. Táimid ag smaoineamh anois ar an dearadh tosaigh agus ag tosú an phróisis réamh-chomhairliúcháin.

Is Tionscadal Leasa Choitinn an AE an tIdirnascaire Ceilteach. Ciallaíonn sé sin go meastar gur céim lán-riachtanach é i dtreo spriocanna bheartas an AE maidir le fuinneamh inacmhainne, iontaofa agus inbhuanaithe.



Fintan Slye agus cathaoirleach Rté François Brottes ag síniú meabhráin tuisceana faoin Idirnascaire Celtic. Bhí an tUachtarán François Hollande agus An Taoiseach Enda Kenny i láthair don síniú.

Tá sé ainmnithe mar cheann den dornán beag 25 thionscadal ar fud an AE ar a dtugtar "Mórbhealaí Leictreachais", mar chuid de thionscnamh Mórbhealaí Leictreachais 2050. Meastar a bhfuil ról dearfach ag na tionscadail sin maidir le todhchaí fuinnimh ísealcharbóin na hEorpa a chinntiú faoin mbliain 2050.

In Aibreán 2015, rinne muid iarratas ar mhaoiniú don tionscadail chuig an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF). D'éirigh leis an iarratas agus cuireadh €3.86 milliún ar fáil don tionscadal i mí Iúil 2015. Is ionann sin agus 50% de na costais incháilithe ag céim an staidéir féidearthachta.



# Margaí Leictreachais

# Ar margadh leictreachais a ullmhú do bhreis comhtháthaithe Eorpaigh

Rodney Doyle, **Stiúrthóir Feidhmiúcháin - Oibríochtaí Margaidh**

Tá an Margadh Leictreachais Aonair (SEM) mórdhíola uile-oileáin i bhfeidhm ó 2007 i leith. Reáchtálann Oibreoir an Margaidh Leictreachais Aonair (SEMO) an margadh sin mar chomhfhiontar de chuid SONI agus EirGrid. Tá sé sin ar cheann dár phríomhfhreagrachtaí in EirGrid.

Le bliain anuas, tá 13 pháirtí nua cláraithe ag SEMO a d'iarr cead chun leictreachas a cheannach nó a dhíol ar ár margadh. Cláraíodh 39 n-aonad nua in 2016 freisin. Is rannpháirtithe sa mhargadh iad sin a bhfuil sé d'acmhainn acu leictreachas a ghiniúint, nó ar gá dóibh méideanna móra leictreachais a úsáid. I measc na n-aonad nua sin tá úsáideoirí Idirnascaire Shruth na Maoile agus an Idirnascaire Thiar Thoir.

Tá ról againn freisin maidir le samhail an mhargaidh amach anseo a fhorbairt. Tá gluaiseacht i dtreo comhtháthú níos dlúithe le margaí ar fud na hEorpa i gceist leis sin. Déanaimid é sin i gcomhar le Rialtóir Fóntas (UR) Thuaisceart Éireann agus an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) in Éirinn.

### Aistriú chuig Margadh Leictreachais nua

Tá an tAontas Eorpach (AE) ag forbairt cómhargaidh inmheánaigh do leictreachas agus gás. Tá sé sin á dhéanamh lena chinntiú go mbeidh rochtain ag shaoránaigh na hEorpa ar fhuinneamh a bheith inacmhainne, iontaofa agus inbhuanaithe. Tá cur síos tugtha ag an AE ar conas ba cheart a leithéid de mhargadh a oibriú ag baint úsáide as an reachtaíocht, treoirlínte faoi líonraí agus rialacha comhchuibhithe. "Spriocshamhail AE" a tugtar air agus cruthaíonn an cur chuige nua comhchaighdeán maidir le leictreachas agus gás a thrádáil trasteorann.

Níl na rialacha reatha a rialaíonn an Margadh Leictreachais Aonair (SEM) ar oileán na hÉireann ag teacht leis Spriocshamhail an AE. Mar gheall ar sin, d'iarr an dá Rialtas ar Choiste an SEM na socruithe margaidh a fhorbairt chun go mbeidh siad in ann an caighdeán nua a chomhlíonadh. Cuimsíonn Coiste MAL an CER i mBaile Átha Cliath, an UR i mBéal Feirste, mar aon le comhalta neamhspleách amháin agus leaschomhalta neamhspleách.

Nuair a chruthófar leagan amach nua an mhargaidh beidh SEM Comhtháite (I-SEM) mar thoradh air. Cuirfidh sé sin ar chumas ár margaidh é féin a nascadh go hiomlán leis an margadh leictreachais sa chuid eile den Eoraip.  Cinnteoidh I-SEM go gcuirfear fís an AE i bhfeidhm go héifeachtach sa mhargadh leictreachais mórdhíola ar oileán na hÉireann. Rachaidh sé sin chun tairbhe gach custaiméir leictreachais.

D'fhoilsigh na húdaráis rialála dearadh ardleibhéil don I-SEM nua i mí Mheán Fómhair 2014. Tá tionscadal an I-SEM imithe chomh fada leis an gcéim dheireanach anois. Sa chéim sin tá obair mhionsonraithe dheartha agus obair maidir lena chur i bhfeidhm atá riachtanach sula gcuirfear tús leis an margadh nua.


Lean EirGrid ar aghaidh in 2016 ag obair leis na hÚdaráis Rialála agus le príomhpháirtithe leasmhara ar an tionscadal seo. Áiríodh leis sin forbairt rialacha margaidh agus cuidiú le lucht tionscail ullmhú don I-SEM. Rinneamar dul chun cinn suntasach freisin maidir le córais riachtanacha bhonneagair agus socruithe oibriúcháin a chur i bhfeidhm. Tá an chéim deartha córais curtha i gcrích anois agus gníomhaíochtaí tógála idir lámha againn.

Bhí toradh an-rathúil ar thriail a rinneamar ar Euphemia in 2016. Is algartam praghsála é sin a rialaíonn margaí na hEorpa maidir le trádáil don lá díreach dar gcionn. Thug an tionscnamh sin deis do gach páirtí leasmhar thuiscint conas a fheidhmeoidh an algartam sa mhargadh nua.

Tá sraitheanna de rialacha agus de rialacháin casta mar bhonn taca le dearadh I-SEM. Tá cur síos ar chuid acu sin le fáil sa Chód Trádála agus Socraíochta atá leagtha síos ag na Rialtóirí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Críochnaíodh na rialacha nua in 2016. Rinneadh dul chun cinn suntasach chomh maith maidir le forbairt na rialachán eile sa mhargadh. Ina measc sin bhí an Cód faoi Chumas Margaidh. Rinneadh comhaontú freisin faoi na rialacha a rialóidh stádas I-SEM mar NEMO, nó Oibreoir Ainmnithe an Mhargaidh Leictreachais.

Má ghlacann rannpháirtithe agus pháirtithe leasmhara an mhargaidh páirt ghníomhach i ndearadh agus i bhforbairt I-SEM chinnteoidh sé sin go mbeidh rath air. Cheapamar grúpaí éagsúla idirchaidrimh chun cabhrú le príomhpháirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh linn. Ina measc siúd bhí Grúpa na mBainisteoirí Tionscadail, Grúpa Idirchaidrimh Gnó, Grúpa Idirchaidrimh Teicniúil agus Grúpa Oibre maidir le Rialacha. Bhí an t-aiseolas ó na grúpaí sin an-luachmhar go dtí seo agus bhí rannpháirtíocht dhearfach againn leo.





# Feidhmiú agus Pleanáil an Chórais

# Dúshraithe don todhchaí a leagan síos agus ag freastal ar na riachtanais ó lá go lá

Robin McCormick, **Stiúrthóir Feidhmiúcháin - Oibríochtaí, Pleanáil agus Nuálaíocht**

Ceann de na dúshláin is mó atá le sárú againn is ea córas cumhachta a reáchtáil atá ag éirí níos éagsúla agus níos casta i gcónaí. Chuige sin ní mór a bheith in ann freastal ar an éileamh atá ag athrú agus ar na leibhéil giniúna in-athnuaite atá ag fás agus é sin go léir a dhéanamh i bhfíor-am.

Ag an am céanna bímid i gcónaí ag breathnú ar aghaidh chuig an am atá le teacht. Déanaimid an córas tarchurtha uile-oileáin a phleanáil lena cinntiú go mbeidh sé oiriúnach i gcónaí don fheidhm atá aige. Chuige sin, ní mór dúinn teacht ar réitigh nuálacha agus muid ag ceapadh pleananna le haghaidh cúrsaí fuinnimh sa thodhchaí.

Is údar misnigh dúinn breathnú ar an méid slándáil fuinnimh atá bainte amach ag Grúpa EirGrid don oileán go léir. Sa dá mhí dhéag go Meán Fómhair 2016, bhí an méid iomlán fuinnimh nár soláthraíodh i rith na bliana comhionann le 0.88 de nóiméad buaicéilimh.

### Oibríochtaí

I mí an Mhárta, tugadh isteach an Córas Bainistíochta Fuinnimh (EMS) nua don oileán go léir. Is é an EMS an phríomhuirlis oibríochtúil a úsáideann ár n-ionaid rialaithe chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an gcóras tarchurtha ar bhonn fíor-ama.

Déanann an córas sin ardáin EMS EirGrid agus SONI a chomhtháthú le chéile. Tá rialú fíor uile-oileáin againn anois den chéad uair riamh ó cheachtar lárionad rialaithe - Baile Átha Cliath nó i mBéal Feirste.

Ba í 2016 an chéad bhliain iomlán inar feidhmíodh an treoirthionscadal ceallraí 10 MW i gCill Ruaidh. Is é sin an tsaoráid stórála is mó den chineál in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, agus d’oibrigh sé go maith i rith na bliana. Cuireann sé tacaíocht sholúbtha ar fáil don chóras tarchurtha leictreachais. Cuireann sé taithí luachmhar ar fáil dúinn chomh maith ó thaobh teicneolaíocht spreagúil, nuálaíoch.



Seomra rialaithe na heangaí ag oifigí SONI i mBéal Feirste.

Cuireadh tús i mí Eanáir le conradh áitiúil cúltaca chun acmhainn giniúna 290 MW a thógáil ag Stáisiún Cumhachta Bhaile an Longfoirt. Síníodh an conradh sin chun slándáil an tsoláthair a chosaint i dTuaisceart Éireann. Tá an acmhainn bhreise ag teastáil i dTuaisceart Éireann go dtí go gcuirfear an Idirnascaire Thuaidh/Theas i bhfeidhm roimh 2020.

**Cúrsaí Fuinnimh na hÉireann a Phleanáil**

Ceann de na róil atá againn is ea a chinntiú go bhfuil an eangach tharchurtha leictreachais ullamh don am atá le teacht. Chuige sin scrúdaímid réimse bealaí ina bhféadfadh athrú teacht ar úsáid fuinnimh. Bhailíomar sonraí i mbliana chun tuiscint a fháil ar na leaganacha amach éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ar chúrsaí fuinnimh amach anseo. Rinneamar é sin trí oibriú go dlúth le comhlachtaí seachtracha, gníomhaireachtaí stáit, agus ranna rialtais. Chuir sé sin ar ár gcumas iniúchadh a dhéanamh ar aon fhadhbanna a fheicimid agus réitithe a mholadh.

Cuireann an cur chuige sin ar ár gcumas pleanáil a dhéanamh i gcomhair níos mó ná rud amháin a d'fhéadfadh a bheith sa treis seachas ár bpleananna a bheith bunaithe ar thoimhde amháin. Cinnteoidh é sin go mbeidh an eangach níos láidre agus níos solúbtha. Pleanáil le déileáil le cás ar bith a thugaimid ar sin.

**Nuálaíocht**

Tá Grúpa EirGrid ag obair i dtreo éascú a dhéanamh ar leibhéil uaillmhianacha d'fuinneamh in-athnuaite. Freagra é sin ar spriocanna ceangailteacha náisiúnta agus Eorpacha atá leagtha síos don bhliain 2020.

Bíonn an chuid is mó de na foinsí in-athnuaite nua fuinnimh ag brath ar an aimsir. Cruthaíonn fás an chineáil sin giniúna éiginnteachtaí suntasacha agus muid ag obair chun cothromaíocht fuinnimh a chinntiú i gcónaí.

Ina theannta sin, tá an córas giniúna nua sin leictreonach seachas leictreamaighnéadach. Braitheann cuid mhór de neart na heangaí ar na saintréithe a bhaineann le giniúint leictreamaighnéadach.

Nuair a bheith lear níos mó leictreachais á fháil ó ghiniúint in-athnuaite, imeoidh cuid den neart intuartha a bhaineann le giniúint leictreamaighnéadacha le gaoth. Cruthóidh sé sin dúshláin uathúla. Tá sé d'aidhm ag ár gClár ceannródaíoch DS3 (Córas Slán, Inbhuanaithe Cumhachta a Sholáthar) dul i ngleic leo. Tá dhá aidhm ag an gclár ilbhliantúil sin atá lán chomh tábhachtach lena chéile. Ní mór dúinn spriocanna fuinnimh ár rialtais 'a bhaint amach don bhliain 2020 ach freisin caithfimid iontaofacht agus slándáil ár gcóras cumhachta a choinneáil.

Rinneadh dhá éacht ó thaobh an chláir in 2016. Ba é méadú na huasteorann go 60% ó thaobh Sciar den Chóras Neamh-Sioncrónach (SNSP) an chéad cheann. Ciallaíonn sé sin gur féidir linn an córas cumhachta a oibriú go sábháilte agus suas le 60% den fhuinneamh ag teacht ó mhodhanna nua giniúna leictreonaí. Ciallaíonn sé sin freisin gur féidir linn teacht aniar an chórais cumhachta a bhfuil an tsochaí ag súil leis a choinneáil ar bun.

D'fhorbraíomar réimse beartas agus uirlisí nuálacha oibríochtúla chun éascú a dhéanamh ar an méadú seo san SNSP. Leanfaimid ar aghaidh ag brú siar na dteorainneacha maidir le comhtháthú foinsí in-athnuaite. D'ardaíomar teorainn an SNSP arís i mí na Samhna 2016 agus is é 75% an sprioc atá ceaptha againn do 2020.

Ba é thabhairt isteach na sraithe nua socruithe chun íoc as seirbhísí an chórais an dara éacht a rinneadh faoi DS3. Is iad sin na seirbhísí, seachas fuinnimh, atá riachtanach chun teacht aniar an chórais a choimeád ar bun. Cuireadh na socruithe eatramhacha maidir le Seirbhís an Chórais DS3 i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair. Cuireadh iad in áit na Seirbhísí Coimhdeacha Comhchuibhithe a bhí i bhfeidhm ó bhí 2010 ann.

Ar na socruithe nua tá méadú ó 7 go 11 ar líon na seirbhísí a fhaightear ó sholáthraithe nua agus ó sholáthraithe atá ann cheana féin. Tá 107 gconradh le haghaidh seirbhísí sínithe ag Grúpa EirGrid anois. Ina measc sin tá gineadóirí, rannpháirtithe ó thaobh éilimh de agus páirtithe gaolmhara eile.

### Múch an Chumhacht agus Coigil

Seoladh an clár píolótach Múch an Chumhacht agus Coigil i mí an Mheithimh i gcomhpháirtíocht le Electric Ireland. Trí bhíthin an tionscnaimh sin tugtar luach saothair do chustaiméirí cónaitheacha as an méid leictreachais a úsáideann siad a athrú nuair a iarrtar é sin orthu. Déanann siad é sin nuair a bhíonn buaicéileamh ar an gcóras. Cuireann sé sin ar ár gcumas teacht aniar an chórais a choimeád ar bun. Cuirimid suas le €100 ar fáil mar dhreasachtaí faoin tionscnamh seo do rannpháirtithe cónaitheacha i rith tréimhse na trialach. Cabhróidh ag an cur chuige sin trína mbainistítear fuinneamh ó thaobh éilimh de chun costais seirbhísí córas a laghdú sa bhfadtéarma.

D'fhorbair EirGrid an clár Múch an Chumhacht agus Coigil bunaithe ar chomórtas tairisceana oscailte a reáchtáladh go déanach in 2015. Beidh 1,500 custaiméir cónaitheacha páirteach sa chlár Múch an Chumhacht agus Coigil ar feadh thréimhse 12 mhí. Iarrfar deich n-uaire orthu siúd a chláraíonn fearais a mhúchadh agus é sin a dhéanamh ar feadh thart ar 30 nóiméad. Tabharfar luach saothair do na rannpháirtithe trí €100 a bhaint dá mbillí.



# Ár nDaoine agus Ár gCórais

# Na daoine agus na córais a chur ar fáil atá riachtanach chun spriocanna Ghrúpa EirGrid a bhaint amach

Siobhán Toale, **Stiúrthóir Feidhmiúcháin - Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha**

Tá sainchúram leathan, ilchineálach ag Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha. Is é an ról atá againn a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí sin ag na daoine go léir atá ag obair don Ghrúpa atá riachtanach dóibh chun a gcuid oibre a dhéanamh.

Cuirimid dúshraith ó thaobh Córais Faisnéise ar fáil dár straitéis chorparáideach. Baintear é sin amach trí réitithe ar iarratais a dhearadh agus a chur ar fáil do ghnóthais trí thacaíocht a thabhairt dóibh.

Tugaimid na daoine do bhainisteoirí líne atá riachtanach dóibh chun an eagraíocht a chruthú a bheidh ag teastáil amach anseo, lena n-áirítear daoine tréitheacha a sholáthar le haghaidh an am atá le teacht.

Cinntímid go bhfuil rochtain éasca ag ár bhfostaithe go léir ar na seirbhísí atá riachtanach chun a róil a chomhlíonadh go héifeachtach. Áirítear leis sin, mar shampla, teicneolaíocht agus áiseanna.

Ar deireadh, cuirimid ár ngníomhaíochtaí i bhfeidhm ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de, gan cur isteach ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil don fhoireann.

### Rannpháirtíocht Fostaithe

Chuireamar clár a bhí ag teacht le luachanna ár gcuideachta i bhfeidhm in 2016 maidir le rannpháirtíocht na bhfostaithe. Is é an cuspóir atá againn a chinntiú go dtuigeann an fhoireann an tábhachtach atá ag a gcuid oibre ó thaobh rath an ghrúpa.

Is iad seo a leanas cúig luach ár gcuideachta:

- Déanaimid na rudaí a gheallaimid;
- Iompraímid muid féin go hionraic;
- Aithnímid gurb iad ár ndaoine an acmhainn is mó atá againn;
- Bainimid leas as nuálaíocht chun luach a sholáthar dár gcustaiméirí go léir;
- Gníomhaímid ar bhealach atá freagrach go sóisialta.

Sheolamar ár dtionscnamh sláinte agus folláine 'Bí Sláintiúil' i mbliana agus thug an fhoireann freagra iontach air. Ba é aidhm an chláir aird na foirne a tharraingt ar chúrsaí sláinte agus iad a spreagadh faoin scéal. Rinneamar é sin trí léargais a thabhairt dóibh ar an gcaoi ar féidir le hathruithe beaga tionchar dearfach a bheith acu ar fholláine.

Bhí dhá réimse sa chlár: Bíodh Dea-Smaointe Agat agus Mair go Maith. Bhí seimineáir ó shaineolaithe i réimse na síceolaíochta, an cothaithe agus na folláine san áireamh sa chlár. Chuireamar roinnt ábhair ar fáil ar líne i bhfoirm beár fíona agus sraith faoi conas deireadh a chur le strus.

Seoladh ár gclár aitheantais foirne 'An Míle Breise a Shiúl', in 2015. Bhí an fhoireann ag baint tairbhe as fós in 2016. Leagadh béim níos mó i rith na bliana ar ainmniúcháin foirne. Léiríonn sé sin an comhoibriú agus an obair foirne a bhíonn ar siúl laistigh den Ghrúpa.

### Forbairt Foirne

Ghlac níos mó ná 250 ball foirne páirt inár gclár forbartha scileanna (EirSkills). Chuidigh sé sin lenár ndaoine a n-inniúlachtaí gairmiúla a fhorbairt chun na róil atá acu a chomhlíonadh.

Chun tacú le tuilleadh forbartha foirne chuireamar ionad um fhorbairt tallann ar fáil. Cabhróidh sé sin chun daoine a bhfuil tallanna tábhachtacha acu a ullmhú don obair a bheidh acu san eagraíocht amach anseo. Thugamar isteach cláir forbartha ceannaireachta nua freisin. Cabhraíonn siad sin chun na tacaíochtaí sin a sholáthar dár bhfoireann shinsearach cheannaireachta atá riachtanach dóibh chun ár mbaill foirne a spreagadh chun a ndícheall a dhéanamh agus straitéis na cuideachta a chur i bhfeidhm.

### Córais Faisnéise

D'oibrigh an fhoireann na gCóras Faisnéise go dian in 2016 chun go mbeadh an teicneolaíocht ar fáil a úsáidimid ag reáchtáil an ghnó. Is léir é sin ón chaoi go raibh breis is 99% de na córais ríthábhachtacha ar fáil in 2016.

#### Córas Bainistíochta Fuinnimh (EMS)

I mí an Mhárta 2016, chuir fhoireann na gCóras Faisnéise Córas Bainistíochta Fuinnimh uile-oileánda nua i bhfeidhm.

Tá sé sin in úsáid ag SONI agus EirGrid in Ionaid Rialaithe na gCóras Cumhachta i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath.

De thoradh an Chórais nua Bainistíochta Fuinnimh (EMS) is féidir níos mó fuinnimh in-athnuaite a úsáid le tacú le baint amach spriocanna 2020.

Táimid tar éis bonneagar ríthábhachtach teileachumarsáide a chur ar fáil in 2016. Rinneadh é sin chun éascú a dhéanamh ar mhéadú líon na nasc in-athnuaite leis an eangach i dTuaisceart Éireann.

Tiomáineadh na naisc nua sin chun cinn de thoradh scéim dreasachta na dTeastas um Oibleagáid Fuinnimh In-athnuaite (ROC).

#### DS3 (Córas Slán, Inbhuanaithe Leictreachais a Sholáthar)

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair chun tacú le seirbhísí córas don thionscadal DS3 (Córas Slán, Inbhuanaithe Leictreachais a Sholáthar). Is éard atá sna seirbhísí sin ná córais tacaíochta atá riachtanach chun an córas leictreachais a oibriú ar bhealach iontaofa.

#### I-SEM (Margadh Comhtháite Leictreachais Aonair)

Leanann foireann na gCóras Faisnéise ar aghaidh ag cur tacaíocht fhorleathan ar fáil don tionscadal I-SEM (Margadh Comhtháite Leictreachais Aonair). San áireamh san obair sin tá bonneagar IS, iarratas ar IS agus ailtireacht IS. Tosaíocht suntasach gnó an Ghrúpa is ea I-SEM. Athróidh sé an bealach a ndéanfar leictreachais ar thrádáil ar mhargadh na hEorpa, agus beidh billí níos ísle ag tomhaltóirí dá bharr.

### Úsáid Fuinnimh agus Beartais Chomhshaoil

Is é sprioc straitéiseach EirGrid a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh Eangachacha Cliste agus comhtháthú fuinnimh in-athnuaite. Léirímid an sprioc sin chomh maith sa chaoi a mbainistímid ár n-úsáid fuinnimh féin.



Baill foirne an Ghrúpa EirGrid.

I Bealtaine 2016 bhaineamar amach athdheimhniú Chaighdeán an Iontaobhais Carbóin. Tugann sé sin aitheantas d'eagraíochtaí a ghlacann le cur chuige dea-chleachtais ó thaobh a dtionchar ar an gcomhshaol a thomhas agus a bhainistiú.

Tá sprioc foriomlán ag Grúpa EirGrid éifeachtacht fuinnimh a mhéadú agus a éascú. Mar chuid den chur chuige sin déanaimid rianú agus tuairisciú ar an chaoi a n-úsáidimid féin fuinneamh.

Is féidir úsáid fuinnimh a roinnt ina dhá chuid ar fud an ghrúpa .i. leictreachas agus breosla iontaise - gás nádúrtha a úsáidtear go príomha i gcomhair teasa.

Rinne EirGrid 3,736 MWh fuinnimh a thomhailt in 2016 sna hionaid atá againn i mBaile Átha Cliath i nDroichead na Dothra agus san Ionad Leanúnachais Gnó (Is suíomh lasmuigh den láthair é sin ina bhfuil córas cúltaca ar féidir é a úsáid in áit an chórais san Ionad Rialaithe Náisiúnta i nDroichead na Dothra). Is féidir é sin a mhiondealú mar seo a leanas:

- 3,165 MWh leictreachais;
- 571 MWh ó breoslaí iontaise.

Rinne SONI 2,130 MWh fuinnimh a thomhailt in 2016 ar féidir é a mhiondealú mar seo a leanas:

- 1,588 MWh leictreachais;
- 541 MWh ó bhreoslaí iontaise.

Thugamar faoi roinnt tionscnamh in 2016 chun an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Áiríodh leis sin barrfheabhsú ár bpríomhfhuarthóir i nDroichead na Dothra. Mhéadaigh sé sin éifeachtacht agus éifeachtúlacht fuinnimh ár gcóras fuaraithe.

Tá muid ag leanúint orainn i gcónaí freisin ag baint úsáide as réiteach fíor-ama um bhainistíocht fuinnimh inár n-oifigí i nDroichead na Dothra. Ba uirlis luachmhar é sin chun an úsáid a bhainimid as fuinneamh a rialú go cruinn. Cuireann sé ar ár gcumas téamh agus fuarú a dhéanamh sa chaoi is fearr a oireann dár riachtanais ar bhonn laethúil.

# Rannpháirtíocht Seachtrach





# Caidreamh a choinneáil agus a fheabhsú chun éifeachtacht agus feidhmíocht a fheabhsú

Rosemary Steen, **Stiúrthóir Feidhmiúcháin - Gnóthaí Eachtracha**

Tá EirGrid tiomanta do bheith ina chuideachta a bhfuil freagracht shóisialta ag baint léi. Tá sé mar aidhm againn an caighdeán sin a chinntiú inár gcaidreamh le fostaithe, custaiméirí, páirtithe leasmhara, agus an pobal.

Bímid ag obair go dian freisin ag iarraidh an sprioc sin a léiriú ó thaobh ár lorg ar an timpeallacht. Ceann dár gcuspóirí straitéiseacha mar ghnó is ea a bheith inar 'nEagraíocht a bhfuil Meas ag Daoine uirthi agus Iontaoibh acu aisti'. Áirítear leis sin an phríomhsprioc 'go mbeadh freagracht shóisialta le sonrú inár ngníomhaíochtaí go léir'. Táimid an-bhródúil as an chaoi a bhfuil an Marc mar Ghnóthas atá ag Obair go Freagrach ag EirGrid ó 2012. Tugadh athchreidiúnú dúinn i leith an mairc sin in 2016. Is cruthúnas é sin go ndéanaimid gnó ar bhealach freagrach.

**Freagracht Shóisialta Chorparáideach**

Tá spéis faoi leith againn san oideachas agus dhíríomar air in 2016 freisin. Leanamar orainn ag obair i gcomhar leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA) chun go mbeadh ár ndoiciméid níos éasca a thuiscint.

Dearbhaíodh go raibh dhá cheann dár bpríomhdhoiciméid atá curtha os comhair an phobail scríofa i ngnáth-Bhéarla simplí in 2016, agus úsáidimid treoirlínte maidir le gnáth-Béarla simplí i ngach rud a dhéanaimid anois.

Trí bhíthin na comhpháirtíochta sin rinneamar urraíocht ar Thionscadal EirGrid um Litearthacht Teaghlaigh. Mar chuid den tionscnamh sin tugadh pacáiste acmhainní léitheoireachta do thuismitheoirí leanaí i scoileanna a bhíonn ag plé leis an gclár Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS).

Rinneamar urraíocht ar Science and Technology in Action (Eolaíocht agus Teicneolaíocht i ngníomh) agus thugamar tacaíocht dó. De thoradh na cabhrach a thugamar dóibh d'fhorbair siad ábhar a bhaineann le leictreachas i bpacáiste teagaisc do mhúinteoirí fisice.

Chuamar i mbun comhpháirtíochta i dTuaisceart Éireann le Book Trust NI chun maoiniú a sholáthar dá gclár Book Start Baby atá dírithe ar leanaí óga in Ard Mhacha.

Leathanach thall:
Ár bhFoireann Idirchaidrimh Talmhaíochta

Bhí ár mbaill foirne páirteach i gclár oideachais Skills@Work de chuid Business in the Community Ireland den tríú bliain as a chéile. Thugamar tacaíocht i mbliana do scoláirí na cúigiú bliana i gColáiste Pobail Margaret Aylward i mBaile Átha Cliath. Reáchtáil baill foirne ó chodanna éagsúla den chuideachta ceardlanna ar réimse ábhar le haghaidh na scoláirí sin chun cur lena scileanna saoil agus oideachais. Fuaireamar aiseolas dearfach ó gach duine de na cailíní a ghlac páirt iontu.

Chomh maith le obair dheonach, bhí ár mbaill foirne gnóthach ag tiomsú airgid in 2016 le haghaidh dhá chomhpháirtí charthanachta atá ainmnithe ag na baill foirne. Ba iad sin Foras Ospíse na hÉireann agus Taighde ar Ailse sa Ríocht Aontaithe i mbliana.

Mar chuid dár rannpháirtíocht leis an bpobal rinneamar ár gcaidreamh leis an CLG a leathnú. Eagraíocht é sin atá ag croílár gach pobal, agus is sampla iad den mheas agus den mhuinín atáimid ag iarraidh a tharraing orainn féin. Bhíomar inár nUrraitheoir Oifigiúil an CLG in 2016 ó thaobh Tomhas Ama. Baineann sé sin go príomha le hurraíocht a dhéanamh ar chlog agus ar coimeádóir ama Pháirc an Chrócaigh.

Ba í seo freisin an dara bliain de Chraobhchomórtas Uile Éireann CLG Peile EirGrid Faoi-21. I gcomhar leis an urraíocht a thugamar maidir le Tomhas Ama, reáchtálamar comórtas do chlubanna áitiúla CLG chun clog digiteach agus scórchlár a bhuachan. Tarraingíodh ceithre chlub i mí na Samhna - ceann amháin i ngach cúige - chun duais a fháil.

Leanamar ar aghaidh lenár gcomhpháirtíocht le Rugbaí Uladh i dTuaisceart Éireann. San áireamh leis sin bhí an urraíocht a thugamar don dara bhliain as a chéile don Phríomhroinn Rugbaí atá athainmnithe mar Phríomhroinn Rugbaí Uladh SONI. Mhéadaíomar ár rannpháirtíocht sa spórt sin freisin de thoradh ár gcomhpháirtíochta. Chuireamar tús le hurraíocht dhá bhliain do chlub Rugbaí Ard Mhacha i mí na Nollag 2015. Ansin chuireamar tús i mí na Bealtaine 2016 le Gradam Seaimpíní Pobal Rugbaí SONI. Tugann an dámhachtain sin aitheantas do na hoibrithe deonacha a bhfuil baint acu le rugbaí ag leibhéal an phobail, agus bronnadh é nuair a bhí Gradaim Rugbaí Uladh á mbronnadh.

### Ciste Pobail

Ceann de na buaicphointí a bhí againn i mbliana ab ea seoladh Ciste Pobail EirGrid i gcomhair thionscadal an Mhuileann gCearr - Chionn Átha Gad. Is é sin an líne nua tharchurtha 110 kV a shíneann ar feadh 25 km idir an Muileann gCearr i gContae na hIarmhí agus Coill Ó Scillín i gContae na Mí.

Ba é sin an chéad chiste dá leithéid a sheol EirGrid. Aithnímid leis an gCiste Pobail an tábhacht a bhaineann le pobail áitiúla a thacaíonn lenár gcuid oibre. I gcás thionscadal an Mhuileann gCearr - Chionn Átha Gad, chruthaíomar ciste iomlán arbh fhiú €360,000 é chun tacú le tionscadail na bpobal áitiúil.

Thugamar cuireadh do phobail iarratais a dhéanamh ar thionscadail faoi na téamaí seo a leanas:

- fostaíocht,
- oideachas,
- comhshaol, agus,
- áiseanna pobail.

Roghnaíodh tríocha seacht dtionscadal lena maoiniú. Tá súil againn go rachaidh gach ceann de na tionscadail sin chun tairbhe buan réigiún an Mhuileann gCearr - Chionn Átha Gad.




## Cur Chuige Nua i leith Comhairliúcháin

Nuair a bhímid ag obair le chéile, is féidir linn eangach leictreachais a chruthú atá níos láidre agus níos fearr agus a bhfuil an tionchar is lú agus is féidir aici ar phobail. Rinneamar athbhreithniú in 2015 ar ár bpróiseas comhairliúcháin phoiblí. Dá thoradh sin, gheallamar feabhas a chur ar an chaoi a dtéimid i gcomhairle leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile. D'oibríomar le bliain anuas ag iarraidh an scéal a chur ina cheart.

Tá prionsabal an-tábhachtach amháin i gcroílár ár bpróiseas comhairliúcháin: a luaithe is a bhíonn an pobal páirteach inár dtionscadail is ea is mó an tionchar ar féidir leo a bheith acu orthu. Lena chinntiú go gcloistear an teachtaireacht sin tá roinnt tionscnamh comhairliúcháin agus rannpháirtíochta curtha i gcríoch againn le bliain anuas.

Sheolamar an bhileog eolais 'Have Your Say' (Nocht do Thuairim) le déanaí. Tá sonraí le fáil inti ar ár gcur chuige maidir le forbairt na heangaí leictreachais. Tá sé scríofa i mBéarla simplí agus mhínítear inti conas is féidir leis an bpobal i gcoitinne agus le páirtithe leasmhara eile tionchar a imirt ar ár gcuid pleananna. Athrú chun feabhais a bheidh sa chur chuige sin agus beimid ag obair go dlúth leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara poiblí eile go ceann i bhfad.

Ar ndóigh, tá sé tábhachtach bualadh leis na daoine chun aiseolas a bhailiú chomh luath agus is féidir. D'osclaíomar oifig nua faisnéise in Ard Mhacha i mbliana. Cuireann sé sin ar ár gcumas cuireadh a thabhairt don phobal i dTuaisceart Éireann cuairt a thabhairt uirthi, agus aon cheist atá acu a chur. Bhí oifigí réigiúnacha i Maigh Eo, Liatroim, agus Muineachán ar oscailt freisin.

An tAire Denis Naughten agus imreoir Peile CLG faoi bhun 21, Ultan Harney, ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2016.





Clé go deas:

Fergal Keenan, Oifigeach Idirchaidrimh Talmhaíochta ag Seó Talmhaíochta Ard Mhacha.

Grianghraf a tógadh ag seoladh na hurraíochta a thug EirGrid don CLG maidir le Tomhas Ama.

Chuireamar aonad soghluaiste ar fáil freisin a d'fhreastail ar go leor seónna talmhaíochta agus trádála i rith an tsamhraidh. Is bealach úsáideach eile é sin le cabhrú linn teagmháil a dhéanamh leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile.

D'fhreastalaíomar ag roinnt seónna talmhaíochta in 2016. Ina measc siúd bhí an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Seó Ghleann Chlochair, agus Seó Ard Mhacha. Nuair a bhíomar ag na himeachtaí sin bhí deis againn tionscadail agus réimsí eile dár ngnó a phlé go díreach leo siúd a bhí i láthair.

Bhí ár nOifigigh Idirchaidrimh Pobail agus ár nOifigigh Idirchaidrimh Thalmhaíochta gnóthach i mbliana. Thaistil siad ar fud na tíre chun bualadh leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara. Chuir sé sin ar a gcumas an scéal is déanaí a thabhairt faoi thionscadail in Éirinn Thuaidh agus Theas.

Leanaimid orainn ar an leibhéal polaitiúil ag obair le hionadaithe tofa. Cinntíonn sé sin gur féidir leo bualadh linn agus gur féidir linn an fhaisnéis a theastaíonn uathu agus ó na daoine ina dtoghcheantar a thabhairt dóibh. Chuamar os comhair Coiste Oireachtais i mí na Samhna 2015. Chuir sé sin ar ár gcumas insint dóibh faoin gcur chuige nua, nuálach a bhí á ghlacadh chun an gréasán leictreachais a threisiú.

## Ár gCustaiméirí

Rinneadh athruithe ar an earnáil leictreachais arís i mbliana agus tá athruithe suntasacha i ndán dúinn agus dár gcustaiméirí amach anseo. Tá ról tábhachtach againn maidir le cuidiú lenár gcustaiméirí tionchar a imirt ar na hathruithe sin agus iad a chur i bhfeidhm.

Rinneamar óstáil ar líon mór grúpaí oibre, cruinnithe comhairlí chomhairleacha, ceardlanna tionscail agus comhairliúcháin dhéthaobhacha i mbliana. Bhí ár gcomhdháil bhliantúil ar siúl i mBéal Feirste in 2015.

Ba é téama na comhdhála 'Treochlár Fuinnimh na hEorpa - An Custaiméir a chur i gCroílár Polasaí'. Os cionn 200 custaiméir agus páirtí leasmhar i láthair ó cheann ceann an oileáin.

Tháinig méadú ar líon ár gcustaiméirí ó réimsí ar fud an ghnó i mbliana. Mar shampla, tá fás ag teacht ar aonaid ar thaobh an éilimh. Is cineál nua custaiméirí iad sin a “tháirgeann" leictreachas don eangach tríd an méid leictreachais a bhíonn in úsáid acu a laghdú nuair a iarrtar é sin orthu. Faigheann siad íocaíochtaí margaidh as an leictreachas sin, beagnach ar an mbealach céanna is a fhaigheann gineadóirí leictreachais íocaíocht.






Cuireann Shane Brennan (ar dheis) ó SONI tús lenár n-urraíocht do Rugbaí Uladh.

Tá an fás suntasach tagtha ar líon na gcustaiméirí den chineál sin. Tá thart ar 400 MW de chumas éilimh ag glacadh páirte sa mhargadh anois.

Léiríonn an fás leanúnach sin go bhfuil fonn ar dhaoine in earnáil an éilimh gan leictreachas a úsáid ar bhealach éighníomhach.

**Naisc Nua**

Nasc EirGrid roinnt úsáideoirí fuinnimh mórscála agus gineadóirí leictreachais inathnuaite leis an eangach in 2016.

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn i réigiún an Iardheiscirt, áit a bhfuil trí stáisiún mhóra nua ag feidhmiú anois. Táimid ag súil go ndéanfar an stáisiún deireanach, Cill Pháideog i dTuaisceart Chiarraí, a fhuinnmhiú an bhliain seo chugainn.

Cuirfidh na stáisiúin nua ar ár gcumas foinsí fuinnimh in-athnuaite sa cheantar a nascadh. Coimisiúnaíodh agus nascadh roinnt feirmeacha móra gaoithe go rathúil leis an eangach i rith na bliana freisin.

Léirigh gnólachtaí agus tionscail a bhfuil éileamh ard acu ar leictreachas spéis leanúnach i nascadh in 2016. “Custaiméirí éilimh” a thugaimid orthu siúd. Tá éileamh mór ag a lán acu toisc go bhfuil lárionaid mhóra sonraí á bhforbairt mar shaoráidí. Táimid ag obair go dlúth leis an Údarás Forbartha Tionscail (ÚFT) chun na custaiméirí éilimh sin a nascadh leis an gcóras tarchurtha.

Leanamar orainn freisin ag iarraidh teacht ar réitigh nuálacha. An bhliain seo caite, rinneamar éascú agus bainistiú ar thógáil an chéad stáisiún ag custaiméir éilimh. Is stáisiún nua 220 kV é sin atá suite in aice le Cluain Aodha i gContae na Mí.

B’éigean do SONI a bheith ag obair go dlúth le NIE Networks agus le rannpháirtithe tionscail in 2016 chun custaiméirí nua a nascadh. Bhí sé sin riachtanach chun freagra a thabhairt ar leibhéal gan fasach na n-iarratas ar nascadh.

Mar fhreagra ar sin, bhunaíomar cur chuige trínar féidir an úsáid is éifeachtaí a bhaint as acmhainn reatha na heangaí. Bhíomar in ann tairiscintí nasctha a chuimsigh breis is 200 MW a thairiscint do chustaiméirí nua de barr an cur chuige nua.

# Bord an Ghrúpa EirGrid



John O’Connor
**Cathaoirleach**

Ceapadh John O’Connor mar Chathaoirleach Bhord EirGrid le héifeacht ón 12 Samhain 2013. Bhí sé ina Chathaoirleach ar an mBord Pleanála ó 2000 go 2011. Is é sin an binse náisiúnta neamhspleách chun cinneadh a dhéanamh faoi achomhairc phleanála agus faoi thionscadail bhonneagair straitéisigh.

D’fhóin sé ar feadh 35 bliain roimhe sin mar státseirbhíseach sa Roinn Comhshaoil áit a raibh poist shinsearacha aige mar Oifigeach Airgeadais, Príomhoifigeach um Beartas Tithíochta agus Airgeadas agus mar Rúnaí Cúnta i gceannas ar an Rannán Pleanála agus Seirbhísí Uisce.

D'fhóin sé freisin mar stiúrthóir ar thrí chomhlacht thráchtála Stáit: an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, Temple Bar Properties agus Údarás Forbartha Dhugthailte Bhaile Átha Cliath. Tá sé ina Chathaoirleach ar an mBord um Réiteach Piríte freisin. Tá Dioplóma i Riarachán Poiblí aige ó Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



An Dr Joan Smyth
**Leas-Chathaoirleach an Bhoird**

Ceapadh Joan Smyth mar chomhalta de Bhord EirGrid i Meitheamh 2009 ar feadh tréimhse cúig bliana agus cuireadh síneadh lena ceapachán ar feadh téarma cúig bliana eile ansin. Tá sí ina Cathaoirleach ar an Progressive Building Society le cúig bliana anuas agus ina Stiúrthóir ar an Trinity Housing Association. Tá sí ina hUachtarán freisin ar Chumann na Croise Deirge Thuaisceart Éireann.

Sa bhliain 2009 chríochnaigh sí breis agus cúig bliana mar Chathaoirleach ar Fhóram na bPríomhfheidhmeannach. Chaith sí dhá théarma mar Chathaoirleach ar an Northern Ireland Transport Holding Company ón 1 Iúil 1999 go dtí an 30 Meitheamh 2005 agus ba Chathaoirleach an Choimisiúin um Chomhdheiseanna TÉ í ó 1992 (bhí sí ina Cathaoirleach agus ina Príomhfheidhmeannach go dtí an 1 Deireadh Fómhair 1998) agus d'fhan sí sa phost sin go dtí gur bunaíodh an Coimisiún Comhionannais nua i mí Dheireadh Fómhair 1999.

Toghadh í mar chomhalta de Bhord an British Council i mí Mheán Fómhair 1999 agus bhí sí ina Cathaoirleach ar Choiste na Comhairle sin i dTuaisceart Éireann. Tá céim BSc (Eacnamaíocht) ó Ollscoil na Ríona, Béal Feirste ag an Dr Smyth agus is Compánach í den Institute of Personnel and Development. Tá sí ina Measúnóir Neamhspleách le haghaidh Ceapacháin Phoiblí. Tá an Dr Smyth ina hIar-Uachtarán de chuid Cónaidhm Soroptimist International na Breataine Móire agus na hÉireann. Bronnadh CBE uirthi i Liosta Gradam na Banríona don Bhliain Nua 1998.



Fintan Slye
**Príomhfheidhmeannach**

Ceapadh Fintan Slye ina Phríomhfheidhmeannach ar EirGrid ar an 1 Deireadh Fómhair 2012. Roimhe sin post aige mar Stiúrthóir Oibríochtaí EirGrid agus é freagrach as oibriú an chórais chumhachta i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, chomh maith le clár oibre EirGrid agus SONI a bhainistiú chun éascú a dhéanamh ar leibhéil athnuaite de scoth an domhain a chomhtháthú sa chóras cumhachta.

Sular ceapadh chun an phoist sin é d'oibrigh Fintan do McKinsey agus Co ina n-oifig i mBaile Átha Cliath agus é ag tacú le cuideachtaí ar fud na hÉireann, sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip. Roimhe sin, bhí roinnt rólanna tionscadail agus bainistíochta aige le hEangach Náisiúnta ESB agus le ESB international. Críochnaigh Fintan Céim Mháistir i Riarachán Gnó i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath in 2001 agus Céim Mháistir san Eolaíocht Innealtóireachta in 1993.



Richard Sterling
**Comhalta den Bhord**

Tá Richard Sterling Iar-Stiúrthóir Bainistíochta Coolkeeragh Power Limited atá bunaithe i nDoire agus is Iar-Uachtarán é de Chumann Tráchtála Dhoire. Ceapadh é ina Chomhalta de Bhord Ilex, an Comhlacht Athghiniúna Uirbí do cheantar Chomhairle Cathrach Dhoire, in 2003 agus le linn a théarma sé bliana d'fhóin sé mar Chathaoirleach Gníomhach agus mar Leaschathaoirleach. Bronnadh gradam OBE ar Richard in 2003 de bharr a sheirbhísí don Choiste Bunscileanna agus do lucht gnó i dTuaisceart Éireann.



Doireann Barry
**Comhalta den Bhord**

Ceapadh Doireann Barry mar chomhalta de Bhord EirGrid i mí na Nollag 2011 ar feadh tréimhse cúig bliana, tar éis di a bheith tofa mar ionadaí foirne EirGrid. Tá sí ag obair sa tionscal leictreachais ó 1999 agus d'oibrigh sé i go leor réimsí éagsúla in EirGrid. Tá sí ina bainisteoir Chlár na hEangaí Cliste faoi láthair agus í freagrach as comhordú a dhéanamh ar gach gníomhaíocht i nGrúpa EirGrid bhaineann leis an Eangach Chliste. Labhair sí mar ionadaí na cuideachta ag comhdhálacha in Éirinn agus thar lear. Bhain sí amach céim san Innealtóireacht Leictreach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus is comhalta í d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann.



Michael Hand
**Comhalta den Bhord**

Ceapadh Michael Hand mar chomhalta de Bhord EirGrid i mí Iúil 2015 ar feadh tréimhse cúig bliana. Tá an cuimse taithí ag Michael ar feadh breis is 30 bliain mar cheannaire sinsearach sna hearnálacha tógála agus innealtóireachta chomhairlí in Éirinn agus le déanaí mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin agus mar stiúrthóir Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin.

Bhí ról ceannasach aige mar Stiúrthóir Bainistíochta agus mar Chathaoirleach Feidhmiúcháin i bhfás agus i bhforbairt PH McCarthy Consulting Engineers atá ar cheann de phríomhghnóthais ildisciplíneacha na tíre. Nuair a cumascadh an gnóthas leis an WYG Group plc bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ag plé le cúrsaí gnó WYG Engineering Ireland ar feadh 3 bliana sula ndeachaigh sé ag obair le MBÁC in 2010. Tá sé cuntas teiste aige maidir le dearadh agus soláthar mórthionscadal bonneagair straitéisigh ar fud na hÉireann.

Fear ardcháilithe é Michael san innealtóireacht agus i gcúrsaí gnó agus is Innealtóir Cairte, Stiúrthóir Cairte agus Bainisteoir Cairte Uisce agus Comhshaoil é freisin. Tá céim san Innealtóireacht Shibhialta aige mar aon le Céim Mháistir i Riarachán Gnó. Sa bhliain 2014, bhronn ITBAC Dochtúireacht Oinigh air mar aitheantas dá bhfuil déanta aige mar innealtóir agus mar sheirbhíseach poiblí agus ar mhaithe lena phobal. Is Comhalta é de cheithre institiúid ghairmiúla.



Liam O'Halloran,
**Comhalta den Bhord**

Tá an-taithí mair bhainisteoir sinsearach ag Liam O'Halloran i gcuideachtaí leictreonacha agus teileachumarsáide ilnáisiúnta. Bhí post ag Liam roimhe seo mar Leas-Uachtarán Sinsearach DEX Europe, cuideachta atá bunaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus a sholáthraíonn seirbhísí deisithe agus lóistíochta do chomhlachtaí ilnáisiúnta leictreonacha móra agus mar Leas-Uachtarán ar Oibríochtaí Eorpacha Jabil Global Services, cuideachta a chuireann seirbhísí leictreonacha ar fáil ar fud an domhain.

Bhí Liam freisin ina Stiúrthóir Oibríochtaí Custaiméirí agus Rialachán ag Magnet Networks agus ina dhiaidh sin bhí sé ina Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar ALTO, Cumann Oibreoirí Teileachumarsáide Malartaí. Tá sé ina Stiúrthóir ar Alcomis, comhairleacht forbartha cuideachtaí a bhfuil cliaint acu sna hearnálacha Bogearraí, ríomhFhoghlama agus Seirbhísí.

# Ár bhFoireann Feidhmiúcháin



An líne chúil, ó chlé: John Fitzgerald, Rodney Doyle, Fintan Slye, Robin McCormick agus Siobhán Toale. An líne thosaigh: Rosemary Steen agus Aidan Skelly.



# Ár bhFoireann Feidhmiúcháin

Rodney Doyle

### Stiúrthóir Feidhmiúcháin - Oibríochtaí Margaidh agus Bainisteoir Ginearálta, SEMO

Ceapadh Rodney Doyle mar Stiúrthóir Oibríochtaí Margaidh agus mar Bainisteoir Ginearálta SEMO (Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair) i mí Iúil 2015. Bhí sé ina Stiúrthóir roimhe sin ar na Seirbhísí Faisnéise ó Mhí Feabhra 2013.

Bhí roinnt post eile in EirGrid ag Rodney freisin lena n-áirítear Bainisteoir um Comhtháthú an Margaidh Eorpaigh; Bainisteoir an tionscadail um ullmhacht gnó don Idirnascaire Thiar Thoir, agus Bainisteoir Seirbhísí Coimhdeacha. Mar chuid de na róil sin a bhí aige bhí sé i gceannas ar thionscadail chun córais agus beartais mhóra a chur i bhfeidhm atá in úsáid inniu ar fud an mhargaidh leictreachais agus ag oibreoirí córais tarchurtha (TSOnna).

Sula ndeachaigh Rodney ag obair le EirGrid agus ESB National Grid d'oibrigh sé mar phríomhchomhairleoir i roinn na n-eangach de chuid Competition Authority na Nua-Shéalainne agus é ag déileáil le ceisteanna maidir le rialáil leictreachais agus gáis/saincheisteanna deartha margaidh agus roimhe sin fós d'oibrigh sé i gcomhairleacht. Tá Rodney ina bhall de roinnt grúpaí tábhachtacha Eorpacha TSO agus comhar mhargaidh. Tá céimeanna BA agus MA ag Rodney san Eacnamaíocht mar aon le Máistreacht i Riarachán Gnó ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

John Fitzgerald

### Stiúrthóir Feidhmiúcháin - Forbairt Eangaí agus Idirnascadh

Ceapadh John Fitzgerald mar Stiúrthóir Forbartha Eangaí agus Idirnascadh i mí Iúil 2015, tar éis dó post a bheith aige mar Stiúrthóir Forbartha Eangaí ó Mhí Feabhra 2013. Roimhe sin fós bhí John ina Stiúrthóir Tionscadail an Idirnascaire Thiar Thoir.

Sular thosaigh John ag obair in EirGrid, bhí sé ag obair sa réimse forbartha gnó do ESB International áit a raibh roinnt postanna bainistíochta aige lena n-áirítear Bainisteoir Forbartha Gnó, Bainisteoir Trádála agus Soláthair (Tuaisceart Éireann) agus Bainisteoir Tráchtála Coolkeeragh ESB.

Bhí páirt ag John sa bhforbairt rathúil a rinneadh ar mhórthionscadail a bhain le bonneagar fuinnimh agus ar thionscnaimh chorparáideacha sna hearnálacha leictreachais agus gáis ar fud na hÉireann, sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip. Is céimí é de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá céim BA aige san Innealtóireacht Leictreonach agus mar aon le Máistreacht i Riarachán Gnó ó Scoil Ghnó na hOllscoile céanna.

Robin McCormick

### Stiúrthóir Feidhmiúcháin - Oibríochtaí, Pleanáil agus Nuálaíocht agus Bainisteoir Ginearálta, SONI Ltd.

Ceapadh Robin McCormick mar Stiúrthóir Oibríochtaí, Pleanála agus Nuálaíochta i mí Iúil 2015 agus tá sé ina Bhainisteoir Ginearálta ar SONI Ltd. Bhíodh ról aige mar Bhainisteoir Ginearálta Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO) agus SONI.

Tá taithí shuntasach aige i dtionscal na cumhachta maidir le fóntais rialaithe. Tá Robin freagrach mar Stiúrthóir as oibriú agus pleanáil an chórais chumhachta i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Tá sé ina chomhalta d'Institiúid na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta agus ina Leas-Chathaoirleach ar an IET Engineering Policy Group - Tuaisceart Éireann. Tá Máistreacht i Riarachán Gnó aige ó Ollscoil Uladh, Baile Shiurdáin, agus MSc ó Ollscoil Napier i nDún Éideann.

### Aidan Skelly
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin - Airgeadas agus Dlí**

Ceapadh Aidan Skelly ina Stiúrthóir Airgeadais agus Dlí i mí Iúil 2015. Roimhe sin bhí sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais ó mhí an Mheithimh 2005. Bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais le Waterford Stanley Limited roimhe sin fós.

D'oibrigh sé i Waterford Crystal ó 1987 go dtí 2002 agus i rith an ama sin bhí roinnt postanna airgeadais agus tráchtála aige in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Fuair sé oiliúint mar Chuntasóir Cairte le PricewaterhouseCoopers agus is céimí Tráchtála é de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá céim MBS aige freisin ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

### Rosemary Steen
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin - Ghnóthaí Eachtracha**

Ceapadh Rosemary Steen mar Stiúrthóir Gnóthaí Eachtracha i mí Iúil 2015. Bhí post mar Stiúrthóir Gnóthaí Poiblí aici roimhe sin ó chuaigh sí ag obair le EirGrid in 2014. Fónann Rosemary freisin ar bhord na heagraíochta carthanachta AsIAm.

Tá an-taithí ag Rosemary ar Gnóthaí Corparáideacha, Caidreamh Rialtais agus Freagracht Shóisialta Chorparáideach ó na hearnálacha teileachumarsáide, fóntais agus tionsclaíochta gnó.

Bhí postanna sinsearacha aici roimhe sin in Vodafone, Shell agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC). Tá BA san Eacnamaíocht agus sa bhFealsúnacht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, MBS i Loighistic agus Déantúsaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Dioplóma Iarchéime i Staidéar Dlí ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

### Fintan Slye
**Príomhfheidhmeannach**


Féach ar an mbeathaisnéis ar leathanach 43.


### Siobhán Toale
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin - Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha**

Ceapadh Siobhán Toale ina Stiúrthóir Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha i mí Iúil 2015. Bhíodh sí ag obair roimhe sin mar Stiúrthóir Acmhainní Daonna ó chuaigh sí ag obair in EirGrid in 2013.


Tá an-taithí ag Siobhán ar Acmhainní Daonna, Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíocht Athruithe ó thionscail Teileachumarsáide agus Baincéireachta. Bhí postanna sinsearacha Acmhainní Daonna aici roimhe sin in Eircom, Telefonica 02 Éire agus Grúpa Bhanc na hÉireann. Tá céim BSc (Ríomhaireacht) ag Siobhán ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus MSc aici in Iompar Eagrúcháin ó Choláiste Birkbeck, Ollscoil Londain.

# Príomhshonraí faoi Oibríochtaí




## Average Electricity System Marginal Price Compared to Gas Price




## Import Capacity Auction Price: Monthly vs Annual Prices




*The East West Interconnector was off line from October to December*

# Gluais

Míniú i dteanga shimplí ar chuid de na téarmaí teicniúla a úsáidtear sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

**An Bord Pleanála**
Údarás pleanála neamhspleách náisiúnta na hÉireann.

**Acmhainn**
An méid leictreachais is féidir a aistriú go sábháilte ar an gcóras nó ar chiorcad.

**CER**
An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh. Rialaíonn an institiúid sin ár ngníomhaíochtaí in Éirinn.

**Ciorcad**
An líne lastuas nó an cábla faoi thalamh a nascann dhá fhostáisiún. Mar shampla, ciorcad 400 kV Gob na Muine - Baile Uí Dhuinn.

**Seoltóirí**
Rud nó ábhar ar féidir leis leictreachas a aistriú. Mar shampla, is seoltóirí maithe leictreachais iad roinnt sreanga miotail. Tá seoltóirí le fáil i gcáblaí cumhachta faoi thalamh agus i línte lastuas.

**Giniúint thraidisiúnta**
Leictreachas a ghiniúint ag baint úsáide as breoslaí iontaise, mar ghás nádúrtha, gual nó móin.

**Stáisiún Tiontaithe**
Féach "fostáisiún".

**AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH**
Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh oifig náisiúnta na hÉireann le haghaidh cúrsaí staidrimh.

**Trádáil don lá dar gcionn**
Bíonn sé seo i gceist nuair dhéanann díoltóir agus ceannaitheoir conradh maidir le giniúint agus soláthar leictreachais don lá dar gcionn. Nuair a aistreofar go I-SEM, oibreoidh rannán nua de chuid SEMO an mhargaidh don lá dar gcionn le haghaidh leictreachais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

**Ionad sonraí**
Grúpa mór d'fhreastalaithe líonraithe ríomhairí a úsáidtear le haghaidh cianstóráil faisnéise.

**Éileamh**
An méid cumhachta leictreachais atá á fháil ón líonra ag na daoine a úsáideann leictreachas. Uaireanta úsáideann daoine an téarma 'buaicéileamh'. Is é sin an méid cumhachta is mó a fhaightear i gcaitheamh tréimhse áirithe.

**Líonra Dáilte**
Is é sin an líonra leictreachais de voltas níos ísle, ar leis an ESB é agus atá á bhfeidhmiú in Éirinn ag an ESB. Seolann sé cumhacht ón líonra tarchurtha chuig teaghlaigh agus chuig gnóthais.

**DS3**
'Córas Slán, Inbhuanaithe Leictreachais a Sholáthar' tionscnamh é sin de chuid EirGrid a ceapadh chun an eangach a oibriú ar bhealach slán agus spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach.

**Fuinnmhithe**
Nuair a bhíonn línte nó cáblaí nua-críochnaithe ag feidhmiú go hiomlán agus iad ina gcuid den eangach leictreachais deirtear go mbíonn siad fuinnmhithe.

**BSL**
Cuideachta leictreachais in Éirinn is ea Bord Soláthair an Leictreachais. Is cuideachta leathstáit tráchtála é.

**Gineadóir**
Saoráid a tháirgeann leictreachas. Is féidir cumhacht a ghiniúint ó fhoinsí éagsúla, mar shampla, ó stáisiúin chumhachta gualbhreoslaithe, stáisiúin chumhachta gásbhreoslaithe agus feirmeacha gaoithe.

**Acmhainn Giniúna**
Is é sin an t-uasmhéid leictreachais ar féidir a ghiniúint, bunaithe ar acmhainn aschurtha na ngineadóirí leictreachais atá nasctha leis an eangach.

**Seoladh Leictreachais**
Sin é an méid leictreachais atá á sholáthar don eangach ag roinnt gineadóirí ag am ar bith. Athróidh sé sin de réir mar a athróidh an t-éileamh ar leictreachas agus ar an méid leictreachais sa chóras atá á ghiniúint ó fuinneamh in-athnuaite.

**An Bhreatain Mhór agus an Ríocht Aontaithe (RA)**
Is í an Bhreatain Mhór an téarma geografach don oileán sin a bhfuil Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag ann. Is é an Ríocht Aontaithe an leagan giorraithe de "Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann", arb é sin ainm oifigiúil na tíre sin.

**Eangach**
Féach Líonra Tarchurtha.

**ÚFT**
Tá an tÚdarás Forbartha Tionscail (Éire) freagrach as infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh go hÉirinn.

**Trádáil Ionlae**
Foirm trádála í sin ina gcaithfear an t-idirbheart a chur i gcrích an lá céanna a ndéantar an conradh. Trádáil lae a thugtar air freisin. Sna margaí leictreachais, ciallaíonn sé sin méid comhaontaithe leictreachais a sholáthar ar praghas aontaithe ar an lá céanna a ndearnadh an comhaontú. Nuair a bheidh an t-aistriú go I-SEM curtha i gcrích, beidh rannán nua de SEMO ag oibriú an mhargaidh ionlae leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann.

**I-SEM**
Margadh Comhtháite Leictreachais Aonair. Tagraíonn an téarma don chaighdeán nua chun an Margadh Leictreachais Aonair a oibriú. Nuair chríochnófar é, beidh sé ar chumas an SEM comhtháthú le margaí fuinnimh ar feadh na hEorpa.

**Cileavolta (kV)**
Is é sin voltas Oibriúcháin trealamh tarchurtha leictreachais. Is ionann cileavolta agus míle volta. Is é 400 kV an voltas is airde ar chóras tarchurtha na hÉireann.

**Mheigeavata (MW)**
Is ionann meigeavata agus 1,000,000 vata. Is é an vata an t-aonad caighdeánach cumhachta (Féach thíos le haghaidh sainmhíniú ar vata).

**Meabhrán Tuisceana**
Comhaontú idir dhá pháirtí nó níos mó. Tugtar cur síos ann ar chomhaontú faoi chomhshraith bearta nó céimeanna.

**NEMO**
Oibreoir Ainmnithe Margaidh Leictreachais. Tá NEMO ag gach críoch san Eoraip arna ainmniú ag a rialtóir fuinnimh féin. Tá an NEMO freagrach as trádáil don lá dar gcionn agus as trádáil ionlae don mhargadh leictreachais sin a reáchtáil. Ní féidir níos mó ná NEMO amháin a bheith in aon chríoch faoi leith toisc gur féidir dul san iomaíocht chun a chuid feidhmeanna a fháil. Is seirbhísí tráchtála iad sin, agus ní ionann iad agus na seirbhísí riachtanacha margaidh atá ag teastáil chun margadh leictreachais ag feidhmiú.

**Neartú**
Cumas na heangaí leictreachais atá ann a mhéadú trí bhonneagar nua a thógáil nó trí uasghrádú an trealaimh atá ann.

**Giniúint in-athnuaite**
Leictreachas a ghiniúint ag baint úsáide as fuinneamh in-athnuaite, mar fhuinneamh uisce, gaoth, grian, taoide nó bithmhais.

**Réseau de Transport d'Électricité (Rté)**
Oibreoir Chóras Tarchurtha Leictreachais na Fraince. Tá sé freagrach as oibriú, cothabháil agus forbairt na heangaí leictreachais is mó san Eoraip.

**SEM**
An Margadh Aonair Leictreachais. Cuimsíonn an margadh Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Ceadaíonn sé leictreachas a thrádáil agus a sholáthair ar bhonn uile-oileánda.

**SEMO**
Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair. Is cuideachta de chuid an Ghrúpa EirGrid é a reáchtálann Margadh Leictreachais Aonair Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Cuireann sé na seirbhísí riachtanacha i gcrích atá ag teastáil chun margadh feidhmiúil a choinneáil ar bun le haghaidh leictreachas mórdhíola.

**Eangach Cliste**
Is eangach leictreachais é sin ina n-úsáidtear teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide mar aon le teicneolaíocht nua tarchurtha chun go bhféadfar monatóireacht agus rialú a dhéanamh i bhfíor-am ar ghiniúint agus ar thomhailt leictreachais agus ar shreabha cumhachta.

**SONI**
Oibreoir Córais Thuaisceart Éireann. Tá an eagraíocht sin ina chuid de Ghrúpa EirGrid. Déanann sé an eangach tharchurtha leictreachais i dTuaisceart Éireann a bhainistiú, a oibriú agus a fhorbairt.

**Páirtithe Leasmhara**
Is daoine aonair nó eagraíochtaí iad sin a d'fhéadfadh oibríochtaí gcuideachtaí Ghrúpa EirGrid difear a dhéanamh dóibh, nó a d'fhéadfadh siad féin tionchar a imirt orthu.

**Fostáisiún**
Sraith d'fhearas leictreach a úsáidtear chun ciorcaid a idirnascadh agus an voltas atá á sheoladh thar líne nó cábla a athrú.

**Sciar den Chóras Neamh-Sioncrónach (SNSP)**
Tomhaiseann SNSP an méid is mó leictreachais in-athnuaite ar féidir leis an eangach a iompar.

**Líne tharchurtha**
Líne chumhachta ardvoltais a iompraíonn 400 kV, 220 kV nó 110 kV ar chóras tarchurtha na hÉireann. Is féidir méid mór cumhachta a sheoladh ar ardvoltas thar achar fhada agus gan ach an méid is lú de a chailliúint.

**Eangach nó Líonra Tarchurtha**
Is líonra é sin de línte cumhachta, cáblaí agus fostáisiúin ardvoltais ar fud na hÉireann atá thart ar 6,800 km ar fad. Nascann sé gineadóirí leictreachais leis an ngréasán dáileacháin agus soláthraíonn sé fuinneamh do chustaiméirí móréilimh. Tá sé á fheidhmiú ag EirGrid agus is leis an BSL é.

**UR**
The Utility Regulator (An Rialtóir Fóntais). Rialaíonn an institiúid sin ár ngníomhaíochtaí i dTuaisceart Éireann.

**Voltas**
Is éard atá i voltas ná tomhas an nirt fhéideartha atá i sreabhadh leictreachais - tá sé cosúil leis an 'mbrú' i gcóras uisce. Is ionann voltas agus tomhas luchta leictreach nó an poitéinseal idir dhá phointe (i réimse leictreach) faoi mar a bhíonn idir an foirceann dearfach agus an forcheann diúltach i gceallra. Dá mhéid an voltas is ea is mó a bhíonn sreabhadh féideartha an tsrutha leictrigh.

**Vata**
Is é an vata an t-aonad caighdeánach cumhachta i gCóras Idirnáisiúnta na nAonad. Tomhaiseann vata an ráta ag a bhfuil fuinneamh á tháirgeadh nó á thomhailt. Mar shampla, déanfaidh fearas leictreach ard-vata níos mó fuinnimh a thomhailt ná fearas íseal-vata.

# Ráitis Airgeadais
## Clár na nÁbhar


Tuairisc na Stiúrthóirí . . . . . 58

Ráiteas Freagrachta na Stiúrthóirí . . . . . 68

Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha . . . . . 69

Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite . . . . . 71

Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach . . . . . 72

Clár Comhardaithe Comhdhlúite . . . . . 73

Clár Comhardaithe na Cuideachta . . . . . 74

Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas . . . . . 75

Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas . . . . . 76

Ráiteas Comhdhlúite Sreabhaidh Airgid . . . . . 77

Ráiteas Sreabhaidh Airgid na Cuideachta . . . . . 78

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais . . . . . 79

# Tuairisc na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí i láthair a dtuarascáil bhliantúil agus Ráitis Airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016.

## Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa seirbhísí naisc, tarchuir agus margaidh d'ardchaighdeán a sholáthar do ghineadóirí, do sholáthraithe agus do chustaiméirí a bhaineann úsáid as an gcóras leictreachais ardvoltais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tá an fhreagracht ar EirGrid cpt an bonneagar greille is gá chun tacú le forbairt gheilleagair na hÉireann agus Thuaisceart Éireann a chur ann. Tá an Grúpa freagrach freisin as oibriúchán an mhargaidh mhórdhíola leictreachais ar fud oileán na hÉireann. Is leis an nGrúpa freisin an tIdirnascaire Thoir Thiar (EWIC) a nascann na greillí leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór agus oibríonn siad é.

Bailíonn an Grúpa taraifí chun tacú leis na gníomhaíochtaí seo. Ceadaíonn na taraifí seo dreasachtaí chomh maith le sochar rialaithe ar chaipiteal a infheistítear sa ghnó, rud a ghineann luach don Ghrúpa san fhadtéarma.

## Torthaí agus athbhreithniú an Ghnó

Tá sonraí maidir le torthaí airgeadais an Ghrúpa leagtha amach sa Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite ar leathanach 71 agus na nótaí 1 go 30 atá ag gabháil leis.

Tháinig an tréimhse reatha atá á thuairisciú anseo chun deiridh ar an 30 Meán Fómhair 2016. Tá na figiúir chomparáideacha ag freagairt don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015. Tá tionchar an Idirnascaire Thoir Thiar (EWIC) ar an Ráiteas Ioncaim scartha amach chun cabhrú comparáid a dhéanamh. Tá tuilleadh mionsonraí ar an Idirnascaire Thoir Thiar le fáil i Nóta 7, lena n-áirítear an tionchar a tuairiscíodh ar bhrabús na bliana airgeadais seo.

I mí na Nollag 2015, d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) in Éirinn Cinneadh Deiridh maidir le Rialú Praghsanna EirGrid Rogha Córais Theicniúil do na blianta 2016-2020. I mí Feabhra na bliana 2016 d'eisigh Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann (URegNI) Cinneadh Deiridh maidir le Rialú Praghasanna SONI Oibreoir Córais Tarchurtha (OCT) do na blianta 2016-2020, ach tá na Mionathruithe Ceadúnais fós le foilsiú.

Tá tráchtaireachtaí ar fheidhmiúchán le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016, lena n-áirítear eolas ar imeachtaí a tharla le déanaí agus forbairtí a tharlóidh amach anseo, i dTuarascáil an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

## Rialachas Corparáideach

Tá an Grúpa tiomanta do na caighdeáin is airde a choinneáil ó thaobh rialachas corparáideach de. Le linn na bliana sin chomhlíon an Grúpa Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú ('an Cód') arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais ar an 15 Meitheamh 2009. Leagtar amach sa Chód na prionsabail a bhaineann le rialachas corparáideach a bhfuil ceangal ar Bhoird Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Comhlíonann an Grúpa le rialachas corparáideach agus le hoibleagáidí eile forchurtha ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus ag an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. Tugann an Grúpa aird freisin ar phrionsabail Chód um Rialachas Corparáideach na Ríochta Aontaithe a ndearnadh athbhreithniú air i mí Mheán Fómhair 2014 agus Iarscríbhinn Rialachas Corparáideach na hÉireann arna eisiúint i mí na Nollag 2010.

## Prionsabail an Dea-Rialachais

### Comhaltaí an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin, an Príomhfheidhmeannach, ina ról mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Stiúrthóir mar ionadaí ar na fostaithe agus seachtar Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin. Ceapann an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil gach Stiúrthóir agus leagtar amach i bhfoirm scríbhinne a dtéarmaí oifige.

### An Bord

Cé go dtarmligtear freagracht ó lá go lá as ceannaireacht agus stiúir an Ghrúpa don Phríomhfheidhmeannach agus dá Fhoireann Bainistíochta, laistigh de theorainneacha sainmhínithe údaráis, is é an Bord atá freagrach ar deireadh thiar as feidhmiúchán an Ghrúpa.

Tá na Stiúrthóirí eolach ar, agus tá beartaithe ag gach duine acu Cód an Ghrúpa um Iompar Gnó do Stiúrthóirí a chomhlíonadh.

Tá nósanna imeachta leagtha amach don athbhreithniú bliantúil ar fheidhmiúchán an Bhoird agus an Chathaoirligh. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord do chúrsaí a bhaineann leis féin go sonrach chun cinneadh a dhéanamh ag Cruinnithe Boird a thionóltar ar bhonn míosúil go hiondúil. Cuirtear amach chuig comhaltaí an Bhoird páipéir boird, lena n-áirítear ráitis airgeadais, an tseachtain roimh na Cruinnithe Boird.

Bíonn faill ag comhaltaí an Bhoird ar chomhairle ghairmiúil neamhspleách agus iad ag bisiú a gcuid dualgas. Tá teacht ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Tá clúdach árachais ann chun comhaltaí agus Oifigigh an Bhoird a chosaint ó dhliteanas ag éirí as caingne dlí a thógtar ina leith agus iad i gcúrsa dualgais.

Bíonn athbhreithniú bliantúil ar siúl ag an mBord ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear cúrsaí airgeadais, comhlíonadh agus bainistíocht riosca. Mar a tugadh faoi deara i gcuid an Rialaithe Inmheánaigh de Thuarascáil an Stiúrthóra, níor aithin an Bord, nó níor cuireadh comhairle ar an mBord, faoi aon teip nó laige a measadh a bheith suntasach.

## Coistí an Bhoird sa bhliain 2016

Tá struchtúr éifeachtach coiste ag an mBord chun cabhrú le comhlíonadh a dhualgas, lena n-áirítear líon coistí. Le linn na bliana airgeadais ba iad seo na buanchoistí a bhí ann: an Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Luacha Saothair, an Coiste um Thionscadal Bhonneagar na Greille, Coiste na bPinsean, an Coiste Gnóthaí Poiblí agus an Coiste Rioscaí (bunaithe ar an 14 Aibreán 2016). Scoradh Coiste na bPinsean ar an 15 Meitheamh 2016 mar mheas an Bord gur freagracht dhíreach de chuid an Bhoird í freagracht ar chúrsaí pinsin. Le linn na bliana airgeadais rinne an Bord athbhreithniú agus nuashonrú ar bhallraíocht a chuid coistí.

Is í an fheidhm atá leis an gCoiste Iniúchóireachta ná cabhrú leis an mBord ina chuid freagrachtaí maoirseachta maidir leis an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, córas an rialaithe inmheánaigh, próiseas na hiniúchóireachta, monatóireacht ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí agus comhlíonadh na ndlithe agus na rialúchán lena n-áirítear Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá an Bord féin sásta go raibh ar a laghad comhalta amháin den Choiste ann a raibh taithí ábhartha aige/aici a fuarthas le déanaí ag gach uile thréimhse den bhliain airgeadais.

Chloígh EirGrid cuideachta phoiblí theoranta (cpt) le polasaí an Rialtais maidir le luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh. Is é an Coiste Luacha Saothair, le comhthoil ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chinneann ar leibhéal luacha saothair an Phríomhfheidhmeannaigh. Ceadaíonn an Coiste struchtúr an luacha saothair don Ardbhainistíocht freisin.

Is í an fheidhm atá ag an gCoiste um Thionscadal Bhonneagar na Greille ná maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéise um fhorbairt greille agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail bonneagair a bhfuiltear ag súil leo teacht chun tosaigh lena bhfaomhadh go luath sa todhchaí.

Is í an fheidhm atá le Coiste na bPinsean ná monatóireacht a dhéanamh ar inbhuanaitheacht dualgas éagsúil pinsin an Ghrúpa EirGrid a bhfuiltear tar éis aontú leo agus monatóireacht a dhéanamh ar inmharthanacht leanúnach gach ceann de na scéimeanna. Scoradh Coiste na bPinsean ar an 15 Meitheamh 2016 mar mheas an Bord gur freagracht dhíreach de chuid an Bhoird í freagracht ar chúrsaí pinsin.

Is í an fheidhm atá leis an gCoiste um Ghnóthaí Poiblí maoirseacht ar ghnóthaí poiblí agus ar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ar fud an Ghrúpa.

Is í an fheidhm atá leis an gCoiste Rioscaí maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an bPolasaí um Bainistíocht Rioscaí agus ar an gCreat um Bainistíocht Rioscaí, agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhonn priacal EirGrid agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na bhfreagairtí i neamhchosaint eochair-réimsí ina bhfuil rioscaí.

## Freastal ar Chruinnithe

### Cruinnithe Boird

Tionóladh 12 chruinniú Boird le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016. Anseo thíos tá taifead ar fhreastal na gComhaltaí Coiste ar na cruinnithe seo:

| | I dteideal Freastail | D'fhreastail |
|---|---|---|
| John O'Connor (Cathaoirleach) | 12 | 12 |
| Doireann Barry | 12 | 12 |
| Michael Hand | 12 | 11 |
| Gary Healy (d'éirigh as ar an 14 Meán Fómhair 2016) | 12 | 11 |
| Liam O'Halloran | 12 | 12 |
| Bride Rosney (d'éirigh as ar an 14 Meán Fómhair 2016) | 12 | 12 |
| Fintan Slye | 12 | 12 |
| Joan Smyth | 12 | 12 |
| Richard Sterling | 12 | 11 |
| Gerry Walsh (d'éirigh as ar an 28 Bealtaine 2016) | 8 | 8 |

Comhaltaí an Bhoird ar an dáta arna síniú na ráiteas airgeadais ab ea John O'Connor (Cathaoirleach), Doireann Barry, Liam O'Halloran, Michael Hand, Fintan Slye, Joan Smyth, agus Richard Sterling.

### An Coiste Iniúchóireachta

Tionóladh 5 chruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016. Anseo thíos tá taifead ar fhreastal na gComhaltaí Coiste ar na cruinnithe seo:

| | I dteideal Freastail | D'fhreastail |
|---|---|---|
| Richard Sterling (Cathaoirleach) | 5 | 5 |
| Doireann Barry | 5 | 5 |
| Gary Healy (d'éirigh as ar an 14 Meán Fómhair 2016) | 5 | 5 |
| Gerry Walsh (d'éirigh as ar an 28 Bealtaine 2016) | 3 | 3 |

Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta ar an dáta arna síniú na ráiteas airgeadais ab ea Richard Sterling (Cathaoirleach), Doireann Barry agus Joan Smyth (arna ceapadh ar an 20 Deireadh Fómhair 2016).

### An Coiste Luacha Saothair

Tionóladh 5 chruinniú de chuid an Choiste Luacha Saothair le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016. Anseo thíos tá taifead ar fhreastal na gComhaltaí Coiste ar na cruinnithe seo:

| | I dteideal Freastail | D'fhreastail |
|---|---|---|
| Joan Smyth (Cathaoirleach) | 5 | 5 |
| Liam O'Halloran | 5 | 5 |
| John O'Connor | 5 | 4 |

Comhaltaí an Choiste Luacha Saothair ar an dáta arna síniú na ráiteas airgeadais ab ea Joan Smyth (Cathaoirleach), John O'Connor agus Liam O'Halloran.

### An Coiste um Thionscadal Bhonneagar na Greille

Tionóladh 4 chruinniú de chuid an Choiste um Thionscadal Bhonneagar na Greille le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016. Anseo thíos tá taifead ar fhreastal na gComhaltaí Coiste ar na cruinnithe seo:

| | I dteideal Freastail | D'fhreastail |
|---|---|---|
| John O'Connor (Cathaoirleach) | 4 | 4 |
| Michael Hand | 4 | 3 |
| Bride Rosney (d'éirigh as ar an 14 Meán Fómhair 2016) | 4 | 4 |
| Richard Sterling | 4 | 4 |

Comhaltaí an Choiste um Thionscadal Bhonneagar na Greille ar an dáta arna síniú na ráiteas airgeadais ab ea John O'Connor (Cathaoirleach), Michael Hand, agus Richard Sterling.

## Coiste na bPinsean

Tionóladh 4 chruinniú de chuid Choiste na bPinsean le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016. Anseo thíos tá taifead ar fhreastal na gComhaltaí Coiste ar na cruinnithe seo:

| | I dteideal Freastail | D'fhreastail |
|---|---|---|
| Gary Healy (Cathaoirleach) | 4 | 3 |
| Doireann Barry | 4 | 4 |
| Michael Hand | 4 | 4 |
| Fintan Slye | 4 | 4 |
| Joan Smyth | 4 | 4 |

Scoradh Coiste na bPinsean ar an 15 Meitheamh 2016 mar mheas an Bord gur freagracht dhíreach de chuid an Bhoird í freagracht ar chúrsaí pinsin.

## An Coiste um Ghnóthaí Poiblí

Tionóladh 4 chruinniú de chuid an Choiste um Ghnóthaí Poiblí le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016. Anseo thíos tá taifead ar fhreastal na gComhaltaí Coiste ar na cruinnithe seo:

| | I dteideal Freastail | D'fhreastail |
|---|---|---|
| Bride Rosney (Cathaoirleach) (d'éirigh as ar an 14 Meán Fómhair 2016) | 4 | 4 |
| Liam O'Halloran | 4 | 4 |
| Joan Smyth (arna ceapadh ina Cathaoirleach ar an 20 Deireadh Fómhair 2016) | 4 | 4 |
| Gerry Walsh (d'éirigh as ar an 28 Bealtaine 2016) | 2 | 2 |

Comhaltaí an Choiste um Ghnóthaí Poiblí ar an dáta arna síniú na ráiteas airgeadais ab ea Joan Smyth (Cathaoirleach), Doireann Barry (arna ceapadh ar an 19 Deireadh Fómhair 2016) agus Liam O'Halloran.

## An Coiste Riosca

Bunaíodh an Coiste Riosca ar an 14 Aibreán 2016. Tionóladh 3 chruinniú de chuid an Choiste Rosca le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016. Anseo thíos tá taifead ar fhreastal na gComhaltaí Coiste ar na cruinnithe seo:

| | I dteideal Freastail | D'fhreastail |
|---|---|---|
| Liam O'Halloran (Cathaoirleach) | 3 | 3 |
| Doireann Barry | 3 | 2 |
| Michael Hand | 3 | 2 |
| Gerry Walsh (d'éirigh as an 28 Bealtaine 2016) | 1 | 1 |

Comhaltaí an Choiste Riosca ar an dáta arna síniú na ráiteas airgeadais ab ea Liam O'hallaran (Cathaoirleach), Doireann Barry, agus Michael Hand.

## Príomhrioscaí agus Príomh-Neamhchinnteachtaí

### Bainistíocht Riosca

Tá próiseas cuí um bainistíocht riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa a shainaithníonn na rioscaí criticiúla neamhchosanta dó agus dearbhaíonn sé go ndéantar bearta cearta um maolú riosca. Le linn na bliana airgeadais rinne na Stiúrthóirí measúnú láidir ar na príomhrioscaí a bhíonn os comhair an Ghrúpa. Déanann feidhmeannas inmheánach iniúchóireachta an Ghrúpa athbhreithniú seasta ar rialúcháin agus ar chórais inmheánacha ar fud an ghnó agus cuireann sé moltaí chun feabhais faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta. Bunaíodh Coiste Riosca in Aibreán na Bliana 2016 chun maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an bPolasaí um Bainistíocht Riosca agus ar an gCreat um Bainstíocht Riosca, chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhonn riosca EirGrid agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na bhfreagairtí ar eochair-réimsí ina bhfuil rioscaí neamhchosanta.

### Cúrsaí Airgeadais

Baineann príomhrioscaí airgeadais an Ghrúpa le riosca leachtachta, riosca margaidh (go sonrach riosca an ráta mhalairte eachtraí, riosca an ráta úis agus riosca an tsreabhaidh airgid) agus riosca creidmheasa. Déantar athbhreithniú rialta ar pholasaithe chun an Grúpa a chosaint ó na rioscaí seo agus faofaítear ag an mBord iad de réir mar is cuí.

Is é príomhriosca airgeadais an Ghrúpa é go mbíonn go leor leachtachta ann i gcás go dtarlaíonn foghnóthú suntasach rialála. Déanann an Bord gach iarracht le cinntiú go mbíonn línte bainc ina n-áit le go mbeidh ar a chumas riachtanas den chineál seo a mhaoiniú, ar feitheamh aisghabhála i dtréimhse praghsála rialála ina dhiaidh sin.

Mar ghnó rialáilte, ag oibriú in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, ní bhaineann aon riosca suntasach praghsála le gníomhaíochtaí an Oibreora Córais Tarchurtha. Díorthaíonn an Grúpa thart ar 24% dá ioncam ón Ríocht Aontaithe agus mar sin de bíonn teagmháil aige le luaineacht airgeadra Euro/Steirling. Tá an riosca leathmhaolaithe ag formhór ioncaim agus caiteachais ó oibríochtaí de chuid an Ríochta Aontaithe ainmnithe i Steirling. Tá an Grúpa tar éis iarracht a dhéanamh an neamhchosaint seo a laghdú ó oibríochtaí maoinithe an Ríochta Aontaithe ag baint úsáide as iasachtaí Steirling.

Maoiníonn an Grúpa cuid dá chuid oibríochtaí ag baint leasa as iasachtaí. Déanann an Grúpa iarracht éifeachtaí an ráta úis a laghdú ag éirí as a ghníomhaíocht oibríochtúil agus airgeadais trí leas a bhaint as ionstraimí díorthacha airgeadais chun neamhchosaint riosca a fhálú. Tá an Grúpa tar éis dul isteach i rátaí úis díorthacha chun rátaí úis a chóiriú ar a fhiachas. Ní théann an Grúpa isteach in ionstraimí airgeadais trádála, lena n-áirítear ionstraimí díorthacha airgeadais, ar son cuspóirí amhantracha.

Urscaoileann an Grúpa a oibleagáidí Oibreora Margaidh trí chomhoibríocht conartha. Faoi théarmaí an Chóid Trádála agus Socraíochta don Mhargadh Aonair Leictreachais iarrtar ar gach rannpháirtí clúdach creidmheasa a sholáthar ag leibhéal a chuireann Oibritheoir an Mhargaidh in iúl dó. Is féidir clúdach creidmheasa den chineál seo a sholáthar i bhfoirm litir theannta creidmheasa nó i dtaisce airgid thirim a choinnítear i gcuntas cúltaca comhthaobhach don Mhargadh Aonair Leictreachais (coinnítear cuntais urrúis faoi ainm na rannpháirtithe margaidh). Roinntear aon drochfhiach a eascraíonn sa Mhargadh Aonair Leictreachais, sa mhéid is a sháraíonn sé an clúdach creidmheasa atá ar fáil, i measc na ngineadóirí agus ní íocann Oibreoir an Mhargaidh as. Tá socruithe cuí i bhfeidhm freisin maidir le bainistíocht a dhéanamh ar riosca creidmheasa an Ghrúpa ag éirí as gníomhaíochtaí an Oibreora Chórais Tharchurtha.

Tagraíonn riosca creidmheasa don riosca go ndéanfaidh contrapháirtí mainneachtain ar a oibleagáidí conartha agus go gcaillfeadh an Grúpa airgead dá dheasca sin. Bíonn an Grúpa neamhchosanta ó riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe lena bhfuil cuntais bainc aige. Déanann an Grúpa an neamhchosaint seo a mhaolú trí chistí a leathú i measc roinnt institiúidí airgeadais a bhfuil rátáil chreidmheasa acu, ó ghníomhaireacht neamhspleách rátála, i gcomhréir le Polasaí Ciste faofa ag an mBord. Bíonn an Grúpa neamhchosanta freisin ó riosca ó chontrapháirtithe ar áiseanna neamhtharraingthe agus ó ionstraimí babhtála rátaí úis. I gcomhréir lenár bPolasaí Ciste bíonn an Grúpa ag déileáil le contrapháirtithe a bhfuil rátaí arda creidmheasa acu chun an riosca seo a mhaolú.

Is é polasaí agus cleachtas an Ghrúpa é sonraisc a shocrú go pras agus de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a aontaíodh leis na soláthróirí.

## Oibríochtaí Córais agus Margaidh

Tá an Grúpa freagrach as oibríocht shlán córas tarchuradóireachta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann agus as oibríocht Margaidh Aonair Leithreachais ar fud an oileáin. Tá clár iomlán i bhfeidhm chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh. San áireamh anseo tá:

- Láithreáin thaca do na hionaid rialaithe i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste, a ndéantar tástáil orthu go rialta;
- Clár cuimsitheach árachais i bhfeidhm i gcomhar le sainchomhairleoirí árachais;
- Nósanna imeachta cuimsitheacha oibriúcháin córais chumhachta a ndéantar athbhreithniú rialta orthu agus atá de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr;
- Caighdeáin agus polasaithe cothabhála greille, arna dtacú ag Comhaontú Bonneagair mionsonraithe leis an mBSL mar Úinéir Sócmhainní Tarchuradóireachta in Éirinn;
- Slándáil Córais Tarchuradóireachta agus Caighdeáin Phleanála, arna dtacú ag Comhshocraíocht Comhéadain Tarchuradóireachta le NIE mar Úinéir Sócmhainní Tarchuradóireachta i dTuaisceart Éireann;
- Tacaíocht do thréimhse réamhthógála an líonra in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ag Oifig Bainistíochta Clár atá ag feidhmiú go hiomlán, agus a bhfuil polasaithe éifeachtacha agus cuí aici, próisis agus rialúcháin; agus
- fócas leanúnach bainistíochta ar gach gné de shláinte agus shábháilteacht. Tá Córas Bainistíochta Sábháilteachta (deimhnithe go OHSAS 18001) faofa agus curtha i bhfeidhm.

## Pinsin

Oibríonn EirGrid dhá scéim sochair sainmhínithe d'fhostaithe a cháilíonn lena n-aghaidh. I measc na rioscaí a bhaineann leis an costas chun scéimeanna den chineál sin a sholáthar tá athruithe i rátaí úis, leibhéal an bhrabúis ar shócmhainní pinsin, athruithe in ionchais saoil agus athruithe i mboilsciú praghais agus tuarastail. Is é €53.9m (2015: €27.2m) easnamh an IAS19 faoi láthair a áirítear sna ráitis airgeadais faoin 30 Meán Fómhair 2016, roimh an gcáin iarchurtha.

## Forbairt Líonra

Tá an fhreagracht ar EirGrid cpt an bonneagar greille is gá chun tacú le forbairt gheilleagair na hÉireann agus Thuaisceart Éireann a chur ann. Is iad príomhghníomhaíochta EirGrid ina thaobh seo ná pleanáil agus soláthar i dtreo naisc nua do ghineadóirí agus do chustaiméirí a bhaineann úsáid as, nó a bhíonn ag iarraidh úsáid a bhaint as an gcóras ardvoltais leictreachais agus tionscadail atreisithe líonra tarchuradóireachta ar fud Éireann agus Thuaisceart Éireann. Tá riosca ann go mbeidh moill ann agus méadú dá dheasca sin ar an gcostas a bhaineann le tionscadail chasta líonra den chineál seo. Chun bainistíocht a dhéanamh air seo, foilsíonn EirGrid treoir ar fhorbairt líonra agus tá creat láidir measúnaithe tionscadal i bhfeidhm aige. Déanann sé síormheasúnú freisin ar a chuid próiseas agus nósanna imeachta le cinntiú go mbíonn siad ag teacht leis an gcleachtas is fearr agus in oiriúint don ghnó agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais an phobail agus na bpobal éagsúil a dtéimid i ngleic leo.

## Timpeallacht Rialáilte

Oibríonn EirGrid i dtimpeallacht rialáilte (ach amháin i gcás a ghnó teileachumarsáide). D'fhéadfadh athruithe polasaí rialáilte tionchar suntasach a imirt ar an gcaoi a bhfeidhmímid agus ar ár bhfeidhmiúchán airgeadais. Tá foireann thiomnaithe Rialáilte againn agus bímid i gcónaí ag iarraidh teagmháil chuiditheach agus onnghníomhach a dhéanamh an t-am ar fad leis na hÚdaráis Rialáilte.

## Idirnascaire Thoir Thiar

Tá an Grúpa freagrach freisin as bainistiú sócmhainní agus as oibriú an Idirnascaire Thoir Thiar (EWIC) a nascann na greillí leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór. Tá riosca ann go dtarlódh damáiste fisiciúil don Idirnascaire Thoir Thiar (EWIC) agus féidearthacht ann go mbeadh éaradh seirbhíse faidréiseach den Idirnascaire Thoir Thiar ann dá dheasca chomh maith le costais shuntasacha athchóirithe; ach tá nósanna imeachta cuimsitheacha oibríochtúla chomh maith le socruithe cothabhála i bhfeidhm don Idirnascaire Thoir Thiar, lena n-áirítear socruithe cuí árachais.

## Breatimeacht

Tá Grúpa Athbhreithnithe bunaithe ag EirGrid chun monatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le Breatimeacht. Tuairiscíonn an grúpa don Bhord ar bhonn rialta.

## Cibearshlándáil

Aithníonn EirGrid Cibearshlándáil mar riosca criticiúil. Oibrímid sraith polasaithe slándála agus caighdeán agus bainimid feidhm as meicníochtaí cuimsitheacha ar chosaint imlíneach. Déantar oiliúint Feasachta ar Shlándáil a chur i bhfeidhm do gach ball foirne agus déantar monatóireacht leanúnach ar Shlándáil Teicneolaíocht Faisnéise agus ar thuairisciú comhlíonta.

## Rialuithe Inmheánacha

Cuimsíonn córais rialaithe inmheánach polasaithe, próisis, tascanna, iompraíocht agus gnéithe eile an Ghrúpa, agus nuair a nasctar le chéile iad:

- Déanann siad éascú ar oibríochtaí éifeachtacha agus éifeachtúla trí chabhrú leis an nGrúpa freagairt do rioscaí;
- Déanann siad cáilíocht an tuairiscithe inmheánaigh agus seachtraigh a chinntiú; agus
- Deimhníonn siad go gcomhlíontar na dlithe, na rialúcháin agus na polasaithe inmheánacha is infheidhme.

Tá freagracht foriomlán ar an mBord as córais rialaithe inmheánacha agus as monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht agus ar an gcaoi seo is é cuspóir an Bhoird é córas slán rialaithe inmheánach a chothabháil chun spéiseanna scairshealbhóirí agus sócmhainní an Ghrúpa a ráthú. Tá na córais seo deartha chun ráthaíocht réasúnta, ach ní dearbhráthaíocht, i leith míshonrú ábhair nó caillteanais ábhair. Chun an fhreagracht a chomhlíonadh ar bhealach a dhearbhaíonn go gcomhlíontar reachtaíocht agus rialúcháin, tá struchtúr eagraíochtúil curtha ar bun ag an mBord a bhfuil nósanna imeachta soiléire tuairiscithe ann, línte freagraíochta, teorainneacha údaraithe, leithscaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Is iad seo a leanas eochairghnéithe próiseas rialaithe inmheánach an Ghrúpa:

- Polasaithe agus nósanna imeachta sainmhínithe maidir le cúrsaí caiteachais agus ciste;
- Tuairisciú tráthúil airgeadais ar bhonn míosúil;
- Ullmhúchán agus monatóireacht ar fheidhmiúchán i leith, buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú agus faomhadh orthu;
- Feidhm inmheánach iniúchóireachta a dhéanann athbhreithniú ar chórais chriticiúla agus ar rialtáin;
- Coiste Iniúchóireachta a dhéanann measúnú ar thuarascálacha iniúchóra agus a fhormheasann Ráitis Airgeadais sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird agus na scairshealbhóirí iad;
- Feidhmiúchán rialta ar phróiseas um bainistíocht riosca; agus
- Nósanna imeachta a chinntíonn comhlíonadh dlithe agus rialachán.

Bhunaigh an Bord Coiste Riosca le linn na bliana chun cabhrú leis an mBord a fhreagrachtaí maoirseachta maidir le bainistíocht riosca a chomhlíonadh.

Tá creat curtha i bhfeidhm ag an mBord chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na rialtán inmheánach, lena n-áirítear a phróiseas um bainistíocht riosca. Dearbhaíonn na Stiúrthóirí go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar éifeachtúlacht na rialtán inmheánach, an próiseas um bainistíocht riosca san áireamh. Le linn an athbhreithnithe seo, níor shainaithin an Bord, nó níor tugadh comhairle don Bhord, maidir le haon teip nó laige a mheastar bheith suntasach. Mar sin de níor measadh gur cuí dearbhú a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí riachtanacha.

Tá feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí ag an nGrúpa a sholáthraíonn clár bliantúil iniúchóireachtaí le cinntiú go mbíonn rialtáin éífeachtacha ag obair sna heochairphróisis airgeadais agus sna réimsí a bhfuil neamhchosaint níos airde riosca ag baint leo. Tuairiscíonn Ceannasaí na hIniúchóireachta Inmheánaí agus Comhlíontacháin an Ghrúpa don Choiste Iniúchóireachta gach ráithe agus, ar bhonn bliantúil, cuireann sé ráiteas urrúis ar éífeachtúlacht an rialaithe inmheánaigh, na bainistíochta riosca agus an rialachais chorparáidigh. Faoi na socruithe iniúchóireachta inmheánacha atá i bhfeidhm, tá rochtain ar áiseanna seachtracha speisialtóirí ag an Iniúchóireacht Inmheánach chun tacú lena gníomhaíochtaí.

## Luach Saothair Stiúrthóirí

Áirítear sna Ráitis Airgeadais €117,000 (2015: €112,000) i leith táillí an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra, de réir na leibhéal faofa um luach saothair don Chathaoirleach agus do Comhaltaí Boird Chomhlachtaí Stáit agus de réir na socruithe athbhreithnithe maidir le híocaíocht táillí boird d'fhostaithe san earnáil phoiblí faoi Phrionsabal na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe "Duine Amháin Tuarastal Amháin". Sa bhliain 2009 d'eisigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil treorú go laghdaítear táillí an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra. Sular eisíodh an treorú seo don Chathaoirleach agus do na Stiúrthóirí bhí cinneadh déanta acu siúd cheana féin glacadh go deonach le laghdú 10% ina gcuid táillí. Faoi na leibhéil fhaofa luacha saothair, b'ionann táillí an Chathaoirligh agus €21,600 sa bhliain le linn na bliana airgeadais (2015: €21,600 per annum). B'ionann táillí na Stiúrthóirí agus €12,600 an duine gach bliain le linn na bliana (2015: €12,600 an duine gach bliain).

Ba é Fintan Syle an t-aon Chomhalta Feidhmiúcháin Boird le linn na bliana. Is é an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a leagann síos luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh.

Buntuarastal, sochair inchánacha agus sochair áirithe scoir a chuimsíonn luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh. Déantar sochair scoir an Phríomhfheidhmeannaigh a ríomh ar an mbunphá amháin agus bíonn sé mar chuspóir ann soláthar scoir pinsin d'aon ochtódú a sholáthar chomh maith le haisce de thrí ochtódú den tuarastal le haghaidh gach bliana seirbhíse mar Phríomhfheidhmeannach. Ba iad seo a leanas na méaduithe i bpinsean fabhraithe agus in aisce fhabhraithe gan boilsciú a áireamh le linn na liana airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2016: €2,125 (2015: €2,125) agus €6,375 (2015: €6,375) faoi seach. Ba é €18,295 (2015: €16,170) an pinsean fabhraithe iomlán ag deireadh na bliana airgeadais agus ba é €60,035 (2015: €53,660) an aisce fhabhraithe iomlán. Ba é €30,406 luach aistrithe an úis ábhartha (2015: €28,541).

### Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh:

| | Bliain go dtí 30 Sep 2016 € '000 | Bliain go dtí 30 Sep 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 170 | 170 |
| Bónas bliantúil | - | - |
| Sochair inchánacha | 18 | 18 |
| Ranníocaíochtaí pinsin íoctha (sochar sainithe ar fad) | 29 | 29 |
| Táillí na Stiúrthóirí | - | - |
| **Iomlán** | **217** | **217** |

## Díbhinní

Seans go molfadh an Bord na heochairthosca seo a leanas agus iad ag déanamh measúnaithe ar an díbhinn bhliantúil:

- Airgead ar fáil: Faigheann an Grúpa ioncam taraifí a léirítear tríd an Ráiteas Ioncaim a mhaoiníonn costais oibríochtúla an Ghrúpa chomh maith le tionscadail chaipitil a ndéantar a chaipitliú agus a dhímheas thar thréimhsí sa todhchaí. Cruthaíonn sé seo neamhréir idir airgead ar fáil agus brabúis a tuairiscíodh.
- Coigeartú ionchasach ar fhoghnóthú/róghnóthú: Ní aithnítear aon fho- nó róghnóthú ar chostais tríd ioncam taraifí sna Ráitis Airgeadais. Léiríonn polasaí na ndíbhinní na tionchair ionchais ar bhrabúis sa todhchaí mar gheall ar choigeartú don bhliain airgeadais faoi/thar ghnóthú i rátaí taraifí amach anseo.
- Infheistíochtaí amach anseo: Maoiníonn an Grúpa sciartha de thionscadail Caipitil trí acmhainní atá ann. Measann an polasaí díbhinne infheistíochtaí ionchais agus infheistíochtaí tiomanta amach anseo.
- Leachtacht: Mar a tugadh faoi deara roimhe is é príomhriosca airgeadais an Ghrúpa é nach bhfuil go leor leachtachta ann i gcás go mbíonn leachtacht neamhleor ann faoi ghnóthú. Déanann an polasaí díbhinne measúnú ar bhainistíocht stuama an riosca seo.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar na tosca seo molann Stiúrthóirí an Ghrúpa íocaíocht na díbhínne deiridh is é sin €4,000,000 (2015: €3,500,000) don bhliain airgeadais dar críoch 30 Meán Fómhair 2016.

## Sainleas na Stiúrthóirí agus an Rúnaí i Scaireanna

Ní raibh sainleas ar bith ag baint leis na Stiúrthóirí ná leis an Rúnaí a bhí i seilbh oifige idir an 1 Deireadh Fómhair 2015 agus an 30 Meán Fómhair 2016 i scaireanna an Ghrúpa.

Tá gnáthscair amháin de chuid na Cuideachta ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nó ar a shon.

Tá scair amháin an duine i seilbh John O'Connor, Fintan Slye agus Tom Finn i scairchaipiteal na Cuideachta ar son an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Nuair a ceapadh Tom Finn mar Rúnaí na Comhlachta, aistríodh chuige an scairsheilbh a bhí roimhe sin ag Niamh Cahill (Iar-Rúnaí an Chomhlachta).

## Síntiúis Pholaitíochta

Ní thugann an Grúpa aon síntiús polaitíochta.

## Gnóthas Leantach

Déantar na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach mar go bhfuil an Bord sásta, tar éis dó fiosrúcháin cuí a dhéanamh, go bhfuil acmhainní cuí ag an nGrúpa chun an t-oibriúchán a choinneáil ar siúl go ceann i bhfad.

## Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na Stiúrthóirí chun comhlíonadh a dhearbhú le riachtanais Roinn 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifead cuntasóireachta a choimeád is ea fostaíocht phearsanra cuntasóireachta atá cáilithe i gceart agus go mbaintear úsáid as córais agus nósanna imeachta cuí cuntasóireachta. Coinnítear na taifid chuntasóireachta ag An tUbhchruth, 160 Bóthar Shelbourne, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

### Imeachtaí Iarchláir Comhardaithe

Ar an 21 de mhí na Nollag 2016, thug an Bord Pleanála cead pleanála, faoi réir coinníollacha áirithe, do chuid na hÉireann den Idirnascaire Thuaidh-Theas. Tá an Grúpa ag déanamh measúnaithe ar an gcinneadh. Leagtar síos i Nóta 29 de na ráitis airgeadais mionsonraí ar theagmhais shuntasacha iarchláir chomhardaithe.

### Iniúchóirí

Tá toilteanas léirithe ag na hiniúchóirí, ag Deloitte, ag Cuntasóirí Deimhnithe agus ag an nGnólacht Iniúchóireachta Reachtúil, chun fanacht in oifig de réir Mír 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

### Nochtadh Faisnéise d' Iniúchóirí

De réirr mar is eol do gach duine de na Stiúrthóirí atá in oifig ag dáta faofa na ráiteas airgeadais:

- níl aon eolas ábhartha iniúchóireachta ann nach bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas faoi; agus
- tá gach uile chéim ar cheart do na Stiúrthóirí bheith tógtha acu mar Stiúrthóirí tógtha chun iad féin a chur ar an eolas maidir le haon eolas ábhartha iniúchóireachta agus le dearbhú go bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

### Ráiteas Freagrachta na Stiúrthóirí

Ar mhaithe le mír 225 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (an "Acht"), aithnímidne, na Stiúrthóirí:

- freagracht as comhlíonadh na Cuideachta a chinntiú maidir lena hoibleagáidí mar a shainmhínítear iad i mír 225 (1) den Acht (na "hoibleagáidí cuí"); agus
- Dearbhaímid go bhfuil gach ceann acu seo a leanas déanta a chomhlíonadh:
  - (i). tá ráiteas comhlíonta tarraingthe (mar a shainmhínítear é i mír 225(3)(a) den Acht) a leagann amach polasaithe na Cuideachta (atá cuí de réir na cuideachta, dar linn) maidir le comhlíonadh na Cuideachta lena hoibleagáidí ábhartha;
  - (ii).tá socruithe nó struchtúir ábhartha, atá, dar linn, deartha le comhlíonadh ábhair a dhearbhú le hoibleagáidí ábhartha na Cuideachta, curtha i bhfeidhm; agus

le linn na bliana airgeadais dá dtagraíonn an tuarascáil seo, rinneadh athbhreithniú ar na socruithe nó ar na struchtúir a ndéantar tagairt dóibh in alt (ii) thuas.

## Ráiteas Freagrachta na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as ullmhúchán Thuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus na rialúcháin chuí.

De réir dhlí na gcuideachtaí in Éirinn ní mór do na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin reachtaíocht, tá roghnaithe ag na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais mar a ghlac an tAontas Eorpach leo ("creat ábhartha um thuairisciú airgeadais"). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní mór do na Stiúrthóirí gan na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin i gcás go mbíonn siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach agus cothrom ar na sócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta mar a bhí ag deireadh na bliana airgeadais agus ar an mbrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais agus go gcomhlíonann siad i ngach slí eile le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Agus na Stiúrthóirí ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, éilítear orthu:

- polasaithe oiriúnacha cuntasóireachta a roghnú don Mháthairchuideachta agus do ráitis airgeadais an Ghrúpa agus ansin iad sin a chur i bhfeidhm ar bhonn seasta;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a lua más amhlaidh go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi réir caighdeán infheidhme cuntasóireachta, na caighdeáin sin a shainaithint, agus nóta a dhéanamh den tionchar agus d'aon chúis a bhain le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé neamhfhóirsteanach talamh slán a dhéanamh de go leanfar d'fheidhmiú na cuideachta.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as dearbhú a dhéanamh de go gcoinníonn an chuideachta nó gurb é is cúis le go gcoinnítear taifid leordhóthanacha cuntasóireachta a mhíníonn agus a thaifeadann go beacht idirbhearta na cuideachta, a chabhraíonn in am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgid agus brabús nó caillteanas na cuideachta a aimsiú le cruinneas réasúnta, ag cabhrú leo a dhearbhú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus Tuarascáil an Stiúrthóra le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus go gcabhróidh sé le hiniúchadh a bheith déanta ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint chomh maith agus, mar sin, as gach beart réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine an eolais chorparáidigh agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na cuideachta.

**Faofa ag an mBord agus sínithe ar a son**

**John O'Connor,**
Cathaoirleach

**Richard Sterling,**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta

**Fintan Slye,**
Príomhfheidhmeannach

An 21 Nollaig 2016

# Tuarascáil Neamhspleách na nIniúchóirí do Chomhaltaí EirGrid cpt

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais EirGrid cpt don bhliain airgeadais dar críoch 30 Meán Fómhair 2016 lena n-áirítear Ráitis Airgeadais an Ghrúpa: An Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite, Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim Chuimsithigh, an Clár Comhardaithe Comhdhlúite, Ráiteas ar Athruithe i nGnáthscaireanna Comhdhlúite, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Comhdhlúite, agus Ráitis Airgid na Máthairchuideachta: Ráiteas na Cuideachta ar Ioncam Cuimsitheach, Clár Comhardaithe na Cuideachta, Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe i nGnáthscaireanna Comhdhlúite agus Ráiteas na Cuideachta ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí a ghabhann leis 1 go 30. Is é an creat ábhartha tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm in ullmhúchán ráiteas airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais mar a ghlac an tAontas Eorpach leo ("creat ábhartha um thuairisciú airgeadais").

Tá an tuarascáil seo a thabhairt do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlachas, de réir Mhír 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tá an obair iniúchóireachta déanta sa gcaoi gur féidir linn a chur in iúl do chomhaltaí na Cuideachtaí na cúrsaí sin ar gá dúinn a chur in iúl dóibh i dtuarascáil d'iniúchóirí agus don chúis sin amháin. Oiread agus is féidir de réir an dlí, ní ghlacaimid aon fhreagracht as aon duine seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar ghrúpa, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, agus as na tuairimí ar thángamar orthu.

### Freagrachtaí faoi seach na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí

Mar a shainmhínítear ar bhealach níos iomláine i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhúchán na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fírinneach agus cothrom agus go gcomhlíonann siad ar shlí eile le hAcht na gCuideachtaí 2014. Is í an fhreagracht atá orainn ná iniúchadh a dhéanamh agus tuairim a chur in iúl ar na ráitis airgeadais de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn). Éilíonn na caighdeáin sin orainn cloí le Caighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

### Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise dhóthanach a bhailiú i dtaca leis na suimeanna atá luaite agus leis na nithe atá nochta sna ráitis airgeadais chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais sin saor ó aon mhíshonrú ábhartha, cibé acu a bhí calaois nó feall ina gcúis leis. San áireamh anseo tá measúnú ar: más amhlaidh go bhfuil na beartais chuntasíochta in oiriúint le cúinsí an ghrúpa agus le cúinsí na máthairchuideachta agus más amhlaidh go bhfuil siad curtha i bhfeidhm go seasta agus leornochtaithe; réasúntacht meastachán suntasach cuntasaíochta de réir na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis ar fad sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016, cibé acu a bhaineann nó nach mbaineann sí le cúrsaí airgeadais, chun sainaithint a dhéanamh ar aon neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais arna n-iniúchadh agus chun sainaithint a dhéanamh ar aon fhaisnéis is cosúil a bheith mícheart go hábhartha bunaithe ar an eolas atá faighte againn le linn dúinn an t-iniúchadh a dhéanamh, nó nach bhfuil ag teacht leis an eolas sin. Sa chás go dtugaimid aon mhíshonrú nó aon neamhréir ábhartha faoi deara, déanaimid na himpleachtaí a mheas le haghaidh ár dtuarascála.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Chomhaltaí EirGrid cpt (ar lean)

**Tuairim ar na ráitis airgeadais**

Inár dtuairim:

- tugtar léargas fírinneach agus cothrom ar na sóchmhainní i ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta ar an 30 Meán Fómhair 2016 agus mar a bhain le brabús an ghrúpa don bhliain dar críoch an uair sin; agus
- tá ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta ullmhaithe mar is ceart de réir an chreata chuí tuairiscithe airgeadais agus, go sonrach, le riachtanais Acht um Chuideachtaí 2014.

**Ábhair a n-éilítear orainn le hAcht na gCuideachtaí, 2014 tuairisciú orthu**

- Fuaireamar gach faisnéis agus gach míniúchán a mheasaimid a bhí ag teastáil uainn chun críche ár n-iniúchta.
- Inár dtuairim féin ba leor taifid chuntasaíochta na máthairchuideachta chun na ráitis airgeadais a cheadú le bheith faoi réir agus iniúchta mar is cuí.
- Tá clár comhardaithe na máthairchuideachta i gcomhaontú leis na taifid chuntasaíochta.
- Táimid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

**Ábhair a n-éilítear orainn tuairisciú orthu de réir eisceachta**

Níl aon rud againn le tuairisciú air maidir leis na cúrsaí seo a leanas:

- Éilítear orainn, faoi fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014, a thuairisciú duit, sa chás, inár dtuairim, nach mbíonn luach saothair na stiúrthóirí ná na hidirbhearta arna sonrú de réir na reachtaíochta, nochta sa dlí.
- Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2009 ("an Cód"), éilítear orainn a thuairisciú duit mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánach airgeadais is gá duit faoin gCód, mar a áirítear é i dTuarascáil an Stiúrthóra, mura léiríonn sé comhlíonadh an Ghrúpa le halt 13.1 (iii) den Chód nó mura mbíonn sé ag teacht leis an eolas a bhfuil muid eolach air mar atá ón obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais.



**Ciarán O'Brien**
Do agus ar son Deloitte
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil, Baile Átha Cliath.

An 22 Nollaig 2016.

# Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite

Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2016

| | Nótaí | Gnó Neamh INTT Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Gnó INTT* Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Iomián Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Gnó Neamh INTT Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000 | Gnó INTT* Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000 | Iomián Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 3 | 629,937 | 42,679 | 672,616 | 635,422 | 70,755 | 706,177 |
| Dírchostais | 3 | (527,447) | - | (527,447) | (535,048) | - | (535,048) |
| Brabús comhlán | | 102,490 | 42,679 | 145,169 | 100,374 | 70,755 | 171,129 |
| Costais eile oibriúcháin | 5 | (97,288) | (21,771) | (119,059) | (91,434) | (19,734) | (111,168) |
| Brabús oibriúcháin | | 5,202 | 20,908 | 26,110 | 8,940 | 51,021 | 59,961 |
| Ús agus ioncam eile | 6 | 423 | - | 423 | 289 | 11 | 300 |
| Costais airgeadais | 6 | (1,132) | (17,545) | (18,677) | (743) | (18,805) | (19,548) |
| Brabús roimh cháin | 8 | 4,493 | 3,363 | 7,856 | 8,486 | 32,227 | 40,713 |
| Creidmheas cánach ioncaim/(costas) | | 9 | | | 866 | | |
| (6,931) | | | | | | | |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | | | **8,722** | | | 33,782 |

*** Gnó an Idirnascaire Thoir Thiar**

Is leis an nGrúpa freisin an tIdirnascaire Thoir Thiar a nascann na greillí leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór agus oibríonn siad é. Tá tionchar an Idirnascaire Thoir Thiar (EWIC) ar an Ráiteas Ioncaim scartha amach chun cabhrú le hinchomparáideacht. Tá breis mionsonraí ar fáil i Nóta 7.

# Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2016

| | Nótaí | Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Míreanna ar féidir go ndéanfaí athrangú orthu ina dhiaidh sin go brabús nó caillteanas:** | | | |
| Gluaiseacht i gcaillteanas neamhréadaithe i bhfáluithe ar an sreabhadh airgid | 27 | (20,647) | (3,128) |
| Cáin iarchurtha inchurtha i leith gluaiseachta i gcaillteanas neamhréadaithe i bhfáluithe ar an sreabhadh airgid | 9 | 2,590 | 381 |
| Difríochtaí in aistriú airgeadra | | 272 | (350) |
| **Líon iomlán na míreanna ar féidir go ndéanfaí athrangú orthu ina dhiaidh sin go brabús nó caillteanas** | | (17,785) | (3,097) |
| **Míreanna nach ndéanfar athrangú orthu ina dhiaidh sin go brabús nó caillteanas:** | | | |
| Ath-thomhas ar dhliteanas glansochair sainithe | 23 | (24,620) | (8,007) |
| Creidmheas cánach iarchurtha ar ath-thomhas | 9 | 3,347 | 980 |
| **Líon iomlán na míreanna nach ndéanfar athrangú orthu go brabús nó caillteanas** | | (21,273) | (7,027) |
| Brabús don bhliain airgeadais | | 8,722 | 33,782 |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh don bhliain** | | **(30,336)** | 23,658 |

# Ráiteas na Cuideachta ar Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2016

| | Nótaí | Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Míreanna ar féidir go ndéanfaí athrangú orthu ina dhiaidh sin go brabús nó caillteanas:** | | | |
| Gluaiseacht i gcaillteanas neamhréadaithe i bhfáluithe ar an sreabhadh airgid | 27 | (16,493) | (3,399) |
| Cáin iarchurtha inchurtha i leith gluaiseachta i gcaillteanas neamhréadaithe i bhfáluithe ar an sreabhadh airgid | 9 | 2,062 | 425 |
| **Líon iomlán na míreanna ar féidir go ndéanfaí athrangú orthu ina dhiaidh sin go brabús nó caillteanas** | | (14,431) | (2,974) |
| **Míreanna nach ndéanfar athrangú orthu ina dhiaidh sin go brabús nó caillteanas:** | | | |
| Ath-thomhas ar dhliteanas glansochair sainithe | 23 | (21,029) | (8,281) |
| Creidmheas cánach iarchurtha ar ath-thomhas | 9 | 2,628 | 1,035 |
| **Líon iomlán na míreanna nach ndéanfar athrangú orthu go brabús nó caillteanas** | | (18,401) | (7,246) |
| Brabús don bhliain airgeadais | | 23,022 | 41,685 |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh don bhliain** | | **(9,810)** | 31,465 |

# Clár Comhardaithe Comhdhlúite

Amhail ar an 30 Meán Fómhair 2016

| | Nótaí | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní nach sócmhainní reatha** | | | |
| Socmhainní doláimhsithe | 12 | 2,159 | 10,165 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 14 | 589,626 | 590,875 |
| Sócmhainn iarchurtha cánach | 9 | 24,387 | 16,991 |
| Trádáil agus infháltais eile | 15 | 36,760 | 60,460 |
| Iomlán na sócmhainní nach sócmhainní reatha iad | | 652,932 | 678,491 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Trádáil agus infháltais eile | 15 | 132,257 | 92,652 |
| Cáin reatha infhála | | 4,678 | 1,895 |
| Airgead tirim agus a chomhluach in airgead tirim | 19 | 282,255 | 270,377 |
| Iomlán na sócmhainní reatha | | 419,190 | 364,924 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **1,072,122** | **1,043,415** |
| **Cothromas agus Dliteanais** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite tíolactha mar chothromas | 18 | 38 | 38 |
| Cúlchiste caipitil | | 49,182 | 49,182 |
| Cúlchiste fálaithe | | (105,152) | (87,095) |
| Cúlchiste aistrithe | | 1,299 | 376 |
| Tuilleamh coinnithe | | 200,135 | 216,837 |
| Iomlán an chothromais | | 145,502 | 179,338 |
| **Dliteanais nach dliteanais reatha iad** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | 120,184 | 99,537 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | 9 | 17,376 | 16,609 |
| Ioncam iarchurtha | 17 | 99,224 | 102,296 |
| Iasachtaí | 25 | 339,207 | 353,437 |
| Oibleagáidí maidir le sochar scoir | 23 | 53,864 | 27,152 |
| Iomlán na ndliteanas nach dliteanais reatha iad | | 629,855 | 599,031 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí | 25 | 14,444 | 13,759 |
| Ioncam iarchurtha | 17 | 3,072 | 3,072 |
| Trádáil agus in iníocaíochtaí eile | 16 | 279,249 | 248,215 |
| Iomlán na ndliteanas reatha | | 296,765 | 265,046 |
| Iomlán na ndliteanas | | 926,620 | 864,077 |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **1,072,122** | **1,043,415** |

**Faofa ag an mBord agus sínithe ar a son**

**John O'Connor,**
Cathaoirleach

**Richard Sterling,**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta

**Fintan Slye,**
Príomhfheidhmeannach

An 21 Nollaig 2016

# Clár Comhardaithe na Cuideachta

Amhail ar an 30 Meán Fómhair 2016

| | Nótaí | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní nach sócmhainní reatha** | | | |
| Infheistíocht i bhfochuideachtaí | 13 | 155,711 | 155,711 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 14 | 59,663 | 47,048 |
| Sócmhainn iarchurtha cánach | 9 | 17,690 | 12,716 |
| Trádáil agus infháltais eile | 15 | 217,265 | 235,745 |
| Iomlán na sócmhainní nach sócmhainní reatha iad | | 450,329 | 451,220 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Trádáil agus infháltais eile | 15 | 144,598 | 88,587 |
| Sócmhainn reatha cánach | | 4,441 | 2,609 |
| Airgead tirim agus a chomhluach in airgead tirim | 19 | 229,323 | 224,642 |
| Iomlán na sócmhainní reatha | | 378,362 | 315,838 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **828,691** | **767,058** |
| **Cothromas agus Dliteanais** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite tíolactha mar chothromas | 18 | 38 | 38 |
| Cúlchiste Caipitil | | 49,182 | 49,182 |
| Cúlchiste fálaithe | | (76,065) | (61,634) |
| Tuilleamh coinnithe | | 211,063 | 209,942 |
| Iomlán an chothromais | | 184,218 | 197,528 |
| **Dliteanais nach dliteanais reatha iad** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | 86,932 | 70,439 |
| Iasachtaí | 25 | 230,193 | 238,591 |
| Oibleagáidí maidir le sochar scoir | 23 | 49,596 | 25,777 |
| Iomlán na ndliteanas nach dliteanais reatha iad | | 366,721 | 334,807 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí | 25 | 8,399 | 8,045 |
| Trádáil agus iníocaíochtaí eile | 16 | 269,353 | 226,678 |
| Iomlán na ndliteanas reatha | | 277,752 | 234,723 |
| Iomlán na ndliteanas | | 644,473 | 569,530 |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **828,691** | **767,058** |

**Faofa ag an mBord agus sínithe ar a son**

**John O'Connor,**
Cathaoirleach

**Richard Sterling,**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta

**Fintan Slye,**
Príomhfheidhmeannach

An 21 Nollaig 2016

# Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas

Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2016

| | Eisithe scair caipiteal € '000 | Caipiteal cúlchiste € '000 | Fálú cúlchiste € '000 | Aistriúchán cúlchiste € '000 | Coinnithe tuilleamh € '000 | Iomlán inchurtha i leith go cothromas sealbhóirí € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail ar an 1 Deireadh Fómhair 2014 | 38 | 49,182 | (84,344) | 108 | 193,696 | 158,680 |
| Iomlán an ioncaim chuimsithigh don bhliain airgeadais | - | - | (2,751) | 268 | 26,141 | 23,658 |
| Díbhinní | - | - | - | - | (3,000) | (3,000) |
| Iarmhéid amhail ar an 30 Meán Fómhair 2015 | 38 | 49,182 | (87,095) | 376 | 216,837 | 179,338 |
| Iomlán an ioncaim chuimsithigh don bhliain airgeadais | - | - | (18,057) | 923 | (13,202) | (30,336) |
| Díbhinní | - | - | - | - | (3,500) | (3,500) |
| **Iarmhéid amhail ar an 30 Meán Fómhair 2016** | **38** | **49,182** | **(105,152)** | **1,299** | **200,135** | **145,502** |

### Cúlchiste Caipitil
Mhéadaigh ar an gcúlchiste caipitil ar dhílseachán na n-oibriúchán TSO ó Bhord Soláthair an Leictreachais go dtí an Chuideachta faoin Scéim Aistrithe dar dáta 1 Iúil 2006. Ní raibh aon ghluaiseacht ann sa chúlchiste ón dáta seo.

### Cúlchiste fálaithe
Seasann an cúlchiste fálaithe do sciar carnach na mbrabús agus na gcaillteanas ar ionstraimí fálaithe a measadh a bheith éifeachtúil i bhfáluithe ar an sreabhadh airgid. Aithnítear an brabús nó an caillteanas iarchurtha carnach ar ionstraimí fálaithe sa bhrabús nó sa chaillteanas amháin nuair a bhíonn tionchar ag an idirbheart fálaithe ar bhrabús nó ar chaillteanas, nó nuair a áirítear é mar bhunchoigeartí ar mhír fhálaithe nach mír airgeadais é.

### Cúlchiste Aistrithe
Léiríonn an cúlchiste aistrithe difríochtaí i malairt eachtrach ag éirí as aistiú glansócmhainní oibriúchán eachtrach an Ghrúpa óna n-airgeadra feidhmiúil isteach go hairgeadra feidhmiúil EirGrid, is é sin an Euro, lena n-áirítear aistriú na mbrabús agus na gcaillteanas ó na hoibriúcháin sin ón méánráta don bhliain airgeadais go dtí an ráta reatha ar dáta an Chláir Chomhardaithe.

### Tuilleamh Coinnithe
Cuimsíonn tuillimh choinnithe tuillimh charntha sa bhliain reatha airgeadais agus i mblianta airgeadais roimhe.

# Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas

Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2016

| | Eisithe scair caipiteal € '000 | Caipiteal cúlchiste € '000 | Fálú cúlchoiste € '000 | Coinnithe tuilleamh € '000 | Iomlán inchurtha i leith go cothromas sealbhóirí € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail ar an 1 Deireadh Fómhair 2014 | 38 | 49,182 | 58,660 | 178,503 | 169,063 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais | - | - | (2,974) | 34,439 | 31,465 |
| Díbhinní | - | - | - | (3,000) | (3,000) |
| Iarmhéid amhail ar an 30 Meán Fómhair 2015 | 38 | 49,182 | (61,634) | 209,942 | 197,528 |
| Iomlán an chostais chuimsithigh don bhliain airgeadais | - | - | (14,431) | 4,621 | (9,810) |
| Díbhinní | - | - | - | (3,500) | (3,500) |
| **Iarmhéid amhail ar an 30 Meán Fómhair 2016** | **38** | **49,182** | **(76,065)** | **211,063** | **184,218** |

### Cúlchiste Caipitil

Mhéadaigh ar an gcúlchiste caipitil ar dhílseachán na n-oibriúchán TSO ó Bhord Soláthair an Leictreachais go dtí an Chuideachta faoin Scéim Aistrithe dar dáta 1 Iúil 2006. Ní raibh aon ghluaiseacht ann sa chúlchiste ón dáta seo.

### Cúlchiste fálaithe

Seasann an cúlchiste fálaithe do sciar carnach na mbrabús agus na gcaillteanas ar ionstraimí fálaithe a measadh a bheith éifeachtúil i bhfáluithe ar an sreabhadh airgid. Aithnítear an brabús nó an caillteanas iarchurtha carnach ar ionstraimí fálaithe sa bhrabús nó sa chaillteanas amháin nuair a bhíonn tionchar ag an idirbheart fálaithe ar bhrabús nó ar chaillteanas, nó nuair a áirítear é mar bhunchoigeartí ar mhír fhálaithe nach mír airgeadais é.

### Tuilleamh Coinnithe

Cuimsíonn tuillimh choinnithe tuillimh charntha sa bhliain reatha airgeadais agus i mblianta airgeadais roimhe.

# Ráiteas Comhdhlúite Sreabhaidh Airgid

Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2016

| | Nótaí | Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús iarchánach | | 8,722 | 33,782 |
| Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 14 | 30,752 | 30,819 |
| Amúchadh deontais | 17 | (3,072) | (3,072) |
| Bearnúchán cáilmheasa agus sócmhainní doláimhsithe | 12 | 7,116 | 7,925 |
| Ús agus ioncam eile | | (423) | (300) |
| Costais airgeadais | | 18,677 | 19,548 |
| Costas maidir le sochar scoir | | 7,210 | 6,080 |
| Caillteanas neamhréadaithe i malairt eachtrach/(brabús) | | 5,286 | (3,003) |
| Creidmheas cánach ioncaim/(costas) | | (866) | 6,931 |
| Ranníocaíochtaí pinsin íoctha | | (5,921) | (6,753) |
| **Sreabhadh airgid oibriúcháin roimh ghluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | 67,481 | 91,957 |
| **Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | | |
| Méadú i dtrádáil agus in infháltais eile | | (15,508) | (13,462) |
| Méadú i dtrádáil agus in iníocaíochtaí eile | | 31,657 | 80,806 |
| **Airgead tirim arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 83,630 | 159,301 |
| Cánacha ioncaim íoctha | | (2,466) | (3,537) |
| Ús faighte | | 423 | 300 |
| **Glanairgead tirim arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 81,587 | 156,064 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannachán réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | | (32,231) | (22,867) |
| **Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | (32,231) | (22,867) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | | (3,500) | (3,000) |
| Iasachtaí aisíoctha | | (13,545) | (17,437) |
| Costais Maoinithe íoctha | | (18,707) | (19,548) |
| **Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | (35,752) | (39,985) |
| **Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar a chomhluach in airgead tirim** | | 13,604 | 93,212 |
| **Airgead tirim agus a chomhluach in airgead tirim ag tús na bliana** | | 270,377 | 177,131 |
| Éifeacht malairte eachtraí ar airgead tirim agus ar a chomhluach in airgead tirim | | (1,726) | 34 |
| **Airgead tirim agus a chomhluach in airgead tirim ag deireadh na bliana** | 19 | **282,255** | **270,377** |

# Ráiteas Sreabhaidh Airgid na Cuideachta

Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2016

| | Nótaí | Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús iarchánach | | 23,022 | 41,685 |
| Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 14 | 10,621 | 11,292 |
| Ús agus ioncam eile | | (731) | (1,051) |
| Costais airgeadais | | 3,607 | 4,065 |
| Costas maidir le sochar scoir | | 6,189 | 5,859 |
| Caillteanas neamhréadaithe i malairt eachtrach/(brabús) | | 5,637 | (3,095) |
| Creidmheas cánach ioncaim | | (876) | (32) |
| Ranníocaíochtaí pinsin íoctha | | (4,474) | (4,432) |
| | | 42,995 | 54,291 |
| **Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | | |
| (Méadú)/laghdú i dtrádáil agus in infháltais eile | | (37,531) | 1,621 |
| Méadú i dtrádáil agus in iníocaíochtaí eile | | 38,198 | 67,580 |
| **Airgead tirim arna ghiniúint ó oibríochtaí** | | 43,662 | 123,492 |
| Ranníocaíochtaí pinsin íoctha | | (1,240) | (1,907) |
| Ús faighte | | 736 | 1,080 |
| **Glanairgead tirim arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | 43,158 | 122,665 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannachán réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | | (23,326) | (14,482) |
| **Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | (23,326) | (14,482) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | | (3,500) | (3,000) |
| Fáltais ó iasachtaí | | - | - |
| Iasachtaí aisíoctha | | (8,044) | (7,726) |
| Costais Maoinithe íoctha | | (3,607) | (4,055) |
| **Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | (15,151) | (14,781) |
| **Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar a chomhluach in airgead tirim** | | 4,681 | 93,402 |
| **Airgead tirim agus a chomhluach in airgead tirim ag tús na bliana** | | 224,642 | 131,240 |
| **Airgead tirim agus a chomhluach in airgead tirim ag deireadh na bliana** | 19 | **229,323** | **224,642** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Eolas Ginearálta

Is cuideachta phoiblí theoranta í EirGrid cpt, corpraithe in Éirinn, bunaithe de bhun I.R. Uimh. 445 de 2000 – Rialacha na gComhphobal Eorpach (Margadh Inmheánach i Leitreachas), 2000. Tá an Chuideachta ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh mar oibreoir córais tarchurtha (OCT) in Éirinn agus mar Oibreoir Margaidh (OM) do mhargadh leictreachais mórdhíola ar oileán na hÉireann. Tá SONI Teoranta (fochuideachta de EirGrid cpt) ceadúnaithe ag Údarás Thuaisceart Éireann um Rialtóir Fóntas mar Oibreoir Córais tarchurtha i dTuaisceart Éireann agus tá ceadúnas mar Oibreoir Margaidh aige d'oileán na hÉireann. Tá EirGrid Interconnector CGA (fochuideachta de EirGrid cpt) ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh agus ag Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (Ofgem) mar oibreoir an Idirnascaire Thoir Thiar. Tá oifig cláraithe EirGrid cpt san Ubhchruth, 160 Bóthar Ais Láir, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

## 2. Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta

### Bonn a n-ullmhaithe

Tá Ráitis Airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ullmhaithe de réir Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, mar a ghlac an tAontas Eorpach. Tá siad ullmhaithe ar bhonn gach Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais agus Léirmhínithe atá éigeantach don bhliain airgeadais dar críoch 30 Meán Fómhair 2016 agus de réir Acht na gCuideachtaí Éireannacha 2014. Tá na Stiúrthóirí muiníneach, ar bhonn réamh-mheastacháin reatha airgeadais agus áiseanna atá ar fáil, go bhfuil go leor acmhainní ag an nGrúpa chun leanstan ag feidhmiú go ceann i bhfad. Dá réir sin, leanann na Stiúrthóirí de bheith ag glacadh le bunús an ghnóthais leantaigh agus iad ag ullmhú na Ráiteas Airgeadais.

Tá na Ráitis Airgeadais curtha i láthair in euronna, airgeadra na buntimpeallachta geilleagraí ina n-oibríonn an Grúpa agus an Chuideachta agus tá siad ullmhaithe ar bhonn costais stairiúil, ach amháin athluacháil roinnt ionstraimí airgeadais a choinnítear ag luach cothrom. Is iondúil go mbunaítear costas stairiúil ar luach cothrom na comaoine a thugtar mar mhalairt i sócmhainní.

Is gá bainistíocht a bheith ann in ullmhúchán Ráiteas Airgeadais chun meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar mhéideanna na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscítear, faisnéisithe ar shócmhainní agus ar dhliteanais theagmhasacha agus na méideanna ioncaim tuairiscithe agus costais le linn na tréimhse tuairiscithe. Is féidir go mbeadh difríocht ann idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin seo.

Tá na polasaithe cuntasóireachta atá leagtha amach anseo thíos curtha i bhfeidhm go seasta do gach tréimhse a chuirtear i láthair sna Ráitis Airgeadais.

Is í an bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2016 an tréimhse reatha a bhfuiltear á tuairisciú anois. Tá na figiúir chomparáideacha ag freagairt don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015.

### Glacadh le caighdeáin úra

Sa bhliain airgeadais reatha, tá glactha leis na caighdeáin agus na léirmhínithe úra agus athbhreithnithe agus tá tionchar imeartha acu ar na méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais seo (do bhlianta airgeadais bliantúla ag tosú air nó i ndiaidh):

- IAS 19 – Sochair Fostaí (Leasuithe) - (I bhfeidhm ón 1 Feabhra 2015)

Ag data údaraithe na Ráiteas Airgeadais seo, bhí na Caighdeáin agus na Léirmhínithe nár cuireadh i bhfeidhm sna Ráitis Airgeadais seo i gceist ach ní raibh siad i bhfeidhm fós don tréimhse cuntasóireachta a ndéantar tuairisciú uirthi:

- IFRS 10 – Ráitis Airgeadais Comhdhlúite (Leasuithe) - (I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016)
- IFRS 11 – Sealbhuithe Spéiseanna a Chuntas i gComhoibríochtaí (Leasuithe) - (I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016)
- IFRS 12 – Nochtadh spéise in aonáin eile (Leasuithe) - (I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016)
- IAS 1 – Nochtadh spéise in aonáin eile (Leasuithe) - (I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016)

## 2. Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

- IAS 16 – Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (Leasuithe) - (I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016)
- IAS 27 – Ráitis Airgeadais ar Leith (Leasuithe) - (I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016)
- AS 28 – Infheistíocht i gComhpháirtithe agus i gComhfhiontair (Leasuithe) - (I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016)
- IAS 38 – Sócmhainní Dcláimhsithe (Leasuithe) - (I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016)
- IAS 7 – Ráiteas Sreafaí Airgid (Leasuithe) - (I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2017)
- IAS 12 – Cánacha Ioncaim (Leasuithe) - (I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2017)
- IFRS 9 – Ionstraimí Airgeadais - (I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2018)
- IFRS 15 – Ioncam Reatha ó chonarthaí le custaiméirí - (I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2018)

Tá na Stiúrthóirí ag measúnú faoi láthair tionchar na gCaighdeán agus na Léirmhínithe seo ar na Ráitis Airgeadais.

### Bonn a gcomhdhlúthaithe

Corpraíonn na Ráitis Airgeadais Comhdhlúite Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus aonáin faoi rialú na Cuideachta (a cuid fochuideachtaí) a rinneadh suas go dtí an 30 Meán Fómhair gach bliain. Baintear rialúchán amach nuair a bhíonn cumhacht ag an gCuideachta:

- ar an institiúid infheistiúcháin;
- nuair a bhíonn an Chuideachta neamhchosanta, nó nuair a bhíonn cearta ag an gCuideachta, don sochar athraitheach ón mbaint atá aige leis an institiúid infheistiúcháin; agus
- nuair a bhíonn ar a cumas úsáid a bhaint as a cumhacht chun tionchar a imirt ar a sochar.

Déanann an Chuideachta athmheasúnú ar más amhlaidh go rialaíonn sí instituid infheistiúcháin má éiríonn fíricí agus cúinsí go bhfuil athruithe ar cheann nó ar níos mó ná ceann amháin de na trí ghné rialála liostáilte thuas.

Nuair a bhíonn níos lú ná tromlach na gceart vótála de chuid institiúide infheistiúcháin ag an gCuideachta measann sí go bhfuil cumhacht aici ar an institiúid infheistiúcháin i gcás gur leor na cearta vótála chun an cumas praiticiúil a thabhairt di gníomhaíochtaí ábhartha na hinstitiúide infheistiúcháin a stiúradh go haontaobhach. Cíorann an Chuideachta na fíricí agus na cúinsí ábhartha ar fad agus í ag déanamh measúnaithe más amhlaidh gur leor iad cearta vótála na Cuideachta in institiúid infheistiúcháin chun cumhacht a thabhairt di, lena n-áirítear:

- méid ceart vótála i sealúchas na Cuideachta maidir le méid agus le scaipeadh sealúchas na sealbhóirí eile vótála;
- cearta féideartha vótála i sealúchas na Cuideachta, sealbhóirí eile vótála nó páirtithe eile;
- cearta ag éirí as socruithe conarthaí eile; agus
- aon fhíric agus aon chúinse breise a léiríonn go bhfuil nó nach bhfuil cumas reatha ag an gCuideachta na gníomhaíochtaí ábhartha ag an gcuideachta ag an am is gá cinntí a dhéanamh, lena n-áirítear patrúin vótála ag cruinnithe scairshealbhóirí roimhe sin.

Tosaíonn comhdhlúthú fochuideachta nuair a fhaigheann an Chuideachta rialúchán ar an bhfochuideachta agus stopann sé nuair a chailleann an Chuideachta rialúcháin ar an bhfochuideachta. Áirítear go sonrach na torthaí a fhaightear nó a dhiúscraítear le linn na bliana airgeadais sa ráiteas ioncaim comhdhlúite ón dáta a fhaigheann an Chuideachta rialúcháin go dtí an dáta a stopann an Chuideachta de bheith ag rialú na fochuideachta.

## 2. Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

Cuirtear brabús nó caillteanas agus gach gné d'ioncam cuimsitheach eile i leith úinéirí na Cuideachta agus i leith na leasanna ar leasanna neamhurlámhais iad. Cuirtear ioncam cuimsitheach iomlán na bhfochuideachtaí i leith úinéirí na Cuideachta agus i leith na leasanna neamhurlámhais fiú má bhíonn easnamh san iarmhéid mar thoradh sna leasanna neamhurlámhais.

Nuair is gá, déantar coigeartuithe ar ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí chun na polasaithe cuntasóireachta a mbaintear úsáid astu a chur in oiriúint do pholasaithe cuntasóireachta an Ghrúpa.

Cuirtear as an áireamh arna chomhdhlúthú gach sócmhainn agus dliteanas ionghrúpa, gnáthscaireanna, ioncam, costais agus sreafaí airgid a bhaineann le hidirbhearta idir chomhaltaí an Ghrúpa.

Mar idirbhearta gnáthscaireanna a dhéantar cuntas ar athruithe i leasanna an Ghrúpa i bhfochuideachtaí nach mbíonn cailliúint rialúcháin mar thoradh orthu. Déantar coigeartí ar shuim ghlanluacha an Ghrúpa agus ar leasanna neamhurlámhais chun léiriú a thabhairt ar na hathruithe ina leasanna coibhneasta sna fochuideachtaí. Aithnítear go díreach i gcaipiteal gnáthscaireanna agus cuirtear i leith úinéirí na Cuideachta aon difríocht idir an méid faoina ndéantar coigeartú ar na leasanna neamhurlámhais agus luach cothrom na comaoine íoctha nó faighte.

Nuair a chailleann an Grúpa rialúchán fochuideachta, déantar an brabús nó an caillteanas arna dhiúscairt a aithint i mbrabús nó a gcaillteanas a ríomh mar an difear idir (i) comhiomlán an luacha chothroim a fuarthas agus luach cothrom aon leasa choinnithe agus (ii) suim ghlanluacha na sócmhainní a bhí ann roimhe (cáilmheas san áireamh), lúide dliteanas an fhochuideachta agus lúide aon leas neamhurlámhais. Déantar cuntas ar aon mhéid a aithníodh roimhe in ioncam cuimsitheach eile maidir leis an bhfochuideachta sin mar a bhí an Grúpa tar éis na sócmhainní gaolmhara nó dliteanais na fochuideachta a dhiúscairt (i.e. athrangaithe mar bhrabús nó mar chaillteanas nó aistrithe go catagóir eile gnáthscaireanna mar atá sonraithe/ceadaithe ag an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme). Meastar mar luach cothrom ar thúsaithint do chuntasaíocht iardain faoi Ionstraimí Airgeadais IAS 39 luach cothrom aon infheistíochta a choinnítear san fhochuideachta roimhe sin ag an dáta a chailltear rialúchán: Aithint agus Tomhais nó, nuair a bhaineann sé le hábhar, costais an chéad aitheanta ar infheistíocht in aonán comhalta nó in aonán comhrialaithe.

### Comhoibríochtaí

Corpraíonn na Ráitis Airgeadais torthaí na Cuideachta, chomh maith lena scair de thorthaí agus de shócmhainní agus de dhliteanais na comhoibríochta ina mbíonn sé rannpháirteach, ag baint úsáide as an modh comhdhlúthaithe comhréirigh faoi mar atá ceadaithe faoin gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 11. Ós rud é gur comhshocrú atá sa chomhoibríocht, áit a mbíonn comhrialú ag na páirtithe ar an socrú, cearta acu ar na sócmhainní agus oibleagáidí orthu as na dliteanais a bhaineann leis an socrú, aithníonn na stiúrthóirí a gcuid sócmhainní, a ndliteanais, a n-ioncam agus a gcuid costas maidir lena leas i gcomhoibríocht.

Tá cuntas ar scair torthaí agus glansócmhainní comhoibríochtaí na Cuideachta ar bhonn comhdhlúthaithe comhréirigh ón dáta a thugtar chun críche na socruithe conartha ina sonraítear comhrialúchán, agus déantar iad a dhí-aithint nuair a stopann comhrialú. Comhcheanglaíonn an Chuideachta a scair de na comhshocruithe, ioncam agus costais aonair, sócmhainní agus dliteanais agus sreafaí airgid ar bhonn líne ar líne le míreanna atá cosúil leo i ráitis airgeadais na cuideachta.

### Comhcheangail Ghnó

Tá comhcheangail ghnó ón 1 Aibreán 2010 á gcuntas ag baint úsáide as an modh fála. Déantar costas fála a mheas mar chomhiomlán na comaoine aistrithe, é seo measta ag luach cothrom an dáta fhála agus méid aon leasa nach leas urlámhais é san fhaighteán. Do gach comhcheangal gnó, measann an Grúpa an leas nach leas urlámhais é san fhaighteán ag luach cothrom nó ag scair chomhréireach de ghlanshócmhainní inaitheanta an fhaighteáin. Déantar costais fhála a chostáil mar a tabhaíodh iad.

## 2. Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

Nuair a fhaigheann an Grúpa gnó measann sé na sócmhainní airgeadais agus na dliteanais ghafa ar rangú cuí agus ar shonrú de réir théamaí an chonartha, na gcúinsí eacnamaíochta agus na ndálaí cuí faoi mar a bhí ag an dáta fála. Má bhaintear comhcheangal gnó amach ina chodanna, déantar ath-thomhais ar leas sócmhainní a bhí ag an nGrúpa roimh an bhfaighteán go luach cothrom ag an dáta a fhaigheann an Grúpa rialúchán tríd an Ráiteas Ioncaim. Aithneofar ag luach cothrom aon chomaoin theagmhasach a aistreoidh an faighteoir ar an dáta fála. Aithneofar athrú ar bith ina dhiaidh sin ag luach cothrom comaoine teagmhasaí a mheastar bheith ina shócmhainn airgeadais nó ina dhliteanas airgeadais de réir IAS 39 sa Ráiteas Ioncaim.

Meastar cáilmheas ar dtús ag costas atá ag barrachas comhiomláin na comaoine aistrithe agus an méid aitheanta as leasa neamhurlámhais thar na glansócmhainní inaitheanta a fuarthas agus thar na ndliteanas gafa.

Rinneadh cuntas ar chomhcheangail ghnó roimh an 1 Aibreán 2010 ag bainte úsáide as an modh ceannaigh. Bhí costais bheartaíochta a bhí go díreach inchurtha i leith an fháltais ina gcuid de na costais fháltais. Rinneadh an leas neamhurlámhais (ar tugadh leas mionlaigh air roimhe seo) a mheas ag scair chomhréireach glansócmhainní inaitheanta an fhaighteáin.

Rinneadh cuntas de chomhcheangail ghnó a baineadh amach ina gcodanna mar chéimeanna ar leith. Ní raibh aon tionchar ag aon scair leasa breise a fuarthas ar an gcáilmheas a aithníodh roimhe seo.

Aithníodh comaoin theagmhasach i gcás a raibh oibleagáid láithreach ar an nGrúpa, ba dhóichí ná a mhalairt an t-eas-sreabhadh eacnamaíoch agus bhí meastachán iontaofa inchinntithe. Aithníodh coigeartuithe iardain don chomaoin theagmhasach mar chuid de cháilmheas.

### Cáilmheas

Déantar cáilmheas ar fháltais a thomhas ar dtús ar a chostas agus is é barrachas chostas an chomhcheangail ghnó thar leas an fhaighteora i nglanluach cóir na sócmhainní inaitheanta, na ndliteanas agus na ndliteanas teagmhasach. Leithdháiltear cáilmheas i gcomhcheangal gnó, ó dháta a fhála, go dtí na haonaid ghiniúna airgid nó chuig grúpaí d’aonaid ghiniúna airgid a bhfuiltear ag súil leo leas a bhaint as an gcomhcheangal gnó inar éirigh an cáilmheas.

Tar éis a thúsaitheanta déantar dea-thoil a mheas ag costas níos lú ná aon chaillteanas lagaithe carnaigh. Déantar athbhreithniú ar cháilmheas do lagú ar bhonn bliantúil nó níos minice má leiríonn imeachtaí nó athruithe i gcúinsí gur féidir go bhfuil lagú ar an luach tugtha anonn. Déantar na teisteanna um lagaithe cáilmheasa ag an am céanna gach bliain airgeadais. Déantar lagú a chinntiú trí mheasúnú a dhéanamh ar mhéid in-aisghabhála an aonaid ghiniúna airgid lena mbaineann an cáilmheas. Nuair is lú méid in-aisghabhála an aonaid ghiniúna airgid ná an tsuim ghlanluacha, aithnítear caillteanas lagaithe. Ní aisiompaítear caillteanais lagaithe maidir le cáilmheas tar éis a n-aitheanta.

Nair a dhíoltar fochuideachta, áirítear aon cháilmheas a éiríonn as fáltas, glan ar aon lagú, i gcinneadh an bhrabúis nó an chaillteanais a thagann chun cinn de bharr a dhiúscartha.

Nuair a bhíonn cáilmheas ina chuid d’aonad giniúna airgid agus nuair a dhiúscraítear cuid de na hoibríochtaí laistigh den aonad sin, déantar an dea-thoil a bhaineann leis an oibríocht a dhiúscraítear a áireamh i suim glanluacha na hoibríochta agus brabús nó caillteanas i ndiúscairt na hoibríochta á chinneadh. Déantar cáilmheas a dhiúscraítear sna cúinsí seo a mheas ar bhonn luachanna coibhneasta na hoibríochta a dhiúscraítear agus coinnítear comhréir an aonaid ghiniúna airgid.

## 2. Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

### Ioncam

Seasann ioncam go príomha don ioncam a dhíorthaítear ó sholáthar tarchuradóireacht leictreachais, díolachán na hinniúlachta ar an Idirnascaire Thoir Thiar agus seirbhísí Oibreora Margaidh do chustaiméirí le linn na bliana airgid agus ní bhíonn cáin bhreisluacha san áireamh ann. Áirítear san ioncam an liúntas rialála a fuarthas do bhainistiú costas sriantachta tarchuir. Áirítear san Ioncam, ón 1 Deireadh Fómhair 2012, an liúntas rialála a fuarthas maidir le costas freastail ar fhiachas agus costais oibríochta an Idirnascaire Thoir Thiar. Aithnítear ioncam taraife nuair a bhíonn sé infhála ó chustaiméirí, bunaithe ar shonraí méadraithe.

Áirítear san ioncam admhálacha fritrádála maidir le trádáil thar na hIdirnascairí Thoir Thiar agus na Maoile. Éascaíonn fritrádáil seachadadh giniúna in-athnuaite de réir rialachán an AE agus laghdaíonn sé costas bainistithe sriantachta tarchuir.

Nuair a sháraíonn ioncam a fuarthas nó ioncam infhála an uasmhéid a cheadaítear ag comhaontuithe rialála agus déanfar coigeartuithe ar phraghasanna amach anseo chun an róghnóthú a léiriú, ní aithnítear aon dliteanas. Ar an gcaoi chéanna ní aithnítear aon sócmhainn nuair a cheadaíonn comhaontú rialála coigeartuithe ar phraghasanna amach anseo i gcás a mbíonn foghnóthú ann. Sa chás go mbíonn athrú bunúsach ann i ndearadh margaidh, áfach áit a mbíonn ioncam a fuarthas nó ioncam infhála ag sárú na huasmhéide a cheadaíonn comhaontuithe rialála agus déanfar coigeartuithe ar phraghasanna amach anseo chun an róghnóthú seo a léiriú, aithneofar dliteanas.

Mar Oibreoir Margaidh don Mhargadh Aonair Leictreachais, ní fheidhmíonn an Grúpa ar a shon féin i ndíolachán nó i gceannachán leictreachais. Ní ghlacann sé teideal ar an leictreachas, ná ní bhíonn sé neamhchosanta chuig riosca creidmheasa ar a dhíolachán. Dá bharr sin ní aithníonn an Grúpa mar ioncam airgead a dhíorthaítear ó dhíolachán leictreachais. Aithnítear na hiníoctha agus na hinfháltais a bhaineann le trádáil leictreachais sa Chlár Comhardaithe. Aithnítear mar ioncam airgead a fhaightear ó tharaifí atá faoi réir cinntiúcháin rialála.

Léiríonn ioncam nach ndéantar bille amach ar a shon ioncam ó sheirbhísí tarchuradóireachta leictreachais atá, i gcomhlíonadh an chláir ama rialála, nár cuireadh amach bille ar a shon. Aithnítear ioncam nach ndéantar bille amach ar a shon ar bhonn fabhraithe agus luaitear é glan ó cháin bhreisluacha.

### Costais Dhíreacha

Léiríonn costais dhíreacha na costais a bhaineann le soláthar seirbhísí tarchuradóireachta leictreachais do chustaiméirí le linn na bliana airgeadais agus ní chuirtear san áireamh cáin bhreisluacha. San áireamh sna costais dhíreacha tá costais úinéara sócmhainní na tarchuradóireachta, costais shriantachta córais tarchuir, seirbhísí coimhdeacha agus ualach in-idirbhriste. Aithnítear costais djíreacha de réir mar a thabhaítear iad.

### Brabús oibriúcháin

Tá an Grúpa tar éis glacadh le formáid de Ráiteas Ioncaim a dhéanann iarraidh míreanna suntasacha a aibhsiú laistigh de na torthaí don tréimhse. Luaitear, dá réir sin, brabús oibriúcháin tar éis costas díreach a ghearradh agus tar éis costais eile oibriúcháin ach roimh ioncam úis agus costais airgeadais.

Seasann costais eile oibriúcháin do chostais fostaithe, do tháillí gairmiúla, do chonraitheoirí agus do chostais ionaid. Aithnítear costais oibriúcháin eile de réir mar a thabhaítear iad.

### Léasanna

Aithnítear léasanna ón dáta a mbíonn an léasaí i dteideal a cheart a chleachtadh chun an tsócmhainn ar léas a úsáid.

Déantar léasanna a rangú mar léasanna airgeadais nuair a aistríonn téarmaí an léasa go substaintiúil gach riosca agus luach saothair a bhaineann le húinéireacht chuig an léasaí. Déantar gach léas eile a rangú mar léasanna oibriúcháin.

## 2. Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

Aithnítear íocaíochtaí oibriúcháin léasa mar chostas de réir méid chothroim thar théarma an leasa, ach amháin i gcás a mbíonn bunús córasach eile níos ionadaí ar phatrún ama ar mhaitheas an úsáideora. Scaiptear sochair atá infhála mar dhreasacht chun dul isteach i léas oibriúcháin de réir méid chothroim thar théarma an léasa.

### Airgeadraí eachtracha

Léirítear Ráitis Airgeadais gach aonáin Ghrúpa in airgeadra na buntimpeallachta eacnamaíochta ina bhfeidhmíonn an t-aonán (an t-airgeadra feidhmiúil). Le haghaidh na Ráiteas Airgeadais Comhdhlúite, léirítear torthaí agus staid airgeadais gach aonáin Ghrúpa in Euronna, nó is é sin airgeadra feidhmiúil na Cuideachta agus an t-airgeadra tuairiscithe do na Ráitis Airgeadais Comhdhlúite.

Déantar taifead ar idirbhearta eachtracha ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ag dátaí na n-idirbheart. Ag dáta gach Cláir Chomhardaithe, déantar athaistriú ar shócmhainní airgeadais agus dliteanais ag na rátaí i réim ar an dáta sin, agus aithnítear difríochtaí sna rátaí malairte i Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite de réir mar a tharlaíonn siad.

Arna gcomhdhlúthú, aistrítear go Euro Ráitis Ioncaim dhá fhochuideachta airgeadra eachtraigh an Ghrúpa ag an meánráta malairte. Aistrítear Cláir Chomhardaithe na bhfochuideachtaí seo ag rátaí malaire rialaithe faoi dháta an Chláir Chomhardaithe. Tógtar go díreach chuig comhchuid scartha gnáthscaire scairshealbhóra aon difríocht malairte ag éirí as aistriú fochuideachtaí airgeadra eachtraigh an Ghrúpa.

Caitear le coigeartú cáilmheasa agus luacha chóir a éiríonn as fáltas na bhfochuideachtaí eachtracha mar shócmhainní agus mar dhliteanais na bhfochuideachtaí agus aistrítear iad ag an ráta reatha.

### Costais maidir le sochar scoir

Maidir le pleananna ar son sochar sainithe socraítear an costas a bhaineann le sochair a sholáthar trí úsáid a bhaint as Modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa, agus déantar luacháil achtúireach ar dháta gach Cláir Chomhardaithe. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ina n-iomláine le linn na tréimhse ina dtarlaíonn siad. Aithnítear iad taobh amuigh de bhrabús nó de chaillteanas agus cuirtear iad i láthair i Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Iomlán.

Seasann na hoibleagáidí um shochair scoir a aithnítear sa Chlár Comhardaithe do luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe laghdaithe faoi luach cothrom sócmhainní plean. Tá aon sócmhainn a éiríonn as an ríomh seo teoranta do chostas seirbhíse roimhe seo, móide luach láithreach aisíocaíochtaí atá ar fáil agus laghduithe i ranníocaíochtaí todhchaí don phlean.

Déantar caipitliú ar chostais sheirbhíse reatha maidir le sochar scoir d’fhostaithe a théann i ngleic le tionscadail chaipitil sa Chlár Comhardaithe de réir mar a thabhaítear na costais.

### Cánachas

Seasann costas cáin ioncaim do shuim na cánach reatha iníoctha agus na cánach iarchurtha.

Tá an cháin reatha iníoctha bunaithe ar bhrabús inchánach don bhliain airgeadais. Tá brabús inchánach éagsúil ó bhrabús a thuairiscítear sa Ráiteas Ioncaim mar ní áirítear ann míreanna ioncaim nó costas atá inchánach nó atá in-asbhainteach i dtréimhsí eile agus anuas air sin tá míreanna eisiata ann nach mbíonn inchánach nó in-asbhainteach in am ar bith. Déantar dliteanas an Ghrúpa do cháin reatha ag baint úsáide as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh ar bhonn substainteach ag dáta an Chláir Chomhardaithe.

Aithnítear cáin ar dhifríochtaí idir shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanais sna Ráitis Airgeadais agus sna boinn chánach a úsáidtear i ríomh brabúis incháinithe, agus mínítear é ag baint úsáide as an modh dliteanais bunaithe ar chlár comhardaithe. Aithnítear dliteanais cánach iarchurtha go ginearálta do gach difríocht shealadach inchánach, agus aithnítear dliteanais cánach iarchurtha do gach difríocht shealadach in-asbhainteach sa mhéid gur dócha go mbeidh brabúis inchánacha ar fáil ar féidir na difríochtaí sealadach in-asbhainteacha a úsáid ina leith. Ní aithnítear sócmhainní agus dliteanais den chineál seo má éiríonn an difríocht shealadach as túsaithint cáilmheasa.

## 2. Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

Déantar sócmhainní cánach iarchurtha agus dliteanais a mheas ag na rátaí cánach a bhfuil feidhm ionchais leo sa tréimhse ina bhfuil an dliteanas socraithe nó an tsócmhainn réadaithe, bunaithe ar rátaí cánach (agus ar dhlíthe cánach) atá achtaithe nó a achtaíodh ina dhiaidh sin faoi dháta an Chláir Chomhardaithe. Léiríonn tomhas na ndliteanas cánach iarchurtha agus na sócmhainní na himpleachtaí cánach a d'éireodh as an modh a mbíonn an Grúpa in ionchas leo, ag an dáta tuairiscithe, chun aisghabháil nó chun socrúchán a dhéanamh ar shuim ghlanluacha a shócmhainní agus a dhliteanais. Gearrtar cáin iarchurtha nó cuirtear do sochar í sa Ráiteas Ioncaim, ach amháin nuair a bhaineann sé le hearraí a gearradh nó a cuireadh do shochar ioncam cuimsitheach eile nó go díreach chuig gnáthscair, agus sa chás sin caitear leis an gcáin iarchurtha in ioncam cuimsitheach eile nó i ngnáthscair de réir mar is cuí.

Déantar sócmhainní cánach iarchurtha agus dliteanais a fhritháireamh nuair a bhíonn ceart infheidhmithe le dlí chun sócmhainní reatha cánach a fhrithchaitheamh i leith dliteanas reatha cánach agus tá sé de rún ag an nGrúpa shócmhainní reatha cánach agus dliteanais a shocrú ar ghlanbhonn.

### Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh costas lúide dímheas carntha agus aon chaillteanas lagaithe carntha, seachas talamh a léirítear ag costas lúide lagú.

Aithnítear dímheas le costais sócmhainní a dhíscríobh thar a saolré ionchais measta, ag baint úsáide as modh an mhéid chothroim. Déantar athbhreithniú ar an saolré ionchais measta, ar luachanna iarmharacha agus ar an modh dímheasa ag deireadh gach tréimhse, agus mínítear éifeachtaí aon athruithe i meastachán ar bhonn ionchasach.

Is mar seo a leanas aon tréimhse dímheasa do phríomhchatagóirí réadmhaoine, gléasra agus trealaimh:

- Feabhsúcháin foirgneamh ar léas: thar thréimhse an léasa;
- Foirgnimh ruílse agus feabhsúcháin 5 bliana go 15 bliana;
- Daingneáin agus festis; 5 bliana;
- Teicneolaíocht Faisnéise, trealamh teileachumarsáide agus eile: 3-8 mbliana; agus
- Sócmhainn Mhargadh Aonair an Leictreachais: 5 bliana.

Is mar seo a leanas atá tréimhsí dímheasa do chatagóir an Idirnascaire Thoir Thiar laistigh de réadmhaoin, ghléasra agus trealamh:

- Cáblaí: 40 bliain;
- Stáisiúin tiontaire, trádstóras agus trealamh: 30 bliain;
- Ceadúnais thánaisteacha: 30 bliain;
- Trasfhoirmeoir breise agus páirteanna spártha 30 bliain; agus
- Suirbhéireacht Mhuirí 3 bliana.

Ní dhéantar socrú ar aon dímheas ar thalamh ruílse nó ar acmhainní le linn tógála.

Is é an Margadh Aonair Leictreachais lárchóras na Teicneolaíochta Faisnéise a úsáidtear chun an margadh mórdhíola leictreachais a shocrú agus a riar ar oileán na hÉireann.

Iompraítear sócmhainní le linn tógála ar chostas lúide aon chaillteanas aitheanta lagaithe. Áirítear sna costais táillí gairmiúla, pá agus tuarastail, costais sochair scoir agus aon chostas eile a thabhaítear go díreach inchurtha i leith tógáil acmhainní dá leithéid. Déantar na hacmhainní seo a athaicmiú go catagóir cuí agus tosaíonn dímheas na sócmhainní seo nuair a bhíonn na sócmhainní réidh le húsáid mar a beartaíodh iad a úsáid.

## 2. Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

Cinntear ar bhrabús nó ar chaillteanas a éiríonn as diúscairt nó scor réadmhaoine, gléasra agus trealaimh mar an difear idir glanfháltais díolacháin agus suim ghlanluacha na sócmhainne agus aithnítear é sa Ráiteas Ioncaim.

### Costais iasachta

Cuirtear costais iasachtaí atá go díreach inchurtha i leith na fála, na tógála nó táirgeacht sócmhainní incháilithe, ar sócmhainní iad ar gá dóibh tréimhse shubstaintiúil ama a ghlacadh le bheith réidh don usáid a bhí beartaithe dóibh nó le haghaidh a ndíolacháin, le costas na sócmhainní céanna go dtí go mbíonn na sócmhainní réidh, a bheag nó a mór, don úsáid a bhí beartaithe dóibh.

I gcás a mbaintear úsáid as iasachtaí ar ráta athraitheach chun sócmhainn cháilitheach a mhaoiniú agus iad fálaithe i sreabhadh airgid glan maidir le riosca ráta úis, is é an t-úschostas glan an t-ús a chuirtear le costas na sócmhainne cáilithí tar éis iarmhairt an fhálaithe.

Déantar ioncam infheistíochta a thuilltear ar infheistíocht shealadach sainiasachtaí ar feitheamh a gcaiteachais ar shócmhainní cáilitheacha a asbhaint de chostais na n-iasachtaí atá i dteideal a gcaipitlithe.

Aithnítear gach iasacht eile i mbrabús nó i gcaillteanas sa tréimhse inar tabhaíodh iad.

### Sócmhainní doláimhsithe

Aithnítear sócmhainní doláimhsithe a fhaightear i gcomhcheangal gnó agus déantar iad a shainaithint ar leith ó dea-thoil áit a gcomhlíonann siad sainmhíniú sócmhainne doláimhsithe agus is féidir measúnú iontaofa a dhéanamh ar a luachanna córa. Tá costas sócmhainní doláimhsithe dá leithéid ag a luach cóir faoin dáta fála. Tar éis a gcéad aitheanta, tuairiscítear na sócmhainní seo ar a gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe carntha. I gcás a mbíonn saolré ionchais úsáideach finideach ag na sócmhainní doláimhsithe, gearrtar amúchadh ar bhonn an mhéid chothroim thar a saolré ionchais úsáideach.

Tá na Stiúrthóirí den tuairim go bhfuil saolré éiginnte ag comhaontuithe ceadúnúcháin an Oibreora Córais Tarchurtha agus MO do Thuaisceart Éireann. Cuireadh san áireamh na príomhphointí seo a leanas i gcinneadh maidir le saolré úsáideach na gcomhaontuithe ceadúnúcháin thuasluaite; úsáid ionchais, saolré tipiciúil táirge sócmhainní den chineál céanna a úsáidtear ar bhealach comhchosúil leo, cobhsaíocht an tionscadail ina n-oibrítear an tsócmhainn, tréimhse rialaithe ar an tsócmhainn agus dátaí éaga comhaontuithe ceadúnas. Ní dócha go gcuirfí na ceadúnais thuasluaite ar ceal agus ós rud é go bhfuil na ceadúnais neamhiata agus in-athnuaite agus níl aon teorainn intuartha leis an tréimhse a bhfuil an tsócmhainn in ionchas glan-insreabhadh airgid a ghiniúint don Ghrúpa, tá sé réasúnta foshuíomh saolré éiginnte a mheas.

Déantar athbhreithniú ar an saolré ionchais measta agus ar an modh amúchta ag deireadh gach tréimhse tuairiscthe, agus mínítear éifeachtaí athruithe ar bith i meastachán ar bhonn ionchasach.

### Lagú sócmhainní

Faoi dháta gach Cláir Chomhardaithe, déanann an Grúpa athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha a shócmhainní doláimhsithe agus ar a réadmhaoin, a ghléasra agus a threalamh chun cinneadh a dhéanamh má tásc ann gur tháinig caillteanas lagaithe ar na sócmhainní sin. Má bhíonn tásc den chineál sin ann, meastar méid in-aisghabhála na sócmhainne chun cinneadh a dhéanamh ar mhéid an chaillteanais lagaithe (más ann dó). I gcás nach féidir méid in-aisghabhála sócmhainne aonair a mheas, measann an Grúpa méid in-aisghabhála an aonaid ghiniúna airgid lena mbaineann an tsócmhainn. I gcás nuair is féidir leithdháileadh réasúnta agus comhsheasmhach a aithint, leithdháiltear sócmhainní corparáideacha ar aonaid ghiniúna airgid aonair, é sin nó leithdháiltear iad ar an ngrúpa is lú aonad giniúna airgid ar féidir bonn leithdháilte réasúnta agus comhsheasmhach a aithint.

## 2. Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

Tá an méid in-aisghabhála níos airde ar luach cóir lúide costais le díolachán agus luach úsáide. I meastachán ar luach úsáidte, bíonn sreabhadh airgid todhchaí lascainithe go dtí a luach láíthreach ag úsáid ráta lascaine roimh cháin a léiríonn measúnuithe den mhargadh reatha ar amluach airgid agus na sainrioscaí a bhaineann leis an tsócmhainn nach bhfuil coigeartú déanta ar mheastúcháin sreabhadh airgid todhchaí.

Má mheastar go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne nó aonaid ghiniúna airgid bheith níos lú ná a shuim glanluacha, laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne go dtí a shuim ghlanluacha. Aithnítear caillteanas lagaithe láithreach sa Ráiteas Ioncaim, ach amháin i gcás go bhfuil an tsócmhainn ábhartha nó an t-aonad giniúna airgid á iompar ag méid athluacháilte, agus sa chás sin caitear leis an gcaillteanas lagaithe mar laghdú athluachála.

### Deontais

Déantar deontais de chineál caipitiúil a mhíniú mar ioncam iarchurtha ar an gClár Comhardaithe agus scaoiltear leo go brabús nó caillteanas thar shaolré ionchais úsáideach na sócmhainní atá i gceist.

Ní aithnítear deontais go dtí go mbíonn urrús réasúnta ann go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha a bhaineann leo agus go bhfaighfear na deontais.

### Sócmhainní airgeadais agus dliteanais

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais ar an gClár Comhardaithe nuair a bhíonn an Grúpa ina pháirtí d'fhorálacha conartha ionstraime.

Déantar trádáil infhála a mheas ag an aitheantas tosaigh ar luach an tsonraisc, arb ionann é agus neasluach cóir, agus a iompraítear ina dhiaidh sin ag costas amúchta.

Déantar neamhaitheantas de shócmhainní agus de dhliteanais ón gClár Comhardaithe nuair a stopann an Grúpa de bheith ina pháirtí d'fhorálacha na hionstraime.

Nuair a bhíonn rannpháirtithe margaidh tar éis dul isteach i Socruithe Ath-leithroinnte luaitear na hinfháltais agus na hiníocaíochtaí mar ghlanluacháil, mar tá rún ann iad seo a shocrú ag an am céanna ar ghlanbhonn faoin gcód trádala agus socruithe.

Cuimsíonn airgead agus airgead coibhéiseach fós idir lámha agus éilíonn sé éarlaisí agus infheistíochtaí eile an-leachtacha atá in-chomhshnóite go héasca go méid aitheanta airgid agus bíonn siad faoi réir athruithe neamhshuntasacha airgid agus rioscaí neamhshuntasaí luacha.

Meastar iníocíochtaí trádala ag túsaitheantas ar luach an tsonraisc, arb ionann agus luach cóir agus a iompraítear ina dhiaidh sin ag costas amúchta.

### Ionstraimí airgeadais díorthacha

Téann an Grúpa isteach i mbabhtála rátaí úis chun bainistiú a dhéanamh ar a neamhchosaint ó riosca rátaí úis. Nochtar faisnéis bhreise ar ionstraimí airgeadais díorthacha i nóta 27.

Aithnítear ionstraimí díorthacha airgid ag a luach cóir faoin dáta a dtéitear isteach sa chonradh díorthach agus ina dhiaidh sin déantar iad a ath-thomhas ar a luach cóir ag gach dáta den Chlár Comhardaithe. Déantar cinneadh ar luach cóir malairtí rátaí úis ag an dáta tuairiscithe trí lascainiú a dhéanamh ar shreafaí airgid ag baint úsáide as fachtóirí lascainithe idirshuite ó chuair rátaí úis faoin dáta tuairiscithe. Aithnítear an brabús nó an cailleantas dá bharr láithreach bonn ach amháin i gcás go mbíonn an díorthach ainmnithe agus éifeachtúil mar ionstraim fhálaithe, agus sa chás sin bíonn uainiúchán an aitheantais ó thaobh brabúis nó caillteanais de ag brath ar an gcaidreamh fálaithe.

## 2. Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

### Ionstraimí fálaithe

Sainíonn an Grúpa a bhabhtálacha ráta úis mar fháluithe ar an sreabhadh airgid. Ag dáta tionscanta na gaolmhaireachta fálaithe, déanann an Grúpa doiciméadú ar an ngaolmhaireacht idir an ionstraim fálaithe agus an mhír fhálaithe, chomh maith lena chuspóirí ar bhainistíocht riosca agus a straitéis chun tabhairt faoi idirbhearta éagsúla fálaithe. Chomh maith leis sin, ag dáta tionscanta an fhálaithe, agus ar bhonn leanúnach, déanann an Grúpa doiciméadú ar an gcás más amhlaidh go mbíonn an ionstraim fálaithe a bhíonn in úsáid ardéifeachtúil i bhfrithchaitheamh athruithe i sreafaí airgid na míre fálaithe.

Déantar sciar éifeachtúil na n-athruithe i luach cóir na mbabhtálacha rátaí úis a ainmnítear agus a cháilítear mar fháluithe ar an sreabhadh airgid a aithint in ioncam eile cuimsitheach agus carntar iad i ngnáthscaireanna. Aithnítear láithreach brabús nó caillteanas a bhaineann leis an sciar neamhéifeachtúil, agus áirítear seo i gcostais airgeadais sa Ráiteas Ioncaim. Déanta athchúrsáil ar mhéideanna a charntar i ngnáthscaireanna i mbrabús nó i gcaillteanas sna tréimhsí ina n-aithnítear an mhír fhálaithe mar bhrabús nó mar chaillteanas, ar an líne chéanna den Ráiteas Ioncaim leis an mír fhálaithe aitheanta, nó áirítear é mar bhunchoigeartú ar mhír fhálaithe neamhairgeadais.

Bíonn cuntasaíocht fálaithe lascainithe nuair a dhéanann an Grúpa cúlghairm ar an ngaolmhaireacht fálaithe, nuair a théann an ionstraim fálaithe in éag, nuair a dhíoltar é, nuair a chríochnaítear é, nó nuair a chleachtaítear é, nó nuair nach gcáilíonn sé níos mó le haghaidh cuntasaíocht fálaithe.

I nóta 27 leagtar síos mionsonraí ar luachanna córa babhtálacha ráta úis reatha an Ghrúpa a mbaintear leas astu le haghaidh fálaithe. Tugtar mionchuntas ar ghluaiseachtaí sa chúlchiste fálaithe i ngnáthscaireanna sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsithe freisin.

### Iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara

Aithnítear iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara ag luach cóir, arb ionann é agus luach na bhfáltas a fuarthas glan ó aon socrú costas díreach inchurtha. Tar éis a gcéad aitheantais luaitear na hiasachtaí seo ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh ráta úis glan.

### Ioncam airgeadais agus costais

Tuilltear ioncam úis ar thaiscí bainc agus déantar é a fhabhrú ar bhonn ama trí thagairt a dhéanamh don bhunairgead gan íoc agus ag an nglanráta úis is infheidhme, sin é an ráta a thugann lascainí go cruinn ar fháltais airgid sa todhchaí trí shaol ionchasach na sócmhainne airgeadais ar luach anonn na sócmhainne sin.

Tuilltear ioncam freisin trí tháille a ghearradh ar ús boilscithe coigeartaithe ar chostais iarchurtha maidir le tionscadail tarchuradóireacha.

Cuimsíonn costais airgeadais ús ar iasachtaí agus ar bhabhtálacha ráta úis gaolmhara. Aithnítear costais airgeadais mar chostas sa tréimhse inar tabhaíodh iad, ach amháin nuair a bhíonn costais airgeadais go díreach inchurtha i leith an fháltais, agus sa chás sin bheadh siad mínithe mar chostais iasachta.

Déantar costais airgeadais a ríomh ag baint úsáide as an modh glanráta úis, modh chun costas amúchta dliteanais airgeadais agus costas úis a leithdháileadh thar an tréimhse ábhartha. Is é an glanráta úis an rota a dhéanann lascaine go cruinn ar íocaíochtaí airgid amach anseo trí shaolré ionchasach an dliteanais airgeadais.

## 2. Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

### Breithiúnais cuntasaíochta criticiúla agus príomhfhoinsí meastacháin éiginnte.

In ullmhúchán ráites airgeadais bíonn bainistíocht ag teastáil chun meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh faoi na suimeanna glanluacha a thuairiscítear mar shócmhainní agus mar dhliteanais faoi dháta an chláir chomhardaithe agus na méideanna a thuairiscítear den ioncam agus de chostais le linn na tréimhse nach bhfuil soiléir go héasca ó fhoinsí eile. Bunaítear na meastacháin agus na foshuíomhanna gaolmhara ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile a meastar iad a bheith ábhartha. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin gur féidir le torthaí iarbhír bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na foshuíomhanna ar bhonn leanúnach.

Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí meastacháin agus éiginnteacht agus breithiúnais chriticiúla cuntasóireachta:

- **Saolré ionchais réadmhaoine, gléasra agus trealaimh**
  Braitheann muirear dímheasa ar réadmhaoin, ar ghléasra agus ar threalamh go bunúsach ar shaolré ionchais gach cineál sócmhainne, agus, i gcásanna áirithe, ar mheastacháin ar luach iarmharach. Cinneann an bhainistíocht ar shaolré ionchais ag an am a fhaightear na sócmhainní agus déantar athbhreithniú ar a n-oiriúnacht ar bhonn bliantúil. Bunaítear na saolréanna ar thaithí stairiúil sócmhainní comhchosúil leo chomh maith le hionchasú imeachtaí amach anseo, ar féidir leo tionchar a imirt ar a saol, ar nós athruithe sa teicneolaíocht. Go stairiúil, níor thug athruithe i saolré ionchais aon athrú ábhartha i muirear dímheasa an Ghrúpa.
- **Oibleagáidí um shochar scoir**
  Oibríonn an Grúpa dhá phlean pinsin le sochar sainithe. Bunaítear meastóireacht achtúireach na ndliteanas plean pinsin ar fhoshuíomhanna éagsúla airgid agus déimeagrafach faoin todhchaí lena n-áirítear rátaí lascaine, boilsciú, ardú tuarastal, ardú pinsin agus rátaí báis. Déantar oibleagáid an Ghrúpa maidir leis na pleananna a ríomh ag achtúirí cáilithe neamhspleácha agus déantar iad a nuashonrú ar a laghad uair amháin sa bhliain. Is é €196.0m (2015: €156.9m) an oibleagáid faoin 30 Meán Fómhair 2016 agus is é €142.1m (2015: €129.7m) luach cóir sócmhainní plean. €53.9m (2015: €27.2m) atá ann mar sin d'easnamh glanphinsin, roimh cháin iarchurtha .
- **Cáin iarchurtha**
  Aithnítear sócmhainní iarchurtha chomh fada agus is dócha go mbeidh aon bhrabús inchánach amach anseo ar fáil le húsáid i leith aon chaillteanas cánach neamhúsáidte agus is féidir creidmheasanna cánach neamhúsáidte a úsáid. Déanann an Grúpa meastachán ar an méid is dóchúla de bhrabúis inchánacha amach anseo, ag baint úsáide as foshuíomhanna atá i gcomhréir leo siúd a úsáidtear i ríomhaireachtaí lagaithe. Caithfear meastacháin a úsáid leis na ríomhaireachtaí sin a dhéanamh. Ba é €24.4m an tsócmhainn cánach iarchurtha faoin 30 Meán Fómhair 2016 (2015: sócmhainn cánach iarchurtha de €17.0m). Ba é €17.4m an dliteanas cánach iarchurtha faoin 30 Meán Fómhair 2016 (2015: dliteanas cánach iarchurtha de €16.6m).
- **Sócmhainní doláimhsithe**
  Déanann an Grúpa tástáil ar bhonn bliantúil le fáil amach má tháinig aon lagú ar a shócmhainní cáilmheasa nó ar a shócmhainní comhaontuithe ceadúnúcháin. Tá méid in-aisghabhála na sócmhainní doláimhsithe leithroinnte d'Aonad Giniúna Airgid cinntithe trí ríomhaireachtaí luach úsáidte, a bhaineann úsáid as buiséid agus réamhaisnéisí a chlúdaíonn an tréimhse a fhad leis an 30 Meán Fómhair 2021 agus atá íogair maidir le tabhairt chun críche cinntiúcháin i rialú praghasanna le húdaráis rialála. Is gá úsáid a bhaint as meastacháin agus foshuíomhanna chun na ríomhaireachtaí seo a dhéanamh, agus déantar mionphlé orthu seo i nóta 12. €2.2m (2015: €10.2m) na sócmhainní doláimhsithe a bhí ann faoin 30 Meán Fómhair 2016.

## 3. Eolas Deighleoige

Is comhbhall den aonán a théann i ngleic le gníomhaíochtaí gnó atá sa deighleog oibriúcháin ónar féidir leis ioncaim a thuilleamh agus costais a thabhú, agus a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta ar a thorthaí oibriúcháin. Is é an Bord príomhchinnteoir oibriúchán an aonáin chun cinntí a dhéanamh faoi acmhainní atá le leithdháileadh ar an aonán agus chun a fheidhmíocht a mheas agus chuige sin cuirtear eolas airgeadais scoite ar fáil dó. Déantar an Grúpa a anailísiú ina cheithre phríomhdheighleog le tuairisciú orthu ar mhaithe le tuairisciú inmheánach:

- Oibreoir Córais Tarchurtha EirGrid ('EirGrid TSO'), a dhíorthaíonn a ioncam ó bheith ag cur seirbhísí ar fáil mar an tOibreoir Córais Tarchurtha in Éirinn agus tá sé rialáite ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh. Áirítear trádáil in EirGrid, Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe de chuid Telecoms, an chuideachta a bhainistíonn ceadúnas an chábla snáthoptaice tráchtála a tógadh mar chuid de thionscadal an Idirnascaire Thoir Thiar, i ndeighleog Oibreora Córais Tarchurtha EirGrid mar gheall ar a mhéid coibhneasta..
- Oibreoir Margaidh Leictreachais Aonair ('SEMO'), a dhíorthaíonn a ioncam ó bheith ag feidhmiú mar Oibreoir Margaidh don mhargadh mórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann.
- SONI Oibreoir Córais Tarchurtha ('SONI TSO'), atá ceadúnaithe ag an Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann (URegNI) agus a dhíorthaíonn a ioncam ó bheith ag feidhmiú mar an tOibreoir Córais Tarchurtha i dTuaisceart Éireann. Áirítear trádáil in EirGrid UK Holdings Limited, cuideachta sealbhaíochta na fochuideachta SONI, i ndeighleog SONI.
- Oibriúchán agus úinéireacht ar an Idirnascaire Thor Thiar, an nasc idir greillí leictreachais na Éireann agus na Breataine.

## 3. Eolas Deighleoige (ar lean)

Mar seo a leanas atá torthaí na deighleoige don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016:

| Míreanna Ráitis Ioncaim | Nótaí | EirGrid TSO € '000 | SEMO € '000 | SONI TSO € '000 | INTT € '000 | Díbirt € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam deighleoige | | 374,108 | 169,494 | 119,509 | 42,679 | (33,174) | 672,616 |
| Costais dhíreacha | | (304,945) | (153,641) | (102,035) | - | 33,174 | (527,447) |
| Brabús Comhlán | | 69,163 | 15,853 | 17,474 | 42,679 | - | 145,169 |
| Costais oibriúcháin | | (51,023) | (7,948) | (16,729) | (8,563) | - | (84,263) |
| Dímheas (glan-amúchadh) | | (6,916) | (4,958) | (2,598) | (13,208) | - | (27,680) |
| Lagú | | - | - | (7,116) | - | - | (7,116) |
| Iomlán na gcostas eile oibriúcháin | | (57,939) | (12,906) | (26,443) | (21,771) | - | (119,059) |
| Brabús oibriúcháin/(caillteanas) | | 11,224 | 2,947 | (8,969) | 20,908 | - | 26,110 |
| Ús agus ioncam eile | | | | | | | 423 |
| Costais airgeadais | | | | | | | (18,677) |
| Brabús roimh cháin | | | | | | | 7,856 |
| Creidmheas cháin ioncaim | | | | | | | 866 |
| Brabús don bhliain airgeadais | | | | | | | 8,722 |
| **Míreanna Cláir Chomhardaithe** | | | | | | | |
| Sócmhainní deighleoige | | 363,412 | 151,840 | 40,099 | 514,612 | - | 1,069,963 |
| Sócmhainní cáinmheasa agus doláimhsithe 2,159 | | 12 | | | | | |
| Iomlán na sócmhainní mar a thuairiscítear iad ar an gClár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | 1,072,122 |
| Dliteanais dheighleoige | | 527,901 | 122,690 | 24,687 | 251,342 | - | 926,620 |
| Iomlán na nDliteanas mar a thuaiscítear iad ar an gClár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | 926,620 |

### 3. Eolas Deighleoige (ar lean)

Tá na figiúir chomparáideacha ag freagairt don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015:

| Míreanna Ráitis Ioncaim | Nótaí | EirGrid TSO € '000 | SEMO € '000 | SONI TSO € '000 | INTT € '000 | Díbirt € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam deighleoige | | 355,538 | 198,254 | 115,413 | 70,755 | (33,783) | 706,177 |
| Costais dhíreacha | | (297,763) | (186,619) | (84,449) | - | 33,783 | (535,048) |
| Brabús comhlán | | 57,775 | 11,635 | 30,964 | 70,755 | - | 171,129 |
| Costais oibriúcháin | | (44,893) | (7,936) | (15,270) | (7,397) | - | (75,496) |
| Dímheas (glan-amúchadh) | | (7,329) | (5,390) | (2,691) | (12,337) | - | (27,747) |
| Lagú | | - | - | (7,925) | - | - | (7,925) |
| Costais oibriúcháin eile | | (52,222) | (13,326) | (25,886) | (19,734) | - | (111,168) |
| Brabús oibriúcháin/(caillteanas) | | 5,553 | (1,691) | 5,078 | 51,021 | - | 59,961 |
| Ús agus ioncam eile | | | | | | | 300 |
| Costais airgeadais | | | | | | | (19,548) |
| Brabús roimh cháin | | | | | | | 40,713 |
| Costas cháin ioncaim | | | | | | | (6,931) |
| Brabús don bhliain | | | | | | | 33,782 |
| **Míreanna Cláir Chomhardaithe** | | | | | | | |
| Sócmhainní deighleoige | | 326,126 | 136,857 | 30,642 | 539,625 | - | 1,033,250 |
| Sócmhainní cáilmheasa agus doláimhsithe | | 12 | | | | | |
| 10,165 | | | | | | | |
| Iomlán na sócmhainní mar a thuairiscítear iad ar an gClár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | 1,043,415 |
| Dliteanais dheighleoige | | 465,195 | 111,302 | 21,188 | 266,392 | - | 864,077 |
| Iomlán na nDliteanas mar a thuaiscítear iad ar an gClár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | 864,077 |

## 3. Eolas Deighleoige (ar lean)

### Eolas Geografach

| sócmhainní reatha iad | Ioncam | | Sócmhainní nach | |
|---|---|---|---|---|
| | Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000 | Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bliain go dtí 30 MF2015 € '000 |
| Éire | 510,734 | 541,201 | 569,480 | 572,089 |
| RA | 161,882 | 164,976 | 22,305 | 28,951 |
| Iomlán | 672,616 | 706,177 | 591,785 | 601,040 |

### Eolas faoi mhórchustaiméirí

San áireamh in ioncam deighleoige EirGrid TSO de €374.1m don bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2016 (2015: €355.5m) tá ioncam de thart ar €170.8m (2015: €168.4m), €59.7m (2015: €63.3m), €45.8m (2015: €46.9m) agus €34.6m (2015: €33.0m) a d'éirigh as díolacháin chuig ceathrar de na mórchustaimeirí is mó sa deighleog.

San áireamh in ioncaim deighleoige SEMO de €169.5m don bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2016 (2015: €198.3m) tá ioncaim de thart ar €65.0m (2015: €74.4m), €35.5m (2015: €45.6m), €34.1m (2015: €43.4m) agus €14.2m (2015: €15.5m) a d'éirigh as díolacháin chuig ceathrar de na mórchustaimeirí is mó sa deighleog.

San áireamh in ioncaim deighleoige SONI TSO €119.5m don bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2016 (2015: €115.4m) tá ioncaim de thart ar €47.7m (2015: €49.0m), €30.0m (2015: €30.1m), €20.4m (2015: €10.5m) agus €12.0m (2015: €14.2m) a d'éirigh as díolacháin chuig ceathrar de na mórchustaimeirí is mó sa deighleog.

## 4. Fostaithe

373 meánlíon na ndaoine fostaithe ag an nGrúpa le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2016 (2015: 398), ní áirítear ansin lucht foirne atá i ngleic le tionscadail caipitil.

107 meánlíon na ndaoine a bhí i ngleic le tionscadail caipitil le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2016 (2015: 82). Tá caipitliú agus iomlánú déanta ar na costais foirne a bhaineann leis na fostaithe seo ag €10.4m don bhliain suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2016 (2015: €8.8m).

Meánlíon na ndaoine fostaithe ar bhonn míosúil trí ghníomhaíocht gnó:

| | Bliain go dtí 30 MF 2016 Uimhir | Bliain go dtí 30 MF 2015 Uimhir |
|---|---|---|
| EirGrid TSO | 233 | 242 |
| SONI TSO | 99 | 97 |
| SEMO | 35 | 53 |
| EWIC | 6 | 6 |
| Tionscadail Caipitil | 107 | 82 |
| Iomlán | 480 | 480 |

## 4. Fostaithe (ar lean)

Cuimsíodh in iomlán luacha saothair, lena n-áirítear tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh:

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000** | **Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000** | **Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000** | **Bliain go dtí 30 MF2015 € '000** |
| Pá agus tuarastail | 36,746 | 36,727 | 28,071 | 27,626 |
| Costais leasa shóisialaigh | 3,912 | 3,819 | 2,801 | 2,785 |
| Costais eile sochair scoir | 9,155 | 7,836 | 7,264 | 5,859 |
| Costais eile cúitimh – athstruchtúrú costas | 567 | 863 | 567 | 863 |
| **Iomlán an luacha saothair a íocadh le fostaithe** | **50,380** | **49,245** | **38,703** | **37,133** |
| Costais fostaithe gearrtha ar an Ráiteas Ioncaim | 39,970 | 40,413 | 29,921 | 30,296 |
| Costais fostaithe caipitlithe | 10,410 | 8,832 | 8,782 | 6,837 |
| **Iomlán an luacha saothair a íocadh le fostaithe** | **50,380** | **49,245** | **38,703** | **37,133** |

## 5. Costais Oibriúcháin Eile

| | **Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000** | **Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000** |
|---|---|---|
| Costais fostaithe (nóta 4) | 39,370 | 40,413 |
| Dímheas ar shócmhainní nach sócmhainní reatha iad (nóta 14) | 30,752 | 30,819 |
| Amúchadh deontais (nóta 17) | (3,072) | (3,072) |
| Oibríochtaí agus cothabháil | 44,893 | 35,083 |
| Lagú sócmhainní doláimhsithe (nóta 12) | 7,116 | 7,925 |
| Iomlán | 119,059 | 111,168 |

## 6. Ús agus Ioncam Eile, agus Costais Airgeadais

| | **Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000** | **Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000** |
|---|---|---|
| **Ioncam ó ús:** | | |
| Ioncam úis ar éarlaisí | 423 | 300 |
| **Costais airgeadais:** | | |
| Iasachtaí bainc agus rótharraingtí a tugadh don chuideachta | 18,074 | 19,115 |
| Glan-ús na scéime pinsin (nóta 23) | 603 | 433 |
| Iomlán na gcostas airgeadais | 18,677 | 19,548 |

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca ráta úis mar faigheann sé airgead ar iasacht ag rátaí úis comhlúthacha. Déanann an Grúpa an riosca a bhainistiú trí mheascán cuí a choinneáil idir rátaí iasachtaí seasta agus rátaí iasachtaí comhlúthacha agus trí leas a bhaint as conarthaí babhtála úis

## 7. Oibríochtaí an Idirnascaire Thoir Thiar

Mar gheall ar thábhacht an Idirnascaire Thoir Thiar (EWIC) a nascann na greillí leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór, tá tionchar an Idirnascaire ar an Ráitis Ioncaim á chur i láthair i gcolúin ar leith chun tosaigh ar an Ráiteas Ioncaim.

Tá an tIdirnascaire Thoir Thiar (EWIC) as coimisiún faoi láthair mar gheall ar fhabht a tharla nuair a bhí an tIdirnascaire á thabhairt ar ais chun seirbhíse tar éis éaradh cothabhála bliantúil ar an 8 Meán Fómhair, 2016. Tá na Stiúrthóirí sásta, trí bharántaí díoltóra agus trí chlár árachais atá i bhfeidhm, go mbeidh an tIdirnascaire Thoir Thiar ar ais i seirbhís faoi dheireadh mhí na Nollag 2016.

Chuimsigh ioncam ón Idirnascaire Thoir Thiar don bhliain airgeadais, taraif rialála na bliana airgeadais arbh é €19.3m é (2015: €38.1m).

Baineann an chuid eile den ioncam maidir leis an Idirnascaire Thoir Thiar le fáltais ceantála arb é €13.0m an méid iomlán (2015: €22.8m) chomh maith le hioncam ó sholáthar seirbhísí eile córais €10.4m (2015: €9.9m). Is sruth ioncaim iad na fáltais ceantála don Ghrúpa ag éirí as oibríocht an Idirnascaire Thoir Thiar nuair a dhíoltar acmhainn ar an idirnascaire. Is cuid iad na fáltais ceantála de chinntiúchán róghnóthaithe rialála a aisíoctar le linn tréimhsí sa todhchaí. Is iad €2.7m (2015: €3.7m) fáltais ceantála ionchais ráta taraif na bliana 2016.

Ba é €3.4m (2015: €32.2m)Brabús roimh Cháin na bliana airgeadais d'oibríochtaí an Idirnascaire Thoir Thiar. Ar aon dul le gnáthchleachtas tabharfar ais do thomhaltóirí aon róghnóthú rialála sa bhliain airgeadais i dtréimhse taraifí níos déanaí agus níl socrú déanta air seo sna ráitis airgeadais.

## 8. Brabús Roimh Cháin

Luaitear an brabús roimh cháin tar éis ghearradh/(chreidiúnú) na dtáillí seo a leanas:

| | Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Dímheas (nóta 14) | 30,752 | 30,819 |
| Amúchadh deontais (nóta 17) | (3,072) | (3,072) |
| Léasacha oibriúcháin ar cíos | 3,286 | 3,050 |
| Caillteanas/(brabús) i malairt eachtrach | 5,286 | (3,003) |

Is iad seo a leanas luach saothair comhiomláin íoctha
le nó infhaighte ag stiúrthóirí i leith seirbhísí cáilithe:

| | Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| - ar son seirbhísí mar Stiúrthóir | 117 | 112 |
| - ar son seirbhísí an Stiúrthóra Fheidhmiúcháin | 188 | 188 |
| Iomlán | 305 | 300 |

Ranníocaíochtaí comhiomláin íoctha, a gcaitear leo mar a bheadh siad íoctha nó iníoctha le linn na bliana airgeadais.
chuig scéim sochair scoir maidir le seirbhísí cáilithe stiúrthóirí:

| | | |
|---|---|---|
| - scéimeanna sochair sainithe (don Phríomhfheidhmeannach) | 29 | 29 |

Níl ach Stiúrthóir amháin (an Príomhfheidhmeannach) sa scéim pinsin.
Is scéim sochair sainithe é seo.

Déantar anailís mar seo a leanas ar luach saothair an iniúchóra:

| **Grúpa** | Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| - comhairliúchán ar chuideachtaí an ghrúpa | 138 | 135 |
| - seirbhísí eile árachais | 33 | 3 |
| - tax advisory services | 76 | 95 |
| - seirbhísí comhairliúcháin cánach | 16 | 38 |

| **Cuideachta** | Bliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bliain go dtí 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| - iniúchóireacht ar chuntais aonair cuideachtaí | 65 | 62 |
| - seirbhísí eile árachais | 33 | 3 |
| - seirbhísí comhairliúcháin cánach | 34 | 43 |
| - seirbhísí eile nach seirbhísí iniúchta iad | 16 | - |

## 9. Cánacha Ioncaim

(Creidmheas)/muirear chuig an Ráiteas Ioncaim:

| | Bhliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bhliain go dtí 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Cáin (creidmheas)/costas reatha | (311) | 2,010 |
| Cáin iarchurtha a bhaineann le bunús agus aisiompú difríochtaí sealadacha | (555) | 4,924 |
| Tionchar athruithe i rátaí cánach agus dlíthe | - | (3) |
| Cáin ioncaim (creidmheas)/costas don bhliain | (866) | 6,931 |

Is féidir an muirear iomlán don bhliain airgeadais a réiteach leis an mbrabús cuntasaíochta mar seo a leanas:

| | Bhliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bhliain go dtí 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Brabús roimh cháin | 7,856 | 40,713 |
| Cánachas ar ráta caighdeánach 12.5% (2015: 12.5%) | 982 | 5,089 |
| Tionchar rátaí cánach níos airde ar ioncam eile | 88 | 146 |
| Tionchar ioncaim agus caiteachais nár cuireadh san áireamh nuair a bhí brabús inchánach á ríomh | 8 | 1,030 |
| Tionchar creidmheasa cánach i leith T&F | (421) | (302) |
| Éifeacht ar iarmhéideanna cánach iarchurtha de bharr athrú ráta cáin ioncaim na Ríochta Aontaithe | (85) | (3) |
| Éifeacht rátaí níos airde cánach ar (chaillteanais)/ghnóthachain i bhfochuideachtaí sa Ríocht Aontaithe | (1,051) | 898 |
| Rósholáthar i mblianta roimhe | (937) | (544) |
| Difríochtaí eile | 550 | 617 |
| Cáin ioncaim (creidmheas)/costas aitheanta sa Ráiteas Ioncaim | (866) | 6,931 |

Déantar cáin chorparáideach an Ghrúpa i ndáil leis na hoibríochtaí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe (RA) a ríomh ar ráta 20% (2015: 20.5%) den bhrabús inmheasúnaithe measta don bhliain airgeadais.

Beidh tionchar i dtréimhsí amach anseo ag aon athruithe sa ráta cánach corparáide a bheidh i bhfeidhm sna tíortha ina bhfeidhmíonn an Grúpa. Sa Ríocht Aontaithe, bhí foráil san Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2015 go laghdófar an ráta um cháin ioncaim chorparáideach ó 20% go 19% ón mbliain airgeadais 2017. Achtaíodh t-athrú sin go substaintiúil ar an 26 Deireadh Fómhair 2015. Tá feidhm ag laghdú an ráta ón 1 Aibreán 2017. Ina theannta sin, bhí foráil san Acht Airgeadais 2016 go ndéanfar laghdú breise ar an ráta cánach ar ioncam corparáideach ó 19% go 17% ón mbliain airgeadais 2020. Achtaíodh t-athrú sin go substaintiúil ar an 6 Meán Fómhair 2016. Beidh feidhm ag an laghdú breise an ráta ón 1 Aibreán 2020.

Ní mór iarmhéideanna cánach iarchurtha a aithint de réir an ráta cánach a bheidh infheidhme sa todhchaí nuair a mheasfar go ndéanfar an t-iarmhéid a scaoileadh. Dá réir sin, tá laghdú an ráta go 17% léirithe san iarmhéid cánach iarchurtha deiridh.

## 9. Cánacha Ioncaim (ar lean)

Eascraíonn sócmhainní/(dliteanais) cánach iarchurtha uathu seo a leanas:

| Grúpa | Sócmhainní neamh-inláimhsithe € '000 | Caillteanas luaithe cánach € '000 | Oibleagáidí sochar scoir € '000 | Fálta sreafa airgid € '000 | chánach € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cáin iarchurtha (dliteanas)/sócmhainn amhail an 1 Deireadh Fómhair, 2014** | **(3,415)** | **(7,767)** | **2,490** | **12,059** | **727** | **4,094** |
| Creidmheasa/(muirear) chuig an Ráiteas Ioncaim don bhliain | - | (5,252) | 3 | - | 325 | (4,924) |
| Cuir chun dochair an Ráitis Ioncaim Cuimsithigh | - | - | 980 | 381 | - | 1,361 |
| Éagsúlachtaí malairte | (202) | 27 | 25 | 1 | - | (149) |
| **(Dliteanas)/sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 30 MF 2015** | **(3,617)** | **(12,992)** | **3,498** | **12,441** | **1,052** | **382** |
| Creidmheas/(muirear) chuig an Ráiteas Ioncaim don bhliain | 2,675 | (3,675) | 244 | - | 1,311 | 555 |
| Cuir chun dochair an Ráitis Ioncaim Cuimsithigh | - | - | 3,347 | 2,590 | - | 5,937 |
| Éagsúlachtaí malairte | 309 | (76) | (96) | - | - | 137 |
| **(Dliteanas)/sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 30 MF 2016** | **(633)** | **(16,743)** | **6,993** | **15,031** | **2,363** | **7,011** |
| Sócmhainn chánach iarchurtha | - | - | 6,993 | 15,031 | 2,363 | 24,387 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | (633) | (16,743) | - | - | - | (17,376) |
| **Iomlán an 30 MF 2016** | **(633)** | **(16,743)** | **6,993** | **15,031** | **2,363** | **7,011** |
| Sócmhainn chánach iarchurtha | - | - | 3,498 | 12,441 | 1,052 | 16,991 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | (3,617) | (12,992) | - | - | - | (16,609) |
| **Iomlán an 30 MF 2015** | **(3,617)** | **(12,992)** | **3,498** | **12,441** | **1,052** | **382** |

## 9. Cánacha Ioncaim (ar lean)

| Cuideachta | Dímheas Luathaithe Cánach € '000 | Oibleagáidí sochar scoir € '000 | Fálú ar an sreabhadh airgid € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| Sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 1 Deireadh Fómhair, 2014 | 848 | 2,009 | 8,380 | 11,237 |
| (Muirear)/creidmheas chuig an Ráiteas Ioncaim don bhliain | (159) | 178 | - | 19 |
| Cuir chun dochair an Ráitis Ioncaim Cuimsithigh | - | 1,035 | 425 | 1,460 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 30 MF 2015 | 689 | 3,222 | 8,805 | 12,716 |
| (Muirear)/creidmheas sa Ráiteas Ioncaim don bhliain | (65) | 349 | - | 284 |
| Cuir chun dochair an Ráitis Ioncaim Cuimsithigh | - | 2,628 | 2,062 | 4,690 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 30 MF, 2016 | 624 | 6,199 | 10,867 | 17,690 |

Anailís ar shócmhainní/(dliteanais) cánach iarchurtha de réir dlínse cánach:

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
| Éire | 5,557 | (55) | 17,690 | 12,716 |
| An Ríocht Aontaithe | 1,454 | 437 | - | - |
| Glansócmhainn chánach iarchurtha | 7,011 | 382 | 17,690 | 12,716 |

## 10. Ráiteas Ioncaim na Cuideachta

Mar a cheadaítear le halt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá an Cuideachta Tuismitheora ag baint leasa as an díolúine maidir le Ráiteas Ioncaim ar leith a chur i láthair agus a chomhdú san Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Áirítear leis an mbrabús comhdhlúite don bhliain airgeadais 30 Meán Fómhair 2016 brabús iarchánach de €23,022,000 (2015: €41,685,000) inchurtha don Chuideachta.

## 11. Díbhinní

Mar a léirítear i nóta 18 tá scairchaipiteal de chineál amháin eisithe ag an gcuideachta, Gnáthscaireanna. Is mar seo a leanas atá na díbhinní i leith na haicme sin de scairchaipiteal:

| Díbhinní do Scairshealbhóirí | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| **Cothromas** | | |
| Díbhinn deiridh 2016 - €116.67 in aghaidh na Gnáthscaire | 3,500 | 3,000 |
| Iomlán | 3,500 | 3,000 |

Molann Stiúrthóirí an Ghrúpa go n-íocfar díbhinn deiridh de €4,000,000 (2015: €3,500,000) don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair, 2016.

## 12. Sócmhainní Doláimhsithe

| Grúpa | Cáilmheas €'000 | Comhaontuithe Ceadúnais €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014 | 4,971 | 20,340 | 25,311 |
| Éagsúlachtaí malairte | 281 | 1,194 | 1,475 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2015 | 5,252 | 21,534 | 26,786 |
| Éagsúlachtaí malairte | (737) | (3,137) | (3,874) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2016 | 4,515 | 18,397 | 22,912 |
| **Caillteanais lagaithe charntha** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair, 2014 | 4,971 | 3,261 | 8,232 |
| Muirear bearnaithe | - | 7,925 | 7,925 |
| Éagsúlachtaí malairte | 281 | 183 | 464 |
| Iarmhéid amhail ar an 30 MF 2015 | 5,252 | 11,369 | 16,621 |
| Muirear bearnaithe | - | 7,116 | 7,116 |
| Éagsúlachtaí malairte | (737) | (2,247) | (2,984) |
| Iarmhéid amhail ar an 30 MF 2016 | 4,515 | 16,238 | 20,753 |
| **Suim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2016** | **-** | **2,159** | **2,159** |
| Suim ghlanluacha amhail an 30 MF 2015 | - | 10,165 | 10,165 |

Ar dháta an Chláir Chomhardaithe, leithdháileadh luach na gcomhaontuithe ceadúnais ar aonaid saothraithe airgid an Ghrúpa (CGUanna) chun aon bhearnú fhéideartha a mheas. Is mar seo a leanas atá achoimre ar leithdháileadh sócmhainne doláimhsithe de réir príomhCGUanna:

| | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| SONI TSO | - | 6,431 |
| SEMO | 2,159 | 3,734 |
| Iomlán | 2,159 | 10,165 |

## 12. Sócmhainní Doláimhsithe (ar lean.)

Fuarthas méid inghnóthaithe na sócmhainní doláimhsithe a leithdháileadh ar CGU trí ríomhanna luacha in úsáid, trína n-úsáidtear buiséid agus tuartha a chlúdaíonn an tréimhse go dtí 30 Meán Fómhair, 2021. Is é sin an tréimhse a mheasann an lucht bainistíochta gur féidir réamhaisnéisí scoite maidir le sreabhadh ionchasach airgid a dhéanamh go réasúnta. Is iad na príomhbhoinn tuisceana do luacha in úsáid ná cinn maidir le rátaí lascaine, rátaí fáis agus aisghabhálacha rialála a mheastar a thiocfaidh as rialuithe praghsanna.

I measc na bpríomhbhoinn tuisceana a úsáidtear sna ríomhanna tá:

- Bunaíodh leibhéil bhrabúsachta SEMO ar na rialuithe praghsanna rialála a comhaontaíodh in 2016 agus chlúdaíonn siad an tréimhse 2016-2019. Bunaíodh leibhéil bhrabúsachta SONI ar pháipéar críochnaitheach cinnidh SONI, a eisíodh i mí Feabhra 2016 a chlúdaigh an tréimhse rialaithe praghsanna 2015-2020. Úsáideadh aisghabhálacha measta rialála chun leibhéil bhrabúsachta sa tréimhse tar éis na rialuithe praghsanna reatha a thuar;
- Glacadh le rátaí lascaine 4.72% agus 5.90% (2015: 4.51% agus 5.42%) maidir le CGUanna SEMO agus SONI TSO faoi seach, bunaithe ar rialú praghsanna rialála SEMO a comhaontaíodh in 2016 agus ar pháipéar críochnaitheach cinnidh SONI, a eisíodh i mí Feabhra 2016 a chlúdaigh an tréimhse rialaithe praghsanna 2015-2020;
- Glacadh le rátaí buana fáis 2.0% (2015: 2.0%) i gcás bhonn sócmhainne rialála (RAB) SEMO agus SONI TSO. Glacadh le ráta buan fáis de nialais % (2015: nialais %) i gcás dreasachtaí rialála SEMO agus SONI TSO. Léiríonn na toimhdí sin ionchas an lucht bainistíochta maidir le fás fadtéarmach.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2016, roimh thástáil bhearnaithe, leithdháileadh cáilmheas de €nialas agus comhaontuithe ceadúnais de €5.4m ar SONI TSO, a fhaigheann a ioncam trí ghníomhú mar Oibreoir Chóras Tarchurtha Thuaisceart Éireann. Ar bhonn na dtoimhdí thuas, mheas na Stiúrthóirí go mbeidh bearnú €5.4m (2015: €7.9m) maidir le comhaontuithe ceadúnas. Aithnítear an caillteanas bearnúcháin (mar aon le caillteanas malartáin eachtraigh €0.6m) laistigh de chostais oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite.

Ar an 30 Meán Fómhair 2016, roimh thástáil bhearnúcháin, leithdháileadh cáilmheas de €nialas agus comhaontuithe ceadúnais de €3.2 ar SEMO, a fhaigheann a ioncam trí ghníomhú mar an tOibreoir Margaidh don Mhargadh Aonair Leictreachais (MAL). Ar bhonn na dtoimhdí thuas, mheas na Stiúrthóirí go bhfuil bearnú €1.0m ann maidir le comhaontuithe ceadúnas (2015: €nialas). Aithnítear an caillteanas bearnúcháin seo (mar aon le caillteanas malartáin eachtraigh de €0.1m) sna costais oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite.

Braitheann tástáil bhearnúcháin ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais an lucht bainistíochta, go háirithe maidir le réamhaisnéis sreafa airgid amach anseo (atá faoi réir torthaí deireanacha maidir le Rialú Praghsanna), an cóimheas giarála a mheastar ar féidir a bhaint amach, an ráta lascaine a chuirtear i bhfeidhm ar na sreabha airgid sin agus na rátaí fáis a bhfuiltear ag súil leo sa bhfadtéarma. Rinne an Grúpa anailís íogaireachta ar an tástáil bhearnaithe ar gach ceann de luachanna (tugtha) anonn na CGUanna. Is é an toradh a bheadh ar mhéadú 0.5% ar an ráta lascaine ná go ndéanfaí bearnú €0.2m (2015: €1.0m) ar luach an cheadúnais san CGU SEMO agus bearnú breise de €nialas (2015: €nialas) agus €nialas (2015: €2.8m) ar luach an cháilmheasa agus ceadúnais faoi seach san CGU SONI TSO. Is é an toradh a bheadh ag laghdú 1% ar bhuanráta fáis RAB na go ndéanfaí bearnú de €nialas (2015: €1.1m) ar luach an cheadúnais i CGU SEMO agus bearnú breise de €nialas (2015: €nialas) agus €nialas (2015: €4.0m) ar luach an cháilmheasa agus an cheadúnais faoi seach i CGU SONI.

## 13. Infheistíocht i bhFochuideachtaí

Is iad seo a leanas fochuideachtaí an Ghrúpa a bhfuil gach ceann acu faoi úinéireacht iomlán:

| Fochuideachta | Tír inar Ionchorpraíodh | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|---|
| EirGrid UK Holdings Limited | Tuaisceart Éireann | Cuideachta Shealbhaíochta |
| SONI Limited | Tuaisceart Éireann | TSO |
| EirGrid Interconnector CGA | Éire | Idirnascadh |
| EirGrid Telecoms CGA | Éire | Teileachumarsáid |

Tá EirGrid UK Holdings Limited, EirGrid Interconnector CGA agus EirGrid Telecoms CGA faoi úinéireacht dhíreach na Cuideachta. Tá SONI Limited faoi úinéireacht EirGrid UK Holdings Limited.

Tá EirGrid cpt agus EirGrid Interconnector CGA ina bpáirtithe de chomhaontuithe maoinithe áirithe maidir le húinéireacht an Idirnascaire Thoir-Thiar a bhfuil faomhadh ó bhainc a thug iasachtaí dóibh riachtanach dóibh maidir le haon dáiltí ó EirGrid Interconnector CGA chuig EirGrid cpt.

Tá oifig chláraithe EirGrid Interconnector CGA agus EirGrid Telecoms CGA ag The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

Tá oifig chláraithe EirGrid UK Holdings Limited agus SONI Limited ag Castlereagh House, 12 Manse Road, Béal Feirste.

| Infheistíocht i bhFochuideachtaí Cuideachta | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | 155,711 | 155,711 |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | 155,711 | 155,711 |

Thug an Chuideachta airleachain ar fiú €31.7m (2015: €31.7m) iad san iomlán do EirGrid Interconnector CGA mar aon le fiachas iomlán €285.0m (2015: €285.0m) a bhí curtha ar aghaidh mar iasacht. Níl aon ús iníoctha ar na suimeanna faoin gcomhaontú iasachta idirchuideachta. D'aithin an Chuideachta infheistiú €155.5m (2015: €155.5m) in EirGrid Interconnector CGA agus €0.2m (2015: €0.2m) in EirGrid Telecoms CGA, a léiríonn meas-tachán ar luach reatha na rátaí tráchtála an úis atá ligthe ar ceal ag an gCuideachta thar shaolré na n-iasachtaí.

## 14. Maoin, Gléasra & Trealamh

| Grúpa | Talamh agus foirgnimh * €'000 | Daingneáin agus feistis €'000 | CT, trealamh teileach agus eile €'000 | Margadh Aonair Leictreachais ** €'000 | Mótar-fheithiclí €'000 | EWIC €'000 | Sócmhainní atá á dTógáil *** €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014 | 12,217 | 2,170 | 99,876 | 50,291 | - | 554,643 | 16,702 | 735,899 |
| Breiseanna | - | - | 1,456 | - | - | 3,735 | 17,676 | 22,867 |
| Aistruithe | 4,366 | 266 | 6,868 | - | - | - | (11,500) | - |
| Éagsúlachtaí malairte | 200 | 16 | 1,010 | 582 | - | - | 153 | 1,961 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2105 | 16,783 | 2,452 | 109,210 | 50,873 | - | 558,378 | 23,031 | 760,727 |
| Breiseanna | - | - | 1,062 | - | 77 | 197 | 30,895 | 32,231 |
| Aistrithe | 34 | 14 | 12,218 | - | - | - | (12,266) | - |
| Éagsúlachtaí malairte | (1,147) | - | (3,065) | (1,530) | - | - | (1,162) | (6,904) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF, 2016 | 15,670 | 2,466 | 119,425 | 49,343 | 77 | 558,575 | 40,498 | 786,054 |
| **Dímheas** | | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair, 2014 | 3,357 | 1,692 | 63,974 | 50,185 | - | 18,477 | - | 137,685 |
| Muirear | 669 | 131 | 14,546 | - | - | 15,473 | - | 30,819 |
| Éagsúlachtaí malairte | 116 | 3 | 647 | 582 | - | - | - | 1,348 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF, 2015 | 4,142 | 1,826 | 79,167 | 50,767 | - | 33,950 | - | 169,852 |
| Muirear | 673 | 137 | 13,657 | - | 5 | 16,280 | - | 30,752 |
| Éagsúlachtaí malairte | (415) | - | (2,231) | (1,530) | - | - | - | (4,176) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF, 2016 | 4,400 | 1,963 | 90,593 | 49,237 | 5 | 50,230 | - | 196,428 |
| **Suim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair, 2016** | **11,270** | **503** | **28,832** | **106** | **72** | **508,345** | **40,498** | **589,626** |
| Suim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair, 2015 | 12,641 | 626 | 30,043 | 106 | - | 524,428 | 23,031 | 590,875 |

* Áirítear feabhsúcháin léasachta i gcostas foirgneamh an Ghrúpa.

** Is éard atá i gceist le sócmhainn an Mhargaidh Aonair Leictreachais an córas lárnach TF a úsáidtear chun an margadh mórdhíola leictreachais a shocrú agus a riar ar oileán na hÉireann.

*** Is iad seo a leanas na Sócmhainní atá á dTógáil:

| | 30 MF 2016 €'000 | 30 MF 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Córas Faisnéise agus trealamh teileachumarsáide | 7,304 | 13,308 |
| Tionscadal I-SEM | 25,790 | 5,383 |
| Tionscadal an Idirnascaire Cheltigh | 5,056 | 4,149 |
| Tionscadal Seirbhísí an Chórais | 1,474 | 191 |
| EWIC | 874 | - |
| **Iomlán** | **40,498** | **23,031** |

## 14. Maoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

| Cuideachta | Foirgnimh * € '000 | Daingneáin agus feistis € '000 | CT, trealamh teileach. agus eile € '000 | Mótar fheithiclí € '000 | Margadh Aonair Leictreachais ** € '000 | Sócmhainní atá á dTógáil *** € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair, 2014 | 10,407 | 1,895 | 82,545 | - | 41,418 | 10,489 | 146,754 |
| Breiseanna | - | - | 768 | - | - | 13,714 | 14,482 |
| Aistrithe | - | 266 | 6,304 | - | - | (6,570) | - |
| Iarmhéid amhail an 30 MF, 2015 | 10,407 | 2,161 | 89,617 | - | 41,418 | 17,633 | 161,236 |
| Breiseanna | - | - | 797 | 77 | - | 22,362 | 23,236 |
| Aistruithe | - | 14 | 7,683 | - | - | (7,697) | - |
| Iarmhéid amhail an 30 MF, 2016 | 10,407 | 2,175 | 98,097 | 77 | 41,418 | 32,298 | 184,472 |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail ar an 1 Deireadh Fómhair 2014 | 2,676 | 1,647 | 57,668 | - | 40,905 | - | 102,896 |
| Muirear | 434 | 118 | 10,740 | - | - | - | 11,292 |
| Iarmhéid amhail ar an 30 MF 2015 | 3,110 | 1,765 | 68,408 | - | 40,905 | - | 114,188 |
| Muirear | 434 | 137 | 10,045 | 5 | - | - | 10,621 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF, 2016 | 3,544 | 1,902 | 78,453 | 5 | 40,905 | - | 124,809 |
| **Suim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair, 2016** | **6,863** | **273** | **19,644** | **72** | **513** | **32,298** | **59,663** |
| Suim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair, 2015 | 7,297 | 396 | 21,209 | - | 513 | 17,633 | 47,048 |

* Is ionann costas foirgneamh na Cuideachta agus feabhsúcháin léasachta. Féach nóta 20 chun sonraí a fháil faoin léas.

** Is ionann sócmhainn an Mhargaidh Aonair Leictreachais agus an córas lárnach TF a úsáidtear chun an margadh mórdhíola leictreachais a shocrú agus a riar ar oileán na hÉireann.

*** Is iad seo a leanas na Sócmhainní atá á dTógáil:

| | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Córas Faisnéise agus trealamh teileachumarsáide | 6,747 | 9,092 |
| Tionscadal I-SEM | 19,357 | 4,201 |
| Tionscadal an Idirnascaire Cheltigh | 5,056 | 4,149 |
| Tionscadal Seirbhísí an Chórais | 1,138 | 191 |
| **Iomlán** | **32,298** | **17,633** |

## 15. Trádáil agus in Infháltais Eile

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 30 MF 2016<br>€ '000 | 30 MF 2015<br>€ '000 | 30 MF 2016<br>€ '000 | 30 MF 2015<br>€ '000 |
| **Méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin:** | | | | |
| Infháltais trádála | 21,574 | 10,155 | 18,159 | 9,369 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 53,225 | 19,201 | 45,271 | 16,649 |
| Infháltais neamhbhilleáilte | 57,458 | 63,296 | 57,458 | 55,517 |
| Méideanna dlite ag foghnóthais | - | - | 23,710 | 7,052 |
| Iomlán | 132,257 | 92,652 | 144,598 | 88,587 |
| **Méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin:** | | | | |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 36,760 | 60,460 | 26,700 | 56,900 |
| Méideanna dlite ag foghnóthais | - | - | 190,565 | 178,845 |
| | 36,760 | 60,460 | 217,265 | 235,745 |
| Iomlán | 169,017 | 153,112 | 361,863 | 324,332 |

Measann na Stiúrthóirí gurb ionann suim ghlanluacha trádála agus infháltais eile agus an luach cóir atá acu.

Cuimsíonn nithe infhaighte neamhbhilleáilte go príomha ioncam don dá mhí dheiridh den bhliain airgeadais, agus i gcomhlíonadh an chláir ama rialála, nár seoladh bille faoi ag deireadh na bliana airgeadais lenar bhain sé.

Áirítear le réamhíocaíochtaí an Ghrúpa agus na Cuideachta iarmhéideanna ioncaim fhabhraithe na costais iarchurtha i ndáil le tionscadail tarchurtha €74.3m (2015: €73.9m) agus €69.3m (2015: €70.8m) faoi seach agus b'fhéidir nach mbeidh siad go léir infhaighte laistigh de dhá mhí dhéag.

Cuimsíonn réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe atá dlite tar éis breis is bliain amháin (i) íocaíocht roimh ré ar léas oibriúcháin chun leas a bhaint as láithreán nduganna maidir le sóchmhainn an Idirnascaire Thoir-Thiar (tá tuilleadh sonraí faoin léas ar taispeáint i nóta 20) agus (ii) iarmhéideanna a bhaineann le costais iarchurtha maidir le tionscadail tarchurtha.

## 16. Suimeanna Iníoctha Trádála agus Suimeanna Iníoctha Eile

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 30 MF 2016<br>€ '000 | 30 MF 2015<br>€ '000 | 30 MF 2016<br>€ '000 | 30 MF 2015<br>€ '000 |
| Suimeanna iníoctha trádála | 154,610 | 141,365 | 126,155 | 115,979 |
| Fabhruithe | 108,956 | 88,625 | 92,056 | 74,762 |
| Cánachas agus leas sóisialach | 12,641 | 14,064 | 11,391 | 11,186 |
| Suimeanna iníoctha eile | 3,042 | 4,161 | 3,028 | 4,118 |
| Suimeanna dlite do ghnóthais fochuideachta | - | - | 36,723 | 20,633 |
| Iomlán | 279,249 | 248,215 | 269,353 | 226,678 |

Cuimsíonn cánachas agus leas sóisialach iad seo a leanas:

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 30 MF 2016<br>€ '000 | 30 MF 2015<br>€ '000 | 30 MF 2016<br>€ '000 | 30 MF 2015<br>€ '000 |
| ÍMAT/ÁSPC | 254 | 384 | 1 | 63 |
| CBL | 11,845 | 13,365 | 10,846 | 10,826 |
| Cáin shiarchoinneálach | 542 | 315 | 544 | 297 |
| Iomlán | 12,641 | 14,064 | 11,391 | 11,186 |

Bíonn nithe iníoctha trádála agus nithe fabhruithe comhdhéanta go príomha de shuimeanna gan íoc le haghaidh ceannacháin trádála agus costais leanúnacha. Measann na Stiúrthóirí gurb ionann suim ghlanluacha na nithe iníoctha trádála agus a luach cóir a bheag nó a mhór. Tá beartais bhainistíochta riosca airgeadais i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go ndéantar na nithe iníoctha go léir a íoc laistigh den chreat ama creidmheasa.

Baineann €40.5m (2015: €38.3m) d'iarmhéid suimeanna trádála iníoctha an Ghrúpa agus €3.6m (2015: €3.0m) d'iarmhéid fabhruithe an Ghrúpa leis na muirir atá le híoctha leis an ESB agus leis an NIE mar Úinéirí Sócmhainní Tarchurtha i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann faoi seach. Baineann €40.5m (2015: €38.3m) d'iarmhéid suimeanna trádála iníoctha na Cuideachta leis an muirear atá iníoctha leis an ESB mar Úinéir na Sócmhainne Tarchurtha. Baineann fabhruithe den chuid is mó leis na costais dhíreacha a bhaineann le reáchtáil an chórais tarcurtha i rith dá mhí dheireanacha na tréimhse cuntasaíochta.

## 17. Ioncam Iarchurtha

| | € '000 |
|---|---|
| **Grúpa** | |
| **Deontais Chaipitil** | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014 | 108,440 |
| Amúchadh deontais | (3,072) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF, 2015 | 105,368 |
| Amúchadh deontais | (3,072) |
| Iarmhéid amhail an 30 MF, 2016 | 102,296 |

| **Anailísithe mar:** | **€ '000** |
|---|---|
| Reatha | 3,072 |
| Neamh-reatha | 99,224 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF, 2016 | 102,296 |

Bhain na deontais chaipitil a fuarthas le tionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar agus fuarthas ó Choimisiún an AE iad. Ba é €112.3m an méid iomlán a bhí ar fáil mar mhaoiniú deontais ó Choimisiún an AE don tionscadal agus fuarthas €112.3m go dtí seo. Níl aon choinníollacha nár comhlíonadh ná teagmhais eile a ghabhann le deontais chaipitil a fuarthas. Rinneadh na deontais chaipitil a amúchadh de réir dímheas na sócmhainne EWIC.

## 18. Scairchaipiteal Eisithe

| | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| **Údaraithe:** | | |
| 30,000 gnáthscair ag €1.25 an ceann | 38 | 38 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán:** | | |
| Scairchaipiteal glaoite curtha i láthair mar chothromas: | | |
| 30,000 gnáthscair ag €1.25 an ceann | 38 | 38 |

Tá aicme amháin de ghnáthscaireanna ag an gCuideachta nach bhfuil aon cheart maidir le hioncam seasta ag baint leo.

## 19. Airgead Tirim agus a Chomhluach in Airgead Tirim

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 30 MF 2016<br>€ '000 | 30 MF 2015<br>€ '000 | 30 MF 2016<br>€ '000 | 30 MF 2015<br>€ '000 |
| Airgead tirim agus a chomhluach in airgead tirim | 282,255 | 270,377 | 229,323 | 224,642 |

Bíonn airgead tirim agus a chomhluach in airgead tirim comhdhéanta go príomha d'airgead thirim i seilbh an Ghrúpa agus na Cuideachta agus taiscí bainc gearrthéarmacha a bhfuil aibíocht bhunúsach trí mhí nó níos lú ag baint leo. Is ionann suim ghlanluacha na sócmhainní sin a bheag nó a mhór agus a luach cóir. Bíonn an riosca creidmheasa maidir le cistí leachtacha teoranta toisc gur bainc iad na contrapháirtithe agus go bhfuil rátáil measartha ard creidmheasa tugtha dóibh ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta um rátáil creidmheasa.

San áireamh iarmhéideanna airgid an Ghrúpa agus na Cuideachta tá éarlaisí slándála de €5.9m (2015: €6.7m). San áireamh in iarmhéideanna airgid an Ghrúpa tá €15.0m (2015: €12.9m) ar airgead é nach féidir leas a bhaint as ach amháin chun críocha na sócmhainne EWIC.  San áireamh in iarmhéideanna airgid an Ghrúpa tá €98.7m eile (2015: €87.4m) a choinnítear i seilbh ar iontaobhas do rannpháirtithe margaidh sa MAL agus €11.6m (2015: €22.7m) a choinnítear i gcuntais chúlchiste chomhthaobhachta MAL (cuntais slándála a gcoinnítear in ainm rannpháirtithe margaidh). San áireamh in iarmhéideanna airgid na Cuideachta tá €74.0m (2015: €65.6m) a choinnítear ar iontaobhas do rannpháirtithe margaidh sa MAL agus €8.7m (2015: €17.0m) a choinnítear i gcuntais chúlchiste chomhthaobhachta MAL (cuntais slándála a gcoinnítear in ainm rannpháirtithe margaidh).

Bhí áiseanna iasachta neamhúsáidte de €64.0m (2015: €66.2m) ag an nGrúpa ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Tá an chuid is mó de na hiasachtaí neamhúsáidte sin curtha in ord sa chaoi go bhfuil dóthain áiseanna cúltaca ag an nGrúpa chun déileáil le híocaíochtaí sriantachta nach raibh foráil fúthu sa bhuiséad nó nach rabhthas ag súil leo.

## 20. Socruithe faoi Léas Oibriúcháin

Is mar seo a leanas a bheidh íosíocaíochtaí léasa dlite amach anseo faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chur ar cheal i dtaca go príomha le foirgnimh an Ghrúpa agus le léas talún le haghaidh sócmhainn an Idirnascaire Thoir-Thiar:

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 30 MF 2016<br>€ '000 | 30 MF 2015<br>€ '000 | 30 MF 2016<br>€ '000 | 30 MF 2015<br>€ '000 |
| Laistigh de bhliain amháin | 3,454 | 3,103 | 3,454 | 3,103 |
| Sa dara bliain go dtí an cúigiú bliain, araon san áireamh | 13,476 | 11,874 | 13,476 | 11,874 |
| Tar éis cúig bliana | 31,549 | 32,468 | 31,549 | 32,468 |
| Iomlán | 48,479 | 47,445 | 48,479 | 47,445 |

Tá léas oibriúcháin 25 bliana dar thús an 1 Márta 2007 ag an nGrúpa ar fhoirgneamh Cheannáras an Ghrúpa. Níor gá aon chíos a íoc sa chéad trí bliana de théarma an léasa. Tá costas an léasa bunaithe ar luach an mhargaidh oscailte agus tá sé faoi réir athbhreithniú cíosa gach 5 bliana. Nuair a rinneadh an athbhreithniú cíosa sceidealta ar an 1 Márta 2012 ní dhearnadh aon choigeartú ar an gcíos iníoctha.

Rinne an Grúpa comhaontú faoi léasú talún i gcalafort Learphoill, a fuarthas trí íocaíocht láithreach. Tá clásal scoir sa chaomhaontú tar éis an chéad 30 bliain den léas. I ndiaidh an téarma 30 bliain, beidh íocaíochtaí léasa faoi réir méaduithe boilscithe.

Ní chuireann téarmaí na léasanna oibriúcháin aon srianta suntasacha ná srianta neamhghnácha ar an nGrúpa.

## 21. Ceangaltais Chaipitil

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
| Caiteachas a ndearnadh conradh faoi, ach nach raibh soláthar déanta ina leith sna Ráitis Airgeadais | 26,800 | 7,940 | 11,000 | - |

Tá tiomantais conarthacha ag an nGrupa a eascraíonn as tionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar, a nascann greillí leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór le chéile, agus maidir le maoin, gléasra agus trealamh le haghaidh SONI.

## 22. Dliteanais Theagmhasacha

Ní feasach don Ghrúpa faoi aon dliteanais theagmhasacha ag deireadh na bliana airgeadais.

## 23. Oibleagáidí maidir le Sochair Scoir

### Scéimeanna Sochair Shainithe

Tá dhá scéim sochair shainithe á bhfeidhmiú ag an nGrúpa le haghaidh fostaithe cáilitheacha; Tá scéim amháin ann ("Plean EirGrid") d'fhostaithe na Cuideachta agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an dara scéim ("Plean Focus SONI") ar cuid sochair shainithe é de Scéim Pinsin SONI atá á fheidhmiú d'fhostaithe SONI Limited.

Reáchtáiltear príomhscéim phinsin an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann, Plean EirGrid, faoi dhlíthe Phoblacht na hÉireann um iontaobhais agus déantar é a bhainistiú agus a riar thar ceann a chomhaltaí de réir théarmaí an ghníomhais iontaobhais; rialacha na scéime; agus reachtaíocht Phoblacht na hÉireann (go príomha Acht na bPinsean 1990). Faoi reachtaíocht Phoblacht na Éireann ní mór do plean pinsin le sochar sainithe cistí go leor a thiomsú agus a choimeád ar bun chun a dteidlíochtaí pinsin a íoc lena gcomhaltaí má tharlaíonn sé go bhfoirceanntar an scéim. Éilítear ar iontaobhaithe ciste pinsin luachálacha achtúireacha agus tuarascálacha achtúireacha a fháil go rialta, plean téarnaimh a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh maoinithe agus an plean sin a chur faoi bhráid Bord Pinsean na hÉireann lena fhaomhadh.

Reáchtáiltear Plean Focus SONI faoi dhlí iontaobhais na Ríochta Aontaithe agus déantar é a bhainistiú agus a riar thar ceann a chomhaltaí de réir téarmaí an ghníomhais iontaobhais, rialacha na scéime agus reachtaíocht na Ríochta Aontaithe (go príomha the Pension Schemes Act 1993, the Pensions Act 1995 agus the Pensions Act 2004). Faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe éilítear go sásóidh plean pinsin le sochar sainithe an cuspóir maoinithe reachtúil maidir le sócmhainní leordhóthanacha agus iomchuí a bheith ann chun a chuid dliteanas a chlúdach. Éilítear ar iontaobhaithe ciste pinsin: ráiteas faoi phrionsabail maoinithe a ullmhú; luachálacha achtúireacha agus tuarascálacha achtúireacha a fháil go rialta, plean téarnaimh a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh maoinithe; agus ráitis achoimre as sheoladh go rialta chuig baill na scéime.

Is iad iontaobhais ar leith atá scartha go dlíthiúil ón nGrúpa a dhéanann na scéimeanna le sochar sainithe a riar. Déantar iontaobhas na scéimeanna sochair shainithe a riar faoi láthair ag baill na scéimeanna sochair shainithe agus cuimsíonn siad comhaltaí atá ceaptha ag na baill agus comhaltaí atá ceaptha ag an gCuideachta. Éilítear ar iontaobhaithe na scéimeanna sochair shainithe gníomhú i gcomhréir le doiciméadacht rialaithe an iontaobhais agus freagracht mhuiníneach a bheith acu maidir le gníomhú ar mhaithe le leas tairbhithe na scéimeanna sochair shainithe. Áirítear iad seo a leanas le liosta neamh-uileghabhálach de dhualgais iontaobhaithe; ranníocaíochtaí a bhailiú agus a infheistiú, an straitéis infheistíochta a chinneadh, sochair a riar agus gníomhú de mheon macánta agus i gcomhréir le doiciméadacht rialaithe na scéimeanna sochair shainithe.

## 23. Oibleagáidí maidir le Sochair Scoir (ar lean)

Tá fostaithe i dteideal pinsean agus cnapshuim a fháil agus iad ag dul ar scor faoi Phlean EirGrid. Tá fostaithe i dteideal pinsean a fháil agus iad ag dul ar scor faoi Phlean Focas SONI. D'fhéadfaidh pinsean marthanóirí agus/nó cnapshuim bheith iníoctha ar bhás faoi na Scéimeanna le sochair shainithe. Bíonn na sochair scoir atá iníoctha bunaithe ar thuarastal agus fad seirbhíse.

Ní dhearnadh aon leasuithe ná ciorrúcháin ábhartha ná socruithe maidir leis na scéimeanna sochair sainmhínithe i rith na bliana Airgeadais.

### Príomhrioscaí

Faoi na scéimeanna le sochair shainithe, tá fostaithe i dteideal pinsean a fháil a ríomhfar ar bhunús tuarastail agus seirbhíse. Fágann an scéim le shochair shainithe an chuideachta neamhchosanta ar rioscaí amhail riosca infheistíochta, riosca maidir le rátaí úis, riosca maidir le fad saoil agus riosca tuarastail.

| | |
|---|---|
| Riosca infheistíochta | Déantar luach reatha dliteanais pleananna le sochair shainithe a ríomh ag baint úsáide as ráta lascaine arna chinneadh trí thagairt do thorthaí bannaí corparáideacha ardcháilíochta; má bhíonn an toradh ar shócmhainní an phlean faoi bhun an ráta sin, cruthóidh sé easnamh sa phlean. |
| Riosca maidir le ráta úis | Déantar luach reatha dliteanais plean le sochair shainithe a ríomh ag baint úsáide as ráta lascaine arna chinneadh trí thagairt do thorthaí bannaí corparáideacha ardcháilíochta ag dáta an tomhais. Má thagann laghdú ar thorthaí bannaí corparáideacha méadóidh dliteanais na scéime. |
| Riosca maidir le fad saoil | Déantar luach reatha plean le sochair shainithe a ríomh trí thagairt don meastachán is fearr faoi mortlaíocht na rannpháirtithe sa phlean le linn a gcuid fostaíochta agus ina dhiaidh. Má thagann méadú ar ionchas saoil rannpháirtithe an phlean méadófar dliteanas an phlean. |
| Riosca maidir le tuarastal | Déantar luach reatha plean le sochair shainithe a ríomh trí thagairt a dhéanamh don tuarastail a bheidh ag rannpháirtithe an phlean sa todhchaí. Dá réir sin má mhéadaítear tuarastal rannpháirtithe an phlean méadófar dliteanais an phlean. |

### Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe

Ós rud é go bhfuil Plean Focus SONI dúnta do bhaill nua ó 1998, ach amháin chun glacadh le baill foirne de thoradh aistriú na feidhme pleanála i dTuaisceart Éireann sna blianta roimhe, reáchtálann an Grúpa scéim ranníocaíochtaí sainithe formheasta chomh maith, .i. an "Plean SONI Options" (ar cuid ranníocaíochta sainithe é de Scéim Pinsin SONI d'fhostaithe SONI Limited). Íocann na comhaltaí agus SONI Limited ranníocaíochtaí ag rátaí seasta. Léiríonn na sochair a fhaightear ag am scoir ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhain leis na sochair a cheannach ag an am. Déantar sochair báis a árachú ar bhonn grúpa agus is féidir iad a íoc i bhfoirm cnapshuime agus nó pinsin marthanóra. Sealbhaítear sócmhainní an SONI Options Plan ar láimh faoi iontaobhas agus tá siad ar leithligh uathu siúd de chuid an Ghrúpa.

Is é an t-aon oibleagáid amháin atá ag SONI Limited maidir leis an SONI Options Plan ná ranníocaíochtaí sonraithe a íoc agus costais riaracháin a íoc. Aithnítear oibleagáidí maidir le ranníocaíochtaí chuig SONI Options Plan mar chostas sa ráiteas ioncaim mar a thabhaítear iad. Is ionann an muirear pinsin don bhliain airgeadais agus an ranníocaíocht iarbhír a d'íoc SONI Limited agus b'ionann é agus €0.5m (2015: €0.5m).

### Scéimeanna Sochair Shainithe - Dliteanais

Rinneadh na luachálacha achtúireacha is déanaí ar na sócmhainní agus ar luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe ar an 30 Meán Fómhair 2015 do phlean EirGrid agus do phlean Focus SONI araon, de réir riachtanais Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 19: Sochair Fostaithe (IAS 19). Tomhaiseadh luachanna na n-oibleagáidí sochair shainithe, agus na costais seirbhíse reatha ghlaolmhara agus costais seirbhíse roimhe seo, ag baint úsáide as modh creidmheasa an aonaid mheasta.

## 23. Oibleagáidí maidir le Sochair Scoir (ar lean)

Is mar seo a leanas atá an méid a áirítear sa Chlár Comhardaithe a eascraíonn as na hoibleagáidí i dtaca leis na pleananna sin le sochair shainithe:

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **30 MF 2016 € '000** | **30 MF 2015 € '000** | **30 MF 2016 € '000** | **30 MF 2015 € '000** |
| Luach reatha oibleagáidí an tsochair shainithe atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach | 195,945 | 156,920 | 148,693 | 112,321 |
| Luach cóir sócmhainní scéimeanna ag deireadh na bliana | (142,081) | (129,768) | (99,097) | (86,544) |
| Glandliteanas aitheanta sa Chlár Comhardaithe ag deireadh na tréimhse | 53,864 | 27,152 | 49,596 | 25,777 |
| Cáin iarchurtha ar ghlanoibleagáid phinsin (nóta 9) | (6,993) | (3,498) | (6,199) | (3,222) |
| Glandliteanas i ndiaidh Cáin Iarchurtha | 46,871 | 23,654 | 43,397 | 22,555 |

Féadfar na méideanna sa Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite a anailísiú mar seo a leanas:

| | **Bhliain go dtí 30 MF 2016 € '000** | **Bhliain go dtí 30 MF 2015 € '000** |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 7,914 | 6,870 |
| Glanchostas úis | 603 | 433 |
| Costas phinsin an fhostóra arna chaipitliú | (1,307) | (1,223) |
| An méid a áirítear i gcostais oibriúcháin eile a bhaineann le scéimeanna sochair shainithe | 7,210 | 6,080 |

Is mar seo a leanas atá na méideanna a aithnítear sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach:

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **30 MF 2016 € '000** | **30 MF 2015 € '000** | **30 MF 2016 € '000** | **30 MF 2015 € '000** |
| **Atomhas an glandliteanais socair shanaithe:** | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach as shócmhainní scéimeanna | 11,284 | (1,127) | 4,867 | (746) |
| Gnóthachan/(caillteanas) a ag eascairt ó athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha | 6,095 | (163) | 4,256 | - |
| Caillteanas achtúireach a eascraíonn ó athruithe ar thoimhdí airgeadais | (47,670) | (10,167) | (34,101) | (10,257) |
| Gnóthachan achtúireach ó choigeartuithe ó thaití | 5,671 | 3,450 | 3,949 | 2,722 |
| Suim a cuireadh san áireamh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach | (24,620) | (8,007) | (21,029) | (8,281) |

## 23. Oibleagáidí maidir le Sochair Scoir (ar lean)

Is mar seo a leanas a bhí gluaiseachtaí i luach láithreach na n-oibleagáidí sochair shainithe sa bhliain airgeadais reatha:

| | Plean EirGrid | | Plean Focus SONI | |
|---|---|---|---|---|
| | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
| Luach reatha na hoibleagáide sainithe ag tús na bliana | 112,321 | 95,478 | 44,599 | 40,693 |
| Costas reatha seirbhíse lena n-áirítear ranníocaíochtaí rannpháirtithe sna Scéimeanna | 8,295 | 7,072 | 1,210 | 1,316 |
| Costas úis | 2,855 | 2,760 | 1,591 | 1,694 |
| (Gnóthachan)/caillteanas a eascraíonn ó athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha | (4,256) | - | (1,839) | 163 |
| Caillteanas/(gnóthachan) ag éirí as athruithe ar thoimhdí airgeadais | 34,101 | 10,257 | 13,569 | (90) |
| Gnóthachan achtúireach a eascraíonn ó choigeartuithe ó thaithí | (3,949) | (2,722) | (1,722) | (728) |
| Sochair a íocadh | (674) | (524) | (2,996) | (756) |
| Éagsúlachtaí malairte | - | - | (7,160) | 2,307 |
| Luach reatha na hoibleagáide sochair shainithe ag deireadh na bliana | 148,693 | 112,321 | 47,252 | 44,599 |

Is iad seo a leanas na gluaiseachtaí i luach láithreach sócmhainní an phlean sa bhliain airgeadais reatha:

| | Plean EirGrid | | Plean Focus SONI | |
|---|---|---|---|---|
| | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
| Luach cóir sócmhainní na scéimeanna ag tús na bliana | 86,544 | 79,409 | 43,223 | 38,294 |
| Ioncam ó Ús | 2,279 | 2,382 | 1,565 | 1,639 |
| Atomhas gnóthachan/(caillteanas): Gnóthachain/(caillteanais) ar shócmhainní na scéimeanna | 4,867 | (746) | 6,417 | (381) |
| Ranníocaíochtaí na gCuideachtaí | 4,474 | 4,432 | 1,447 | 2,321 |
| Ranníocaíochtaí na rannpháirtithe sna scéimeanna | 1,607 | 1,591 | 120 | 149 |
| Costais riaracháin | - | - | (137) | (222) |
| Sochair a íocadh | (674) | (524) | (2,996) | (756) |
| Éagsúlachtaí malairte | - | - | (6,655) | 2,178 |
| Luach cóir sócmhainní na scéimeanna ag deireadh na bliana | 99,097 | 86,544 | 42,984 | 43,222 |

## 23. Oibleagáidí maidir le Sochair Scoir (ar lean)

Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana a úsáideadh chun críocha na luachálacha achtúireacha:

| | Plean EirGrid | | Plean Focus SONI | |
|---|---|---|---|---|
| | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
| Modh Luachála | Aonad réamh-mhesta | Aonad réamh-mhesta | Aonad réamh-mhesta | Aonad réamh-mhesta |
| Ráta lascaine | 1.65% | 2.55% | 2.45% | 3.90% |
| Méadú ar an bpinsean Stáit | 1.40% | 1.40% | 2.40% | 2.40% |
| Méaduithe ar tuarastail | 1.90% | 1.90% | 4.40% | 4.40% |
| | scála móide | scála móide | | |
| Méaduithe ar phinsin | 1.90% | 1.90% | 2.40% | 2.40% |
| Boilsciú | 1.65% | 1.65% | 3.40% | 3.40% |
| Athluacháil sochar Príomhoifigeach Feidhmeacháin | 1.65% | 1.40% | n/b | n/b |
| Ionchas saoil na gcomhaltaí a rachaidh ar scor ag aois 65 in 2036: | | | | |
| - Fir | 23.6 bliain | 25.2 bliain | 24.2 bliain | 24.2 bliain |
| - Mná | 25.7 bliain | 26.2 bliain | 26.4 bliain | 26.9 bliain |

Ba é an ráta lascaine a d'úsáid achtúirí an phlean i ríomh na ndliteanas pinsin ag deireadh na bliana 1.65% (2015: 2.55%) do phlean EirGrid agus 2.45% (2015: 3.90%) do phlean Focus SONI. Bunaíodh ráta lascaine phlean EirGrid ar an toradh go dtí fuascailt i leith bannaí corparáideacha ainmnithe in Euro tuartha de réir neasfhad 29 mbliana (2015: 29 bliana). Bunaíodh ráta lascaine phlean Focus SONI ar an toradh go dtí fuascailt i leith bannaí corparáideacha ainmnithe i Steirling tuartha de réir neasfhad 20 bliain (2015: 20 bliain). Tá sé sin comhsheasmhach le téarma measta na n-oibleagáidí sochar iarscoir.

Tá neamhchinnteachtaí bunúsacha sna toimhdí airgeadais agus déimeagrafacha ar ghlac an Grúpa leo. Mar léiriú ar thionchar na n-athruithe ar thoimhdí achtúireacha, rinneadh laghdú 50 bhonn phointe ar rátaí lascaine glandliteanas an phlean pinsin faoi thart ar 16% nó mar sin de.

### Riachtanais Mhaoinithe agus Sreafaí Airgid Amach Anseo

Ní mór luacháil mhaoinithe a dhéanamh ar Phlean EirGrid gach trí bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ráta ranníocaíochtaí is gá chun sochair sa todhchaí a mhaoiniú. Rinneadh an luacháil achtúireach ba dhéanaí ar an 31 Márta 2014. Déantar coigeartú ar an ráta ranníocaíochta is gá chun maoiniú a dhéanamh ar na dliteanais seirbhíse amach anseo le haghaidh na baill pinsin atá gníomhach faoi láthair chun luach aon bharrachais nó easnaimh seirbhíse roimhe seo sa Phlean EirGrid a chur san áireamh.

Déantar athbhreithniú gach bliain ar staid Caighdeán Maoinithe (an t-íosriachtanas maoinithe reachtúil) Phlean EirGrid. Sa chás nach bhfuil go leor sócmhainní ag scéim Éireannach le sochair shainithe chun an Caighdeán Maoinithe a shásamh, d'fhéadfadh maoiniú luathaithe, i bhfoirm Togra Maoinithe, a bheith riachtanach. Ós rud é go sásaíonn Plean EirGrid na caighdeáin íosta maoinithe níl aon Togra Maoinithe den sórt sin curtha ar bun.

## 23. Oibleagáidí maidir le Sochair Scoir (ar lean)

Ní mór luacháil achtúireach a dhéanamh ar Phlean Focus SONI gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh an luacháil achtúireach is déanaí ar an 31 Márta 2013. Is é príomhchuspóir atá le luacháil mhaoinithe na scéime ná teacht ar chomhaontú faoi na ranníocaíochtaí atá iníoctha ag SONI Limited chun gur féidir a bheith ag súil go mbeidh sócmhainní leordhóthanacha ag Plean Focus SONI chun na sochair atá geallta do na baill a íoc. Deimhníonn Achtúire na Scéime gur ríomhadh na forálacha teicniúla de réir na rialachán agus de réir Ráiteas na nIontaobhaithe maidir le Prionsabail Mhaoinithe agus go bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfar an Cuspóir Maoinithe Reachtúil faoi dheireadh na tréimhse atá á clúdach ag sceideal na ranníocaíochtaí. Ní mór luacháil Alt 179 a dhéanamh freisin lena chinntiú go bhfuil sócmhainní go leor ag Plean Focus SONI chun a dhliteanais a chlúdach i leith an chúitimh a d'íocfadh an Ciste Cosanta Pinsin.

Is iad seo a leanas mórchatagóirí shócmhainní an phlean ag dáta an Chláir Chomhardaithe i gcás gach catagóire:

| | Luach Cóir | |
|---|---|---|
| **Plean EirGrid** | **30 MF 2016<br>€ '000** | **30 MF 2015<br>€ '000** |
| Cothromais | 45,977 | 47,549 |
| Bannaí | 17,207 | 15,265 |
| Réadmhaoin | 7,868 | 5,329 |
| Airgead tirim | 1,747 | 1,985 |
| Roghanna eile | 21,630 | 13,427 |
| Blianachtaí | 4,668 | 2,989 |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | 99,097 | 86,544 |

I gcás sócmhainní phlean EirGrid ar fad ach amháin blianachtaí luaitear praghsanna margaidh €94.4m (2015: €83.6m) i margadh gníomhach. Níl aon praghsanna margaidh luaite i gcás blianachtaí €4.7m (2015: €3.0m) agus mar sin tá siad ar leibhéal 2.

| | Luach Cóir | |
|---|---|---|
| **Plean Focus SONI** | **30 MF 2016<br>€ '000** | **30 MF 2015<br>€ '000** |
| Cothromais | 22,843 | 22,962 |
| Sárurrúis agus bannaí | 19,298 | 18,315 |
| Eile | 843 | 1,945 |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | 42,984 | 43,222 |

I gcás sócmhainní phlean Focus SONI tá praghsanna luaite margaidh (€43.0m) (2015: €43.2m) i margadh gníomhach i gcás gach catagóire díobh.

Ba é gnóthachan €14.5m (2015: €2.9m) an toradh iarbhír ar shócmhainní scéim an Ghrúpa. B'fhiú gnóthachan €7.2m (2015: €1.6m) an toradh iarbhír ar shócmhainní scéim phlean EirGrid agus b'fhiú gnóthachan €7.3m (2015: €1.3m) an toradh iarbhír ar shócmhainní scéim Plean Focus SONI.

Measann an Grúpa go n-íocfaidh siad ranníocaíochtaí €4.6 milliún (2015: €4.8m) do phlean EirGrid agus €1.3m (2015: €1.5 milliún) do phlean Focus SONI sa bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2017.

## 24. Leas i gComhfhiontar

### Grúpa

Fuair an Grúpa smacht ar SEMO trí éadáil SONI Limited ar an 11 Márta 2009. Ó dháta éifeachtach na fála, áirítear 100% de thorthaí SEMO leis an Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite.

### Cuideachta

Is é an Margadh Leictreachais Aonair (SEM) an margadh mórdhíola leictreachais a fheidhmíonn i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Samhain 2007. Ar an dáta sin cuireadh deireadh leis an seanmhargadh mórdhíola leictreachais in Éirinn agus cuireadh tús leis an SEM nua. Bunaíodh SEMO mar an Comhfhiontar conartha idir an Chuideachta agus SONI Limited. Tá SEMO freagrach as feidhmiú an mhargaidh leictreachais mhórdhíola ar oileán na hÉireann ón 1 Samhain 2007 ar aghaidh.

Tá leas 75% ag an gCuideachta i SEMO agus bhreathnaíonn siad ar na socruithe mar chomhoibríocht. Dá thoradh sin tá sciar an Chomhlachta de shócmhainní, dliteanais, ioncam agus costais san áireamh sna Ráitis Airgeadais ar bhunús líne ar líne.

Áirítear na méideanna seo a leanas i Ráitis Airgeadais na Cuideachta ar bhonn ar líne ar líne chun SEMO a léiriú i gcuntais na Cuideachta:

| | 30 MF 2016<br>€ '000 | 30 MF 2015<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní neamhreatha | 5,128 | 7,893 |
| Sócmhainní reatha | 129,347 | 115,393 |
| Sócmhainní iomlána | 134,475 | 123,286 |
| Cothromas iomlán | 20,300 | 18,519 |
| Dliteanais reatha | 114,175 | 104,767 |
| Dliteanais iomlána | 114,175 | 104,767 |
| Cothromas iomlán agus dliteanais iomlána | 134,475 | 123,286 |

| | Bhliain go dtí<br>30 MF 2016<br>€ '000 | Bhliain go dtí<br>30 MF 2015<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Ioncam | 127,121 | 148,690 |
| Costais | (124,910) | (149,953) |
| Brabús/(caillteanas) oibriúcháin | 2,211 | (1,263) |

## 25. Iasachtaí

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
| Inaisíoctha laistigh de bhliain amháin: | | | | |
| Iasachtaí bainc inaisíoctha ina dtráthchodanna | 14,444 | 13,759 | 8,399 | 8,045 |
| Iasachtaí reatha iomlána | 14,444 | 13,759 | 8,399 | 8,045 |
| Inaisíoctha i ndiaidh níos mó ná bliain amháin ina dtráthchodanna: | | | | |
| Idir bliain agus dhá bhliain | 15,149 | 14,444 | 8,758 | 8,399 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 49,947 | 47,664 | 28,572 | 27,402 |
| I gceann cúig bliana nó níos mó | 274,111 | 291,329 | 192,863 | 202,790 |
| Iasachtaí neamhreatha iomlána | 339,207 | 353,437 | 230,193 | 238,591 |
| Iasachtaí iomlána gan íoc | 353,651 | 367,196 | 238,592 | 246,636 |

Déanann EirGrid cpt ráthú trí struchtúr trasráthaíochta ar gach iasacht a dhéanann fochuideachtaí, féach nóta 28 le haghaidh tuilleadh sonraí. Is ionann iasachtaí bainc agus iasachtaí neamhurraithe. Tiontaíodh cuid de na hiasachtaí ó ráta comhlúthach úis go ráta seasta úis trí úsáid a bhaint as conarthaí babhtála ráta úis, féach nóta 27 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Tá mionsonraí ar iasachtaíocht agus ar iasachtaí úsmhara an Ghrúpa leagtha amach thíos.

| | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| **San áireamh i ndliteanais reatha:** | | |
| Iasachtaí bainc | 14,444 | 13,759 |
| Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara reatha | 14,444 | 13,759 |
| **San áireamh i ndliteanais neamhreatha:** | | |
| Iasachtaí bainc | 339,207 | 353,437 |
| Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara neamhreatha | 339,207 | 353,437 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí iomlána bainc | 353,651 | 367,196 |
| Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara iomlána | 353,651 | 367,196 |

## 25. Iasachtaí (ar lean)

Is iad seo a leanas téarmaí na n-iasachtaí atá gan íoc:

| | Airgeadra | Bliain Airgeadais Aibíochta | Suim ghlanluacha € '000 |
|---|---|---|---|
| **Amhail an 30 MF, 2016** | | | |
| Saoráid neamhurraithe iasachta téarmaí | EUR | 2030 | 115,059 |
| Saoráid neamhurraithe iasachta téarmaí | EUR | 2035 | 238,592 |
| | | | 353,651 |
| **Amhail an 30 MF, 2015** | | | |
| Saoráid neamhurraithe iasachta téarmaí | EUR | 2030 | 122,596 |
| Saoráid neamhurraithe iasachta téarmaí | EUR | 2035 | 244,600 |
| | | | 367,196 |

## 26. Catagóirí Sócmhainní Airgeadais agus Dliteanais Airgeadais

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
| **Sócmhainní airgeadais rangaithe mar iasachtaí agus infháltais:** | | | | |
| Infháltais trádála | 21,574 | 10,155 | 18,159 | 9,369 |
| Méid dlite ag foghnóthais | - | - | 214,275 | 185,897 |
| Airgead tirim agus a chomhluach in airgead tirim | 282,255 | 270,377 | 229,323 | 224,642 |
| Sócmhainní airgeadais iomlána | 303,829 | 280,532 | 461,757 | 419,908 |
| **Dliteanais airgeadais rangaithe mar dhliteanais eile:** | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála | 154,610 | 141,365 | 126,155 | 115,979 |
| Méid dlite le gnóthais fochuideachta | - | - | 36,723 | 20,633 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | 353,651 | 367,196 | 238,592 | 246,636 |
| Iomlán | 508,261 | 508,561 | 401,470 | 383,248 |
| **Dliteanais airgeadais arna sainiú mar ionstraimí fálaithe:** | | | | |
| Ionstraimí díorthacha airgeadais (nóta 27) | 120,184 | 99,537 | 86,932 | 70,439 |
| **Dliteanais airgeadais arna luacháil go cóir trí bhrabús agus caillteanas:** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | - | - | - |
| Ionstraimí díorthacha airgeadais iomlána | 120,184 | 99,537 | 86,932 | 70,439 |
| Dliteanais airgeadais iomlána | 628,445 | 608,098 | 488,402 | 453,687 |

## 26. Catagóirí Sócmhainní Airgeadais agus Dliteanais Airgeadais (ar lean)

Grúpáiltear ionstraimí airgeadais a thomhaistear tar éis aitheantas tosaigh ag luach cóir i Leibhéil 1 go 3 bunaithe ar a inbhraite is atá an luach cóir:

- Is éard is tomhais luacha chóir Leibhéal 1 ann iad siúd a fhaightear ó phraghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha do shócmhainní nó do dhliteanais chomhionanna;
- Is éard is tomhais luacha chóir Leibhéal 2 ann iad siúd a fhaightear ó ionchuir seachas praghsanna luaite a áirítear i Leibhéal 1 atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. faighte ó phraghsanna);
- Is éard is tomhais luacha chóir Leibhéal 3 ann iad siúd a fhaightear ó theicnící luachála, lena n-áirítear ionchuir don tsócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite margaidh (ionchuir neamh-inbhraite).

Dearbhaítear luach cóir babhtálacha ráta úis an Ghrúpa agus na Cuideachta ar an dáta tuairiscithe trí lascainiú a dhéanamh ar shreafaí airgid amach anseo ag baint úsáide as rátaí cuair úis inbhraite an mhargaidh ar an dáta tuairiscithe agus dá bhrí sin meastar gur ionstraimí Leibhéal 2 iad.

Ní raibh aon aistrithe idir leibhéil luachála i rith na bliana.

## 27. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais

### Bainistíocht Chaipitil

Nuair a dílsíodh oibreoir an córais tarchurtha, tugadh caipiteal isteach sa Chuideachta faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Tá an caipiteal sin ina bhunús le bunchaipiteal na Cuideachta. Níor tháinig aon athrú ar bhunchaipiteal na Cuideachta i rith na bliana airgeadais. Bíonn aon athruithe ar an struchtúr caipitiúil faoi réir fhormheas na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Tá an Chuideachta á maoiniú ar bhonn leanúnach tríd an gcóras rialála taraife. Tá áiseanna bainc curtha i bhfeidhm ag an gCuideachta d'fhonn leachtacht agus sreabhadh airgid a bhainistiú chun gur féidir neamhréireanna ama idir fáltais rialála taraife agus riachtanais chaipitil oibre a éascú.

Déantar tionscadail shuntasacha ó thaobh caiteachas caipitil a mhaoiniú trí iasachtaí seachtracha agus faoi réir fhormheas na Roinne. Is tríd an reachtaíocht a leagtar amach cumhachtaí iasachtaithe an Chomhlachta agus bíonn iasachtaí aonair faoi réir fhormheas na Roinne. Ar an 14 Márta 2008, síníodh an tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (EirGrid) 2008 i ndlí na hÉireann. Go príomha, thug an tAcht sin an chumhacht don Chuideachta an tIdirnascaire Thoir-Thiar a thógáil agus mhéadaigh sé cumhachtaí iasachtaíocha na Cuideachta go huasteorainn €750m.

Is polasaí na Cuideachta chostas, cabhsaí, íseal, inghlactha a chinntiú le himeacht ama maidir le cistí, faoi réir leibhéil inghlactha riosca. Lena chois sin coinníonn an Chuideachta próifíl chothrom aibíochta i ndáil lena punann lárnach iasachtaíochta d'fhonn buaic-aisíocaíochtaí agus riosca athmhaoinithe a sheachaint.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach thíos faoi na háiseanna iasachtaíochta agus na straitéisí gaolmhara fálaithe.

### Léargas Ginearálta ar Bhainistíocht Riosca Airgeadais

Déanann feidhm chistíochta an Ghrúpa bainistiú ar mhaoiniú, ar leachtacht agus ar neamhchosaint an Ghrúpa ar rioscaí úis agus ar ráta malairte eachtraí. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar bheartais a chosnaíonn an Grúpa ó na rioscaí sin agus ó rioscaí eile agus déanann iad a fhaomhadh.

Baineann na príomhrioscaí airgeadais dá bhfuil an Grúpa nochta le leachtacht, cúrsaí margaidh (lena n-áirítear rátaí úis) agus riosca caipitil. Eascraíonn an dá riosca sin ó oibríochtaí laethúla agus ó príomhthionscadail chaiteachais chaipitil.

Bainistíonn an Grúpa a riosca leachtachta agus a riosca caipitil i dtaca le hoibríochtaí laethúla tríd an bpróiseas rialála do bhunú taraifí leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) agus le Rialálaí Fóntas Thuaisceart Éireann (URegNI) agus trí bhuiséadú inmheánach agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar athruithe. Chuaigh an Grúpa i mbun idirbheartaíochta le bainc éagsúla i dtaobh saoráidí teannta a fháil d'fhonn tacú le réamh-mheastacháin agus le riachtanais sreafa airgid.

## 27. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

Maidir le caiteachas caipitiúil, tá píomhphróisis um fhormheas caiteachais agus bainistíocht tionscadail i bhfeidhm ag an nGrúpa

## Bainistíocht riosca creidmheasa

Tagraíonn riosca creidmheasa don riosca go ndéanfaidh contrapháirtí mainneachtain ar a oibleagáidí conartha agus go gcaillfeadh an Grúpa airgead dá dheasca sin. Bíonn an Grúpa neamhchosanta ó riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe lena bhfuil cuntais bainc aige. Maolaíonn an Grúpa a neamhchosaint trí chistí a chur i roinnt institiúidí airgeadais a bhfuil ráthaíocht cheannasach acu i ndáil le taiscí chustaiméirí nó a bhfuil rátáil chreidmheasa acu ó ghníomhaireacht rátála neamhspleách i gcomhréir leis an mbeartas cistíochta a d'fhormheas an Bord. Bíonn an Grúpa neamhchosanta freisin ó riosca ó chontrapháirtithe maidir le háiseanna neamhtharraingthe agus ionstraimí babhtála rátaí úis. I gcomhréir lenár bPolasaí Ciste bíonn an Grúpa ag déileáil le contrapháirtithe a bhfuil rátaí arda creidmheasa acu chun an riosca seo a mhaolú.

Léiríonn suimeanna glanluacha na sócmhainní airgeadais sa Chlár Comhardaithe an neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa.

Comhlíonann an Chuideachta a cuid oibleagáidí mar Oibreoir Margaidh trí chomhfhiontar conartha i gcomhar le SONI Limited. De réir théarmaí Trádála agus Socraithe le haghaidh SEM ceanglaítear ar gach rannpháirtí cumhdach creidmheasa a sholáthar ag leibhéal a chuirfidh an tOibreoir Margaidh in iúl dóibh. Is féidir clúdach creidmheasa den sórt sin a chur ar fáil trí bhíthin litreach fuireachais neamh-inchúlghairthe creidmheasa nó trí thaisce airgid i gcuntas Cúlchiste Comhthaobhach SEM. Roinntear aon drochfhiach a eascraíonn sa Mhargadh Aonair Leictreachais, sa mhéid is a sháraíonn sé an clúdach creidmheasa atá ar fáil, i measc na ngineadóirí agus ní íocann Oibreoir an Mhargaidh as. B'fhiú €11.8m (2015: €0.9m) na nithe infhaighte trádála SEMO a bhí mar chuid de nithe infhaighte trádála an Ghrúpa amhail an 30 Meán Fómhair, 2016. B'fhiú €8.9m (2015: €0.7m) na nithe infhaighte trádála SEMO a bhí san áireamh mar fhéichiúnaithe trádála na Cuideachta amhail an 30 Meán Fómhair, 2016.

Dhá mhí ar an meán an tréimhse chreidmheasa ar nithe infhaighte trádála. Áirítear le hiarmhéid na suimeanna infhaighte trádála féichiúnaithe atá dlite thar téarma ag an dáta tuairiscithe nár cuireadh ar fáil mar go meastar fós gur suimeanna in-aisghabhála iad na suimeanna sin go fóill. Is é seo a leanas próifíl aosaithe na n-iarmhéideanna sin thar téarma, ach nach bhfuil bearnaithe:

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **30 MF 2016 € '000** | 30 MF 2015 € '000 | **30 MF 2016 € '000** | 30 MF 2015 € '000 |
| Idir 60 agus 90 lá | 644 | 671 | 644 | 671 |
| Idir 90 agus 120 lá | 8 | 6 | 8 | 6 |
| Níos mó ná 120 lá | 858 | 630 | 858 | 630 |
| Iomlán | 1,510 | 1,307 | 1,510 | 1,307 |

Meastar go bhfuil cáilíocht chreidmheasa mhaith ag sócmhainní airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta nach bhfuil thar téarma ná bearnaithe.

## Bainistíocht riosca leachtachta

Is ar an mBord Stiúrthóirí atá an fhreagracht deiridh as bainistíocht riosca leachtachta. Tál creat oiriúnach ceaptha acu chun riosca maoinithe an Ghrúpa a bhainistiú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus sa bhfadtéarma agus le déileáil le riachtanais leachtachta an Ghrúpa. Bainistíonn an Grúpa riosca leachtachta trí chúlchistí leordhóthanacha, áiseanna baincéireachta agus áiseanna iasachta cúltaca a choinneáil, trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar shreafaí measta airgid agus ar fhíorshreafaí airgid, agus trí phróifílí aibíochta na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais a mheaitseáil le chéile.

## 27. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

Íoctar suimeanna iníoctha trádála ag deireadh na míosa i ndiaidh mhí an tsonraisc. Tá beartais bhainistíochta riosca airgeadais i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go ndéantar na nithe iníoctha go léir a íoc laistigh den chreat ama creidmheasa. Bíonn gach suim iníoctha trádála laistigh den chreat ama creidmheasa seo tráth dháta an tuairiscithe. Nuair a bhíonn an Chuideachta déanach ag íoc sonraisc, íoctar ús leis an soláthraí.

Tá teacht ag an nGrúpa ar shaoráidí maoinithe, agus b'fhiú €64.0m an méid iomlán neamhúsáidte ar dháta an Chláir Chomhardaithe (2015: €66.2m). Socraíodh an chuid is mó de na hiasachtaí neamhúsáidte sin chun go mbeadh dóthain áiseanna cúltaca ag an nGrúpa chun déileáil le híocaíochtaí sriantachta nach raibh foráil fúthu sa bhuiséad nó nach rabhthas ag súil leo. Tá súil ag an nGrúpa a gcuid oibleagáidí eile a chomhlíonadh ó shreafaí airgid oibriúcháin.

Sonraítear sa tábla seo a leanas aibíocht chonartha an Ghrúpa atá fágtha i dtaca lena gcuid dliteanas airgeadais neamhdhíorthach. Cuireadh an tábla i dtoll a chéile bunaithe ar shreafaí airgid neamhlascainithe na ndliteanas airgeadais bunaithe ar an dáta is luaithe ar féidir a chur de cheangal ar an nGrúpa iad a íoc. Áirítear idir ús agus phríomhshreafaí airgid sa tábla.

| | Níos lú ná 1 mhí € '000 | idir 1 agus 12 mhí € '000 | idir 1 agus 5 bliana € '000 | 5+ bliana € '000 | Grúpa Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | | |
| **An 30 MF 2016** | | | | | |
| Neamhúsmhara – suimeanna iníoctha trádála | 154,610 | - | - | - | 154,610 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | - | 31,307 | 125,193 | 364,860 | 521,360 |
| Iomlán | 154,610 | 31,307 | 125,193 | 364,860 | 675,970 |
| **An 30 MF 2015** | | | | | |
| Neamhúsmhara – suimeanna iníoctha trádála | 141,365 | - | - | - | 141,365 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | - | 31,301 | 125,185 | 395,961 | 552,447 |
| Iomlán | 141,365 | 31,301 | 125,185 | 395,961 | 693,812 |

| | Níos lú ná 1 mhí € '000 | idir 1 agus 12 mhí € '000 | idir 1 agus 5 bliana € '000 | 5+ bliana € '000 | Grúpa Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cuideachta** | | | | | |
| **An 30 MF 2016** | | | | | |
| Neamhúsmhara – suimeanna iníoctha trádála | 126,155 | - | - | - | 126,155 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | - | 18,822 | 75,118 | 260,384 | 354,324 |
| Iomlán | 126,155 | 18,822 | 75,118 | 260,384 | 480,479 |
| **An 30 MF 2015** | | | | | |
| Neamhúsmhara – suimeanna iníoctha trádála | 115,979 | - | - | - | 115,979 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | - | 18,827 | 75,184 | 279,140 | 373,151 |
| Iomlán | 115,979 | 18,827 | 75,184 | 279,140 | 489,130 |

Meastar go mbeidh na fálaithe sreafa airgid ann thar thréimhse 19 mbliana agus go mbeidh tionchar acu ar an ráiteas ioncaim. Níltear ag súil go dtarlóidh aon idirbhearta réamh-mheasta.

## 27. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

Is iad seo a leanas na méideanna a aithníodh agus a athrangaíodh ón gcúlchiste um fhálú sreabhaidh airgid:

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **30 MF 2016<br>€ '000** | 30 MF 2015<br>€ '000 | **30 MF 2016<br>€ '000** | 30 MF 2015<br>€ '000 |
| Caillteanais a tharla i rith na bliana | (34,848) | (17,206) | (25,931) | (12,631) |
| Athaicmithe chuig an ráiteas ioncaim (san áireamh sna costais airgeadais) | 14,201 | 14,085 | 9,438 | 9,232 |
| Malairt Eachtrach | - | (7) | - | - |
| Iomlán | (20,647) | (3,128) | (16,493) | (3,399) |

### Riosca Margaidh

### Bainistíocht riosca ráta úis

Bíonn an Grúpa agus an Chuideachta nochta do riosca ráta úis nuair a fhaigheann siad cistí ar iasacht ar rátaí comhlúthacha úis. Déanann an Grúpa an riosca sin a bhainistiú trí mheascán cuí a choinneáil d'iasachtaí ar ráta seasta agus ar ráta comhlúthacha trí leas a bhaint as conarthaí babhtála ráta úis.

Bhí na conarthaí babhtála ráta úis seo a leanas i bhfeidhm ag deireadh na bliana:

| Grúpa (dliteanas) | Meánráta úis | | Príomhshuim bharúlach | | na babhtála ráta Sócmhainn/ | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Díorthaigh atá ainmnithe agus atá éifeachtach mar ionstraimí fálaithe á n-iompar ar luach cóir, ag dul in éag in:** | **30 MF 2016<br>%** | 30 MF 2015<br>% | **30 MF 2016<br>€ '000** | 30 MF 2015<br>€ '000 | **30 MF 2016<br>€ '000** | 30 MF 2015<br>€ '000 |
| Níos lú ná bliain amháin | - | - | - | - | - | - |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | - | - | - | - | - | - |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | - | - | - | - | - | - |
| I gceann cúig bliana nó níos mó | 3.8% | 3.8% | 356,495 | 370,254 | (120,184) | (99,537) |
| Conarthaí malairte gníomhacha iomlána | 3.8% | 3.8% | 356,495 | 370,254 | (120,184) | (99,537) |

| Grúpa (dliteanas) | Meánráta úis | | Príomhshuim bharúlach | | na babhtála ráta Sócmhainn/ | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Díorthaigh atá ainmnithe agus atá éifeachtach mar ionstraimí fálaithe á n-iompar ar luach cóir, ag dul in éag in:** | **30 MF 2016<br>%** | 30 MF 2015<br>% | **30 MF 2016<br>€ '000** | 30 MF 2015<br>€ '000 | **30 MF 2016<br>€ '000** | 30 MF 2015<br>€ '000 |
| Níos lú ná bliain amháin | - | - | - | - | - | - |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | - | - | - | - | - | - |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | - | - | - | - | - | - |
| I gceann cúig bliana nó níos mó | 3.7% | 3.7% | 238,592 | 246,637 | (86,932) | (70,439) |
| Conarthaí malairte gníomhacha iomlána | 3.7% | 3.7% | 238,592 | 246,637 | (86,932) | (70,439) |

## 27. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

Faoi chonarthaí malairte ráta úis, comhaontaíonn an Grúpa agus an Chuideachta an difríocht a mhalartú idir suimeanna ar rátaí seasta úis agus suimeanna ar rátaí comhlúthacha úis a ríomhtar ar méideanna barúlacha na príomhshuime comhaontaithe. Cuireann a leithéid de chonarthaí ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta an riosca a mhaolú a ghabhann le neamhchosaint sreafa airgid ar ús ráta athraithigh a eisíodh ar iasachtaí.

Socraítear babhtálacha ráta úis an Ghrúpa agus na Cuideachta ar bhonn tréimhsiúil agus athshocraítear na rátaí comhlúthacha le linn tréimhse atá idir trí agus sé mhí ar fad. Déanfaidh an Grúpa agus an Chuideachta an difríocht idir an ráta seasta agus an ráta comhlúthach a íoc nó a fháil de réir ghlanbhoinn.

Sainítear gach conradh babhtála ráta úis a mhalartaíonn méideanna de ráta comhlúthach úis le méideanna de ráta seasta úis mar fhálú sreafa airgid d'fhonn nochtadh sreafa airgid an Ghrúpa agus na Cuideachta, a eascraíonn ó rátaí athraitheacha úis ar iasachtaí, a laghdú. Tarlaíonn na glansocruithe faoi na babhtálacha ráta úis agus na híocaíochtaí úis ar na hiasachtaí ag an am céanna. Aithnítear an méid iarchurtha i gcothromas i mbrabús nó i gcaillteanas thar an tréimhse sin ina mbíonn tionchar ag na híocaíochtaí úis ar fhiach ó thaobh brabúis nó caillteanais.

### Anailís íogaireachta ar ráta úis

Dearbhaíodh na hanailísí íogaireachta thíos bunaithe ar an neamhchosaint iomlán ar rátaí úis i leith iasachtaí agus ionstraimí díorthacha ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Úsáidtear méadú nó laghdú 50 bonnphointe nuair a bhíonn riosca ráta úis á thuairisciú agus léiríonn sé sin mheasúnú an lucht bainistíochta ar na hathruithe réasúnta féideartha ar rátaí úis.

Dá mbeadh na rátaí úis atá ann faoi láthair agus rátaí ar aghaidh 50 bonnphointe níos airde/níos ísle (2015: 50) agus dá bhfanfadh gach athraitheach eile seasmhach:

- Bheadh tionchar €nialas (2015: €nialas) ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair, 2016; agus
- Bheadh tionchar €19.2m/(€21.0m) (2015: €23.9m/(€21.0m)) ar chúlchistí cothromais eile, agus tharlódh sé sin den chuid is mó de bharr athruithe ar luach cóir a bhfáluithe sreafa airgid.

Dá mbeadh na rátaí úis atá ann faoi láthair agus rátaí ar aghaidh 50 bonnphointe níos airde/níos ísle (2015: 50) agus dá bhfanfadh gach athraitheach eile seasmhach:

- Bheadh tionchar €nialas (2015: €nialas) ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair, 2016; agus
- Bheadh tionchar €14.3m/(€15.7m) (2015: €14.0m/(€15.4m)), ar chúlchistí cothromais eile, agus tharlódh sé sin den chuid is mó de bharr athruithe ar luach cóir a bhfáluithe sreafa airgid.

### Bainistíocht riosca maidir le malairt airgeadra eachtraigh

Tá an Grúpa nochta do riosca airgeadra eachtraigh trí oibríochtaí a dhá fhochuideachta a ionchorpraíodh i dTuaisceart Éireann, a bhfuil airgeadra feidhmiúil Steirling acu agus trí chaiteachas caipitiúil i Steirling. Maolaítear cuid den riosca a eascraíonn ó fhochuideachtaí a bhfuil airgeadraí feidhmiúla Steirling acu de bharr ainmniú bunús an ioncaim agus an caiteachais ó oibríochtaí na Ríochta Aontaithe i Steirling. Rinne an Grúpa iarracht an neamhchosaint a laghdú a thuilleadh trí oibríochtaí i dTuaisceart Éireann a mhaoiniú trí iasachtaí Steirling.

### Anailís íogaireachta ar mhalairt airgeadra eachtraigh

Dearbhaíodh na hanailísí íogaireachta thíos bunaithe ar neamhchosaint an Ghrúpa ar a gcuid oibríochtaí i Steirling mar a bhí ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Thaifid cuid TSO SONI caillteanas oibriúcháin €9.0m le linn na bliana go dtí 30 Meán Fómhair, 2016 (2015: brabús €5.1m). Úsáideadh méadú nó laghdú 20% agus riosca malairte airgeadra eachtraigh á léiriú agus léiríonn sé sin measúnú an lucht bainistíochta ar na hathruithe réasúnta féideartha ar rátaí malairte.

Dá mbeadh rátaí malairte 20% níos airde/níos ísle agus dá gcoinneofaí gach athraitheach eile seasmhach, bheadh tionchar €6.0m (2015: €6.1m) ar bhrabús an Ghrúpa roimh cháin don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair, 2016. Bheadh tionchar €2.8m (2015: €0.6m) ar chúlchistí cothromais.

## 28. Idirbhearta le Páirtithe Bainteacha

### Grúpa

Eagraíocht leathstáit tráchtála Éireannach is ea EirGrid cpt, agus mar sin is páirtí gaolmhar de chuid Rialtas na hÉireann é. Tá sciar amháin an duine ag John O'Connor, Fintan Slye agus Tom Finn i scairchaipiteal na Cuideachta thar ceann an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá gnáthscair amháin sa Chuideachta ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil agus tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nó thar a cheann. Nuair a ceapadh Tom Finn mar Rúnaí na Comhlachta, aistríodh chuige an scairsheilbh a bhí roimhe sin ag Niamh Cahill (Iar-Rúnaí an Chomhlachta).

Ní raibh leas tairbhiúil ag comhaltaí an Bhoird sa Ghrúpa uair ar bith i rith na bliana.

Faoi mar a tharlaíonn i gcás go leor aonán eile, bíonn an Grúpa ag déileáil sa ghnáthchúrsa gnó le comhlachtaí mar ESB atá urraithe ag an rialtas.

Tá Comhaontú Bonneagair i bhfeidhm ag an nGrúpa agus ESB faoi choimirce an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh (CER), i dtaca le feidhmeanna úinéara agus oibreora an chórais tarchurtha. Is mar seo a leanas a bhí na muirir ar na Ráitis Chomhdhlúite Ioncaim agus ar Ráiteas Ioncaim na Cuideachta faoin gComhaontú sin:

| | Bhliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bhliain go dtí 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Muirear úinéir na sócmhainní tarchurtha | 210,352 | 202,353 |

Amhail an 30 Meán Fómhair 2016 bhí €39.2m (2015: €37.4m) san iomlán iníoctha le ESB faoin gComhaontú seo.
Is mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht san iarmhéid sin:

| | 30 MF 2016 € '000 | 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 37,363 | 37,447 |
| Muirir i rith na bliana | 210,352 | 202,353 |
| Íocaíochtaí a rinneadh i rith na bliana | (208,546) | (202,437) |
| Iarmhéid deiridh | 39,169 | 37,363 |

Iarmhéid neamhurraithe is ea an iarmhéid gan íoc seo agus is féidir é a íoc in airgead tirim agus ina chomhluacha in airgead tirim.

## 28. Idirbhearta le Páirtithe Bainteacha (ar lean)

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair an phríomhlucht bainistíochta (iad siúd a bhfuil údarás agus freagracht orthu as pleanáil, as stiúradh agus as rialú ghníomhaíochtaí an Ghrúpa) le linn na bliana:

| | Bhliain go dtí 30 MF 2016 € '000 | Bhliain go dtí 30 MF 2015 € '000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha | 188 | 188 |
| Sochair iarfhostaíochta | 29 | 29 |
| Iomlán | 217 | 217 |

### Cuideachta

Léirítear thíos na hidirbhearta idir an Chuideachta agus na páirtithe gaolmhara mar aon leis na hiarmhéideanna atá gan íoc:

| Bliain go 30 Meán Fómhair, 2016 | Ús infhaighte €'000 | Muirir faighte ó pháirtí gaolmhar €'000 | Suimeanna dlite ag páirtí gaolmhar €'000 |
|---|---|---|---|
| SONI Limited | 166 | 18,765 | 11,466 |
| EirGrid Interconnector CGA | - | - | 148,230 |
| EirGrid UK Holdings Limited | 194 | 10 | 22,071 |
| EirGrid Telecoms CGA | - | - | 1,350 |
| | 360 | 18,775 | 183,117 |

| Bhliain 30 Meán Fómhair 2015 | Ús infhaighte €'000 | Muirir faighte ó pháirtí gaolmhar €'000 | Suimeanna dlite ag páirtí gaolmhar €'000 |
|---|---|---|---|
| SONI Limited | 352 | 13,131 | 5,710 |
| EirGrid Interconnector CGA | - | - | 145,288 |
| EirGrid UK Holdings Limited | 594 | 16 | 13,578 |
| EirGrid Telecoms CGA | - | - | 1,439 |
| | 946 | 13,147 | 166,015 |

## 28. Idirbhearta le Páirtithe Bainteacha (ar lean)

Amhail an 30 Meán Fómhair, 2016 bhí €183.2m (2015: €166.0m) dlite don Chuideachta óna fochuideachtaí.

Thug an Chuideachta airleachain ar fiú €31.7m (2015: €31.7m) iad san iomlán do EirGrid Interconnector CGA mar aon le fiachas iomlán €285.0m (2015: €285.0m) a bhí curtha ar aghaidh mar iasacht. Measann an lucht Bainistíochta go ndéanfar an fiach saor ó ús a aisíoc de réir sceidil a thiocfaidh le téarmaí an fhéich ar iasacht. De réir théarmaí an fhéich idirchuideachta atá saor ó ús ní féidir an fiach idirchuideachta a aisíoc go dtí go n-aisíocfar an maoiniú tráchtála.

D'aithin an Chuideachta infheistiú €155.5m (2015: €155.5m) in EirGrid Interconnector CGA agus €0.2m (2015: €0.2m) in EirGrid Telecoms CGA, a léiríonn meastachán ar luach reatha rátaí tráchtála an úis atá ligthe ar ceal ag an gCuideachta thar shaolré na n-iasachtaí (nóta 13). Measann an lucht Bainistíochta go ndéanfar an fiach saor ó ús a aisíoc de réir sceidil a thiocfaidh le téarmaí an fhéich ar iasacht.

Thar shaolré na n-iasachtaí ús sin gearrfar ús barúlach ar EirGrid Interconnector CGA chun go léireoidh na hiarmhéideanna faoi dháta na haisíocaíochta na suimeanna a tugadh ar iasacht ar dtús. I rith na bliana airgeadais aismhuirearaíodh €7.8m (2015: €7.8m) faoin socrú sin.

Tá gach iasacht ag fochuideachta faoi ráthaíocht EirGrid cpt trí struchtúr trasráthaíochta. D'eisigh an Chuideachta litreacha tacaíochta dá fochuideachtaí EirGrid UK Holdings Limited, EirGrid Telecoms CGA, agus do EirGrid Interconnector CGA.

Thug EirGrid cpt Gnóthas Máthairchuideachta do SONI Limited ar fiú £10 milliún (2015: £10m) é.

Tá conradh déanta ag an gCuideachta le fochuideachta eile de chuid an Ghrúpa, EirGrid Interconnector CGA, le ceadúnas a sholáthar do sócmhainn an Idirnascaire Thoir-Thiar.

## 29. Teagmhais i ndiaidh an Chláir Chomhardaithe

Ar an 21 de mhí na Nollag 2016, thug an Bord Pleanála cead pleanála, faoi réir coinníollacha áirithe, do chuid na hÉireann den Idirnascaire Thuaidh-Theas. Tá an Grúpa ag déanamh measúnaithe ar an gcinneadh.

## 30. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 21 Nollaig 2016.

EIRGRID GROUP

The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath
D04 FW28 • Teileafón: 01 677 1700 • www.eirgrid.com

*Priontáilte ar pháipéar athchúrsáilte - athchúrsáil le do thoil*